AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
COM(2020) 595 final

2020/0266 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2020) 307 final} - {SWD(2020) 198 final} - {SWD(2020) 199 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Is cuid den phacáiste Airgeadais Dhigitigh é an togra seo, pacáiste beart chun acmhainn an airgeadais dhigitigh a chumasú agus chun tacú a thuilleadh leis i dtéarmaí nuálaíochta agus iomaíochta agus na rioscaí a eascraíonn as a mhaolú ag an am céanna. Tá sé i gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin chun an Eoraip a oiriúnú don ré dhigiteach agus geilleagar atá réidh don todhchaí a thógáil a oibríonn do na daoine. Áirítear leis an bpacáiste airgeadais dhigitigh Straitéis nua maidir le hairgeadas digiteach d'earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh[1] agus é mar aidhm leis a áirithiú go bhfáiltíonn an tAontas Eorpach roimh an réabhlóid dhigiteach agus go spreagann sé í le gnóthais nuálacha as an Eoraip atá chun tosaigh, rud a chuirfidh tairbhí an airgeadais dhigitigh ar fáil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Anuas ar an togra seo, áirítear fós leis an bpacáiste féin togra le haghaidh rialacháin maidir le margaí i gcriptea- shócmhainní[2], togra le haghaidh rialacháin maidir le córas trialach i ndáil le bonneagar margaidh den teicneolaíocht na mórleabhar dáilte (DLT)[3], agus togra le haghaidh treoir chun rialacha áirithe a bhaineann le seirbhísí airgeadais an Aontais a shoiléiriú nó a leasú[4]. Is mar a chéile an digitiú agus an athléimneacht oibríochtúil san earnáil airgeadais. Eascraíonn deiseanna agus rioscaí araon as Teicneolaíochtaí Digiteacha nó Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Ní mór iad sin a thuiscint agus a bhainistiú go maith, go háirithe tráth a bhíonn strus ann.

Dá bhrí sin, dhírigh lucht déanta na mbeartas mar aon leis na maoirseoirí níos mó ar rioscaí a eascraíonn as a bheith ag brath ar TFC. Go háirithe, rinne siad iarracht athléimneacht gnólachtaí a fheabhsú trí chaighdeáin a leagan síos agus trí chomhordú na hoibre rialála nó maoirseachta. Is ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon a rinneadh an obair sin, sin agus i dtionscail agus le haghaidh roinnt earnálacha sonracha lena n- áirítear seirbhís airgeadais.

Mar sin féin, cuireann rioscaí TFC dúshlán roimh an athléimneacht oibríochtúil, mar aon le feidhmíocht agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh. An t- athchóiriú a cuireadh i bhfeidhm tar éis na géarchéime airgeadais in 2008, is é athléimneacht airgeadais[5] earnáil airgeadais an Aontais a neartaíodh leis go príomha, agus níor tugadh aghaidh ann ar rioscaí TFC ach ar bhealach indíreach i réimsí áirithe, mar chuid de na bearta chun dul i ngleic le rioscaí oibriúcháin ar bhonn níos leithne.

Cé gur cuireadh Leabhar Rialacha Aonair i bhfeidhm mar thoradh ar na hathruithe iar- ghéarchéime ar reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais lena rialaítear codanna móra de na riosca airgeadais a bhaineann le seirbhísí airgeadais, ní dheachaigh na hathruithe sin i

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Banc Ceannais Eorpach, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún i dtaca le Straitéis maidir le hAirgeadas Digiteach don Aontas Eorpach, 23 Meán Fómhair 2020, COM(2020)591.

2 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gCriptea- shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM(2020) 593.

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas trialach le haghaidh bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht na mórleabhar dáilte, COM(2020)594.

4 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2009/65/CE, 2009/138/AE, 2011/61/AE, AE/2013/36, 2014/65/AE, (AE) 2015/2366 agus AE/2016/2341, COM(2020) 596.

5 Ba é an aidhm bhunúsach a bhí leis na bearta éagsúla a glacadh cur le hacmhainní caipitil agus leachtacht eintiteas airgeadais, mar aon le rioscaí margaidh agus creidmheasa a laghdú.

ngleic go hiomlán leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil. Bhí de shaintréithe ag na bearta a glacadh i ndáil leis an gceann deiridh sin gnéithe áirithe a chuir srian lena gcuid éifeachtachta. Mar shampla, ba mhinic a ceapadh iad mar threoracha maidir le comhchuibhiú íosta nó rialacháin bunaithe ar phrionsabail, rud a d'fhág go raibh deis mhaith ann cuir chuige dhibhéirseacha a chur i bhfeidhm ar fud an Mhargaidh Aonair. Ina theannta sin, níor díríodh ar rioscaí TFC ach ar bhealach teoranta nó neamhiomlán i gcomhthéacs raon an riosca oibríochtúil. Ar deireadh, ní hionann na bearta sin ar fud reachtaíocht seirbhísí airgeadais na hearnála. Dá bhrí sin, an idirghabháil ar leibhéal an Aontais, ní rud é a bhí ag teacht go hiomlán lena raibh de dhíth ar eintitis airgeadais Eorpacha chun rioscaí oibriúcháin a bhainistiú ar bhealach ina ndéanfaí tionchair na dteagmhas TFC a sheasamh, a fhreagairt agus athshlánú uathu. Níor sholáthraigh an idirghabháil ach an oiread na huirlisí ab iomchuí do mhaoirseoirí airgeadais lena sainordú a chomhlíonadh chun éagobhsaíocht airgeadais a chosc, éagobhsaíocht a tharlaíonn má thagann ann do na rioscaí TFC sin.

Ní ann do rialacha mionsonraithe agus cuimsitheacha maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil ar leibhéal an Aontais agus, mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar thionscnaimh rialála náisiúnta (e.g. maidir le tástáil ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil) agus ar an gcur chuige sa mhaoirseacht (e.g. dul i ngleic le spleáchais TFC ar thríú páirtí). Mar sin féin, mar gheall gur rioscaí trasteorann atá sa TFC, ní bhíonn ach éifeacht theoranta ag gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát. Thairis sin, tá mar thoradh ar na tionscnaimh náisiúnta gan chomhordú forluití, neamhréireachtaí, ceanglais dhúblacha, costais arda riaracháin agus chomhlíonta – go háirithe d'eintitis airgeadais trasteorann – nó rioscaí TFC nach mbraitear agus nach dtéitear i ngleic leo dá bhrí sin. Mar thoradh ar an staid sin, déantar an margadh aonair a scoilteadh, déantar dochar do chobhsaíocht agus do shláine earnáil airgeadais an Aontais, agus cuirtear cosaint na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí i gcontúirt.

Is gá, dá bhrí sin, creat mionsonraithe cuimsitheach a chur i bhfeidhm maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil d'eintitis airgeadais an Aontais. Neartófar leis an gcreat sin an ghné bainistíochta riosca dhigitigh den Leabhar Rialacha Aonair. Go háirithe, déanfar leis an gcreat sin stiúradh bainistíochta riosca TFC na n- eintiteas airgeadais a fheabhsú agus a chuíchóiriú, bunófar tástáil chuimsitheach ar chórais TFC, méadófar feasacht maoirseoirí ar chibir- rioscaí agus ar theagmhais a bhaineann le TFC a bhíonn le sárú ag eintitis airgeadais, agus, ina theannta sin, tabharfar isteach cumhachtaí do mhaoirseoirí airgeadais chun formhaoirseacht a dhéanamh ar rioscaí ag eascairt as eintitis airgeadais a bheith ag brath ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí. Cruthófar leis an togra seo sásra comhsheasmhach tuairiscithe teagmhas lena gcuideofar le hualaí riaracháin a mhaolú d'eintitis airgeadais agus lena neartófar an mhaoirseacht éifeachtach.

- Comhsheasmhacht le forálacha atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra seo ina chuid d'obair níos forleithne atá ar siúl ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun an chibearshlándáil i seirbhísí airgeadais a neartú agus chun dul i ngleic le rioscaí oibriúcháin níos leithne[6].

Freagraíonn sé freisin do Chomhchomhairle theicniúil 2019[7] ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) inar éilíodh cur chuige níos comhleanúnaí chun dul i ngleic le rioscaí TFC san airgeadas agus inar moladh don Choimisiún athléimneacht oibríochta digití an

[6] Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, *Cyber- resilience: Réimse cleachtas*, Nollaig 2018 agus *Prionsabail na dea-bhainistíochta ar rioscaí oibríochtúla (PSMOR)*, Deireadh Fómhair 2014.

[7] Comhchomhairle ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chuig an gCoimisiún Eorpach maidir leis an ngá le feabhsuithe reachtacha a bhaineann le ceanglais bainistíochta rioscaí TFC in earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh, JC 2019 26 (2019).

tionscail seirbhísí airgeadais a neartú, ar bhealach comhréireach, trí thionscnamh AE a bhainfeadh go sonrach leis an earnáil. Freagairt ar Phlean Gníomhaíochta Fintech de chuid an Choimisiúin in 2018 a bhí sa chomhairle ó na hÚdaráis[8].

- Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Mar a luaigh an tUachtarán von der Leyen ina Treoirlínte Polaitiúla[9], agus mar a leagtar amach sa Teachtaireacht 'Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú',[10] tá sé ríthábhachtach don Eoraip leas a bhaint na tairbhí go léir a bhaineann leis an ré dhigiteach agus a cáil thionsclaíoch agus nuálaíochta a neartú laistigh de theorainneacha sábháilte agus eiticiúla. Leagtar amach ceithre cholún sa straitéis Eorpach um shonraí[11] – cosaint sonraí, cearta bunúsacha, an tsábháilteacht, agus an chibearshlándáil – mar réamhriachtanais fhíor- riachtanacha do shochaí atá cumhachtaithe ag an úsáid sonraí. Le gairid anuas, tá Parlaimint na hEorpa ag obair ar thuarascáil ar an airgeadas digiteach ina n- éilítear inter alia cur chuige comhchoiteann maidir le cibear- athléimneacht na hearnála airgeadais[12]. Tá creat reachtach lena neartaítear athléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintitis airgeadais an Aontais Eorpaigh ag teacht leis na cuspóirí beartais sin. Ina theannta sin, thacódh an togra le beartais a bhfuil mar aidhm leo athshlánú ón gcoróinvíreas, mar áiritheofar leis go mbeidh dlúthbhaint idir spleáchas níos mó ar an airgeadas digiteach agus an athléimneacht oibríochtúil.

Leis an tionscnamh seo, coinneofar ar bun na tairbhí a ghabhann leis an gcreat cothrománach maidir leis an gcibearshlándáil (e.g. an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise, an Treoir maidir le Cibearshlándáil) tríd an earnáil airgeadais a choinneáil laistigh dá raon feidhme. Bheadh dlúthbhaint i gcónaí idir an earnáil airgeadais agus an comhlacht comhair um shlándáil gréasán agus faisnéise agus d'fhéadfadh maoirseoirí airgeadais faisnéis ábhartha a mhalartú laistigh den éiceachóras um shlándáil gréasáin agus faisnéise atá ann cheana. Bheadh an tionscnamh comhsheasmhach leis an Treoir maidir le Bonneagar Criticiúil Eorpach, ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair chun feabhas a chur ar chosaint agus ar athléimneacht bonneagar criticiúil in aghaidh bagairtí nach mbaineann leis an gcibearshlándáil. Ar deireadh, tá an togra seo go hiomlán i gcomhréir leis an Straitéis maidir le hAontas Slándála[13] inar éilíodh tionscnamh maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais mar gheall ar a spleáchas ard ar sheirbhísí TFC agus ar a leochaileacht ard i leith cibirionsaithe.

---

8 An Coimisiún Eorpach, *Plean Gníomhaíochta Fintech*, COM/2018/0109 final.

9 An tUachtarán Ursula von der Leyen, Treoirlínte don Chéad Choimisiún Eorpach eile, 2019- 2024, https://ec.europa.eu/commission/sites/beta- political/files/political- guidelines- next- commission_en.pdf.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú*, COM(2020) 67 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Straitéis Eorpach maidir le sonraí*, COM(2020) 66 final.

12 Tuarascáil gona moltaí don Choimisiún um Airgeadas Digiteach: rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcriptea- shócmhainní – dúshláin rialála agus maoirseachta i réimse seirbhísí, institiúidí agus margaí airgeadais (2020/2034(INL)), https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?reference=2020/2034(INL)&l=en

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hAontas Slándála, COM(2020) 605 final.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- Bunús dlí

Is é Airteagal 114 CFAE atá mar bhunús leis an togra le haghaidh rialacháin.

Baineann sé bacainní ar bhunú agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí airgeadais, agus cuireann sé feabhas ar bhunú agus ar fheidhmiú an mhargaidh sin, trí na rialacha is infheidhme a chomhchuibhiú i réimse na bainistíochta rioscaí TFC, an tuairiscithe, na tástála, agus rioscaí TFC tríú páirtí. Bíonn éagothromaíochtaí sa réimse seo, ar an leibhéal reachtaíochta agus maoirseachta araon, agus ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon, ina mbacainní ar an margadh aonair i seirbhísí airgeadais mar bíonn ceanglais rialála nó ionchais mhaoirseachta éagsúla, nuair nach ceanglais nó ionchais fhorluiteacha iad, ar eintitis airgeadais a ghabhann do ghníomhaíochtaí trasteorann agus d'fhéadfadh na ceanglais nó na hionchais sin bac a chur ar fheidhmiú a gceart bunaíochta agus a gceart seirbhísí a sholáthar. Bíonn saobhadh ar an iomaíocht idir an cineál céanna eintiteas airgeadais i mBallstáit éagsúla ina thoradh ar rialacha éagsúla freisin. Thairis sin, i réimsí nach bhfuil comhchuibhiú iontu nó nach bhfuil ach comhchuibhiú páirteach nó teoranta ann, d'fhéadfadh forbairt rialacha éagsúla nó cur chuige éagsúil náisiúnta, atá i bhfeidhm cheana féin nó atá á nglacadh agus á gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, a bheith ina mbac ar na cearta margaidh aonair do sheirbhísí airgeadais. Is amhlaidh an cás go háirithe maidir le creataí tástála oibriúcháin dhigitigh agus le formhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla.

Ó tharla go dtéann an togra i gcion ar roinnt Treoracha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a glacadh ar bhonn Airteagal 53(1) CFAE, glactar togra le haghaidh Treorach ag an am céanna chun na leasuithe riachtanacha ar na Treoracha sin a léiriú.

- Coimhdeacht

Éilítear le méid ard idirnasctha i measc seirbhísí airgeadais, gníomhaíocht trasteorann nach beag na n- eintiteas airgeadais agus spleáchas fairsing na hearnála airgeadais ar an iomlán ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, go ndéanfaí athléimneacht dhigiteach oibríochtúil láidir a chumasú mar ábhar leasa choitinn chun fóntacht mhargaí airgeadais an Aontais Eorpaigh a chaomhnú. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir dul i ngleic le héagothromaíochtaí is toradh ar chórais atá míchothrom nó claonta, forluití nó ceanglais iolracha a bhfuil feidhm acu maidir leis na heintitis airgeadais chéanna atá ag feidhmiú ar bhonn trasteorann nó ag a bhfuil roinnt údaruithe[14] ar fud an Mhargaidh Aonair.

Leis an togra seo, comhchuibhítear an ghné oibriúcháin dhigitigh d'earnáil atá an- chomhtháite agus an- idirnasctha a bhaineann tairbhe cheana féin as sraith aonair rialacha agus maoirseacht i bhformhór na bpríomhréimsí eile. I gcás ábhar amhail tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC, ní fhéadfadh ach rialacha comhchuibhithe an Aontais laghdú a dhéanamh ar an leibhéal ualaí riaracháin agus costas airgeadais a bhaineann leis an teagmhas céanna a bhaineann le TFC a thuairisciú d'údaráis éagsúla an Aontais agus d'údaráis náisiúnta éagsúla. Tá gá le gníomhaíocht AE freisin chun aitheantas frithpháirteach do thorthaí ó ardtástáil athléimneachta digití oibríochtúla a éascú i gcás eintitis a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn trasteorann atá nó a d'fhéadfadh a bheith, gan rialacha a bheith i bhfeidhm san Aontas, faoi

[14] D'fhéadfadh ceadúnas mar bhanc, mar ghnólacht infheistíochta, agus mar institiúid íocaíochta a bheith ag an eintiteas airgeadais céanna, agus d'fhéadfadh maoirseoir éagsúil i mBallstát amháin nó i mBallstáit éagsúla gach ceadúnas a eisiúint.

réir creataí éagsúla i mBallstáit éagsúla. Is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin is féidir dul i ngleic le héagsúlachtaí sna cuir chuige thástála ar thug na Ballstáit isteach iad. Tá gá freisin le gníomhaíocht ar fud an Aontais chun dul i ngleic leis an easpa cumhachtaí formhaoirseachta iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, lena n- áirítear rioscaí maidir le comhchruinniú agus tógálacht d'earnáil airgeadais an Aontais.

- Comhréireacht

Ní théann na rialacha beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an togra a bhaint amach. Ní chumhdaítear iontu ach amháin na gnéithe nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach as a stuaim féin agus i gcás ina bhfuil an t- ualach riaracháin agus na costais riaracháin i gcomhréir leis na cuspóirí sonracha agus na cuspóirí ginearálta atá le baint amach.

Ceaptar an chomhréireacht i dtéarmaí raon feidhme agus déine trí úsáid a bhaint as critéir mheasúnaithe cháilíochtúla agus chainníochtúla. Tá sé mar aidhm leo a áirithiú, fad a chuimseofar gach eintiteas airgeadais leis na rialacha nua, go mbeidh na rialacha sin in oiriúint an tráth céanna do rioscaí agus do riachtanais a saintréithe sonracha i dtéarmaí a méide agus a bpróifílí gnó. Leabaítear an chomhréireacht freisin sna rialacha maidir le bainistíocht riosca TFC, tástáil ar athléimneacht dhigiteach, tuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC, agus formhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla.

- An rogha ionstraime

Ní mór na bearta atá riachtanach chun bainistíocht riosca TFC, tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC, tástáil agus formhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chuimsiú i Rialachán chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais mhionsonraithe infheidhme go héifeachtach agus go díreach ar bhealach aonfhoirmeach, gan dochar don chomhréireacht ná do rialacha sonracha a ndéantar foráil dóibh sa Rialachán sin. Cuirtear feabhas ar an muinín sa chóras airgeadais agus caomhnaítear a chobhsaíocht mar thoradh ar chomhsheasmhacht maidir le dul i ngleic le rioscaí oibríochta digití. Ó tharla go gcuidítear leis an gcastacht rialála a laghdú, go gcothaítear an cóineasú maoirseachta agus go gcuirtear leis an deimhneacht dhlíthiúil mar thoradh ar úsáid rialacháin, cuireann an Rialachán seo freisin le teorainn a chur le costais chomhlíonta na n- eintiteas airgeadais, go háirithe i gcás na n- eintiteas sin a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann, rud a chuideodh le saobhadh iomaíoch a bhaint dá réir.

Ina theannta sin, cuireann an Rialachán seo deireadh le héagothromaíochtaí reachtacha agus le cuir chuige mhíchothroma rialála nó mhaoirseachta náisiúnta i leith riosca TFC agus ar an gcaoi sin cuireann sé deireadh le bacainní ar an margadh aonair i seirbhísí airgeadais, go háirithe ar fheidhmiú rianúil an chirt bunaíochta agus an chirt seirbhísí a sholáthar d'eintitis airgeadais a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann.

Ar deireadh, is le rialacháin a forbraíodh an Leabhar Rialacha Aonair den chuid is mó, agus ba cheart cloí leis an rogha chéanna ionstraime dlí lena thabhairt cothrom le dáta leis an ngné athléimneachta digití oibríochtúla.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Níor díríodh in aon reachtaíocht seirbhísí airgeadais de chuid an Aontais go dtí seo ar an athléimneacht oibríochtúil agus ní dheachthas i ngleic go cuimsitheach i reachtaíocht ar bith le rioscaí a eascraíonn as an digitiú, fiú amháin sa reachtaíocht sin ina dtéann a rialacha i ngleic ar bhealach níos ginearálta leis an ngné riosca oibriúcháin mar aon leis an riosca TFC mar fho- ghné. Chuidigh idirghabháil an Aontais go dtí seo le dul i ngleic le riachtanais agus le fadhbanna a bhí ann tar éis na géarchéime airgeadais in 2008: ní raibh caipiteal leordhóthanach ag institiúidí creidmheasa, ní raibh margaí airgeadais comhtháite a ndóthain, agus ní dhearnadh ach comhchuibhiú íosta go dtí sin. Níor tugadh tosaíocht do rioscaí TFC an tráth sin agus, mar thoradh air sin, is ar bhealach neamhchomhordaithe a forbraíodh na creataí dlíthiúla do na fo- earnálacha airgeadais éagsúla. Mar sin féin, tá a cuspóirí curtha i gcrích ag gníomhaíocht an Aontais maidir leis an gcobhsaíocht airgeadais a áirithiú agus sraith aonair rialacha stuamachta agus iompraíochta sa mhargadh a leagan síos is infheidhme maidir le heintitis airgeadais ar fud an Aontais Eorpaigh. Ós rud é nár cumasaíodh leis na tosca a spreag idirghabháil reachtaíochta an Aontais roimhe seo rialacha sonracha ná cuimsitheacha chun dul i ngleic le húsáid fhorleathan teicneolaíochtaí digiteacha agus leis na rioscaí airgeadais atá ann dá réir sin, dealraíonn sé go mbeidh sé dúshlánach meastóireacht shainráite a dhéanamh. Léirítear meastóireacht intuigthe agus leasuithe reachtaíochta tar a héis sin i ngach colún den Rialachán seo.

- Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar feadh an phróisis a bhain leis an togra seo a ullmhú, go háirithe:

i) Chuir an Coimisiún comhairliúchán poiblí oscailte tiomnaithe i gcrích (19 Nollaig 2019 – 19 Márta 2020)[15];

ii) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpobal trí mheasúnú ar thionchar tionscanta (19 Nollaig 2019 – 16 Eanáir 2020)[16];

iii) Chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le saineolaithe as na Ballstáit sa Sainghrúpa maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas ar dhá ócáid (an 18 Bealtaine 2020 agus an 16 Iúil 2020)[17];

iv) Bhí seimineár gréasáin tiomnaithe ag seirbhísí an Choimisiúin maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil, mar chuid den tsraith imeachtaí For- Rochtain Airgeadais Dhigitigh 2020 (an 19 Bealtaine 2020).

Ba é an aidhm a bhí leis an gcomhairliúchán poiblí an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le creat ionchais trasearnála de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil sa réimse seirbhísí airgeadais. Bhí tacaíocht fhorleathan sna freagraí do chreat tiomnaithe a thabhairt isteach ina mbeidh gníomhaíochtaí dírithe ar na ceithre réimse atá faoi réir an chomhairliúcháin, agus leagadh béim freisin ar an ngá atá ann an chomhréireacht a

15 https://ec.europa.eu/info/law/better- regulation/have- your- say/initiatives/12090- Digital- Operational-Resilience-of- Financial- Services- DORFS- Act-/public-consultation

16 https://ec.europa.eu/info/law/better- regulation/have- your- say/initiatives/12090- Digital- Operational-Resilience-of-Financial-Services-DORFS-Act-

17 https://ec.europa.eu/info/business- economy- euro/banking- and- finance/regulatory- process-financial-services/expert- groups- comitology- and- other- committees/expert- group- banking- payments- and- insurance_en

áirithiú agus chun dul i ngleic go cúramach leis an idirghníomhú le rialacha cothrománacha na Treorach maidir le Cibearshlándáil agus chun an t- idirghníomhú sin a mhíniú. Fuair an Coimisiún dhá fhreagra maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta inar thug na freagróirí aghaidh ar ghnéithe sonracha a bhaineann lena réimse gníomhaíochta féin.

Ag cruinniú an tSainghrúpa maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas a reáchtáladh an 18 Bealtaine 2020, léirigh na Ballstáit ardtacaíocht d'athléimneacht dhigiteach oibríochtúil na hearnála airgeadais a neartú trí na gníomhaíochtaí beartaithe de réir na gceithre ghné atá leagtha amach ag an gCoimisiún. Leag na Ballstáit béim freisin ar an ngá atá leis na rialacha nua a léiriú go soiléir leo siúd a bhaineann le riosca oibriúcháin (laistigh de reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais Eorpaigh) agus leis na rialacha cothrománacha maidir leis an gcibearshlándáil (an Treoir maidir le Cibearshlándáil). Ag an dara cruinniú, chuir roinnt Ballstát béim ar an ngá atá ann an chomhréireacht a áirithiú agus cás sonrach cuideachtaí beaga nó fochuideachtaí de ghrúpaí níos mó a chur san áireamh, mar aon leis an ngá atá le sainordú láidir do na hÚdaráis Chomhordúcháin Náisiúnta a bheidh páirteach san fhormhaoirseacht.

Tógann an togra freisin ar an aiseolas ó chruinnithe le páirtithe leasmhara agus le húdaráis agus le hinstitiúidí an Aontais agus comhtháthaítear an t- aiseolas sin. Tá páirtithe leasmhara, lena n- áirítear soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, tacúil ar an mórgóir. Léirítear in anailís ar an aiseolas a fuarthas go bhfuiltear ag éileamh go gcaomhnófar an chomhréireacht agus go leanfar cur chuige bunaithe ar phrionsabail agus ar rioscaí agus na rialacha á gceapadh. Ar thaobh na n- institiúidí de, is ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE), agus ó údaráis inniúla na mBallstát, is mó a fuarthas aiseolas.

- Bailiú agus úsáid saineolais

Agus an togra seo á ullmhú aige, bhí an Coimisiún ag brath ar fhianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil a bailíodh ó fhoinsí aitheanta, lena n- áirítear an dá chomhchomhairle theicniúla le ÚMEnna. Comhlánaíodh an obair sin le hionchur faoi rún, agus le tuarascálacha a bhí ar fáil go poiblí ó údaráis mhaoirseachta, ó chomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann caighdeáin síos agus ó phríomhinstitiúidí taighde, chomh maith le hionchur cainníochtúil agus cáilíochtúil ó pháirtithe leasmhara aitheanta ón earnáil airgeadais ar fud na cruinne.

- Measúnú tionchair

Tá measúnú tionchair[18] ag gabháil leis an togra seo, rud a cuireadh isteach chuig an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 29 Aibreán 2020 agus a faomhadh an 29 Bealtaine 2020. Mhol an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála feabhsuithe i roinnt réimsí d'fhonn: (i) faisnéis bhreise a thabhairt ar an gcaoi a n- áiritheofaí an chomhréireacht; (ii) béim níos fearr a leagan ar a mhéid atá an rogha thosaíochta éagsúil leis an gcomhchomhairle theicniúil ó ÚMEnna, agus ar an bhfáth arb í an rogha sin an rogha is fearr; agus (iii) béim níos mó a chur ar an gcaoi a n- idirghníomhaíonn an togra leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas, lena n- áirítear le rialacha atá á n- athbhreithniú faoi láthair. Rinneadh an measúnú tionchair a

[18] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin – Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, SWD(2020)198 an 24.09.2020.

oiriúnú chun dul i ngleic leis na pointí sin, agus chun dul i ngleic le barúlacha níos mionsonraithe ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála freisin.

Bhreithnigh an Coimisiún roinnt roghanna beartais chun creat maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil a fhorbairt:

- "Gan aon ní a dhéanamh": leanfaí de rialacha maidir leis an athléimneacht oibríochtúil a leagan síos leis an tsraith reatha éagsúil d'fhorálacha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, i bpáirt leis an Treoir maidir le Cibearshlándáil, agus le córais náisiúnta atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo;
- Rogha 1: caipiteal maolánach a neartú: thabharfaí isteach caipiteal maolánach sa bhreis chun acmhainneacht eintiteas caipiteal a neartú le caillteanais a iompar a d'fhéadfadh teacht chun cinn de dheasca easpa athléimneacht dhigiteach oibríochtúil;
- Rogha 2: gníomh maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil seirbhísí airgeadais a thabhairt isteach: creat cuimsitheach a chumasú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ina mbeidh rialacha comhsheasmhacha maidir le ceanglais athléimneachta digití oibríochtúla gach eintitis airgeadais rialáilte agus lena leagfar síos creat Formhaoirseachta do sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla;
- Rogha 3: gníomh maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil seirbhísí airgeadais i gcomhar le maoirseacht láraithe soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla: de bhreis ar ghníomh maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil (rogha 2), bhunófaí údarás nua chun maoirseacht a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí.

Roghnaíodh an dara rogha mar baintear amach leis formhór na gcuspóirí beartaithe ar bhealach atá éifeachtach, éifeachtúil, agus comhleanúnach le beartais eile an Aontais. Is é an rogha sin is fearr le formhór na bpáirtithe leasmhara freisin.

Thiocfadh costais de chineál aonuaire agus de chineál athfhillteach chun cinn mar thoradh ar an rogha a coinníodh[19]. Baineann na costais aonuaire le hinfheistíocht i gcórais TF go príomha agus, dá bhrí sin, is deacair iad a chainníochtú mar gheall ar éagsúlachtaí ar thimpeallachtaí casta TF na ngnólachtaí agus go háirithe ar a gcórais TF oidhreachta. Mar sin féin, is dócha go mbeidh na costais sin teoranta i gcás gnólachtaí móra mar thoradh ar an infheistíocht mhór TF atá déanta acu cheana féin. Meastar go mbeidh na costais teoranta freisin i gcás gnólachtaí níos lú mar bheadh feidhm ag bearta comhréireacha mar thoradh ar a riosca níos ísle.

Is maith an éifeacht a bheidh ag an rogha a coinníodh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag feidhmiú i dtionscal na seirbhísí airgeadais i dtéarmaí tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil. Soiléireofar leis an togra d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na rialacha a bheidh i bhfeidhm, rud a laghdóidh na costais chomhlíonta.

Is ar thomhaltóirí agus ar infheisteoirí is mó a bhraithfeadh tionchar sóisialta na rogha beartais a coinníodh. Mar thoradh ar leibhéil níos airde athléimneachta digití oibríochtúla ar chóras airgeadais an Aontais, laghdófaí líon agus meánchostas na dteagmhas. Bhainfeadh an tsochaí trí chéile tairbhe as an muinín níos mó i dtionscal na seirbhísí airgeadais.

[19] *Ibid, lgh. 89–94.*

Ar deireadh, i dtéarmaí tionchair chomhshaoil, spreagfaí leis an rogha beartais a roghnaíodh úsáid níos mó as an nglúin is déanaí de bhonneagair agus de sheirbhísí TFC, agus meastar go n- éireoidh na bonneagair agus na seirbhísí sin níos inbhuanaithe.

- Oiriúnacht rialála agus simpliú

Laghdófaí ualaí riaracháin agus costais lena mbaineann ach ceanglais fhorluiteacha maidir le tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a bhaint. Ina theannta sin, laghdófar costais mar thoradh ar thástáil chomhchuibhithe athléimneachta digití oibríochtúla le haitheantas frithpháirteach ar fud an Mhargaidh Aonair, go háirithe do ghnólachtaí trasteorann a mbeadh roinnt tástálacha le déanamh acu i mBallstáit éagsúla murach sin[20].

- Cearta bunúsacha

Tá an tAontas Eorpach tiomanta do chaighdeáin arda cosanta a thabhairt do chearta bunúsacha. Gach socrú deonach maidir le comhroinnt faisnéise idir eintitis airgeadais a chuirfear chun cinn leis an Rialachán seo, dhéanfaí é i dtimpeallachtaí iontaofa agus thabharfaí lánurraim do rialacháin an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] go háirithe nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha leas dlisteanach arna shaothrú ag an rialtóir.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

I dtéarmaí impleachtaí buiséadacha, ó tharla go ndéantar foráil sa Rialachán reatha do ról níos mó do ÚMEnna trí bhíthin cumhachtaí a bhronnfar orthu chun formhaoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí TFC tríú páirtí criticiúla, chuimseofaí leis an togra úsáid acmhainní níos mó, go háirithe chun misin formhaoirseachta a chomhlíonadh (amhail cigireachtaí agus iniúchtaí ar an láthair agus ar líne) agus úsáid ball foirne a bhfuil saineolas sonrach ar shlándáil TFC acu.

Beidh scála agus dáileadh na gcostas sin ag brath ar mhéid na gcumhachtaí formhaoirseachta nua agus ar na tascanna (beachta) a bheidh le déanamh ag ÚMEnna. I dtéarmaí acmhainní nua foirne a chur ar fáil, beidh líon iomlán de 18 mball foirne lánaimseartha (coibhéis lánaimseartha) ag teastáil ó ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC – 6 choibhéis lánaimseartha le haghaidh gach údaráis – nuair a thiocfaidh forálacha éagsúla an togra i bhfeidhm (measta ag EUR 15.71 milliún don tréimhse 2022–2027). Tabhóidh ÚMEnna costais bhreise TF, caiteachais mhisin do na cigireachtaí ar an láthair, agus costais aistriúcháin (measta ag EUR 12 mhilliún don tréimhse 2022–2027), mar aon le caiteachas riaracháin eile (measta ag EUR 2.48 milliún don tréimhse 2022-2027). Dá bhrí sin, is thart ar EUR 30,19 milliún an tionchar iomlán ar chostais sa tréimhse 2022 - 2027.

Ba cheart a shonrú freisin, cé go mbraithfidh an líon foirne (e.g. baill foirne nua agus caiteachas a bhaineann leis na tascanna nua) a bheidh riachtanach don fhormhaoirseacht dhíreach le himeacht ama ar fhorbairt líon agus mhéid na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a bheidh le formhaoirsiú, go n- íocfar go hiomlán as an gcaiteachas faoi seach as táillí a íocfaidh na rannpháirtithe sin sa mhargadh. Dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh aon

[20] *Ibid*.

[21] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

tionchar ar leithreasú buiséid an Aontais (ach amháin na baill foirne bhreise), mar íocfar as na costais sin ina n- iomláine le táillí.

Mínítear tionchar airgeadais agus buiséadach an togra seo go mionsonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Cuimsítear leis an togra plean ginearálta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar na cuspóirí sonracha, agus cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad tar éis theacht i bhfeidhm an togra, agus príomhthorthaí an athbhreithnithe sin a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Tá an t- athbhreithniú le déanamh de réir Threoirlínte an Choimisiúin um Rialachán Níos Fearr.

- Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Tá an togra bunaithe ar roinnt príomhréimsí beartais ar príomhcholúin idirghaolmhara iad a áirítear go comhthoiliúil i dtreoir agus i ndea- chleachtais Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar athléimneacht chibearshlándála agus oibríochta na hearnála airgeadais.

Raon feidhme an Rialacháin agus comhréireacht na mbeart riachtanach a chur i bhfeidhm (Airteagal 2)

Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis na ceanglais bainistíochta riosca TFC is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais, cuimsítear leis an rialachán réimse eintiteas airgeadais a rialáiltear ar leibhéal an Aontais iad, mar atá institiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais, institiúidí ríomh- airgid, gnólachtaí infheistíochta, soláthraithe seirbhíse criptea- shócmhainní, taisclanna lárnacha urrús, contrapháirtithe lárnacha, ionaid trádála, stórtha trádála, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus cuideachtaí bainistíochta, soláthraithe seirbhíse tuairiscithe sonraí, gnóthais árachais agus athárachais, idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe athárachais agus idirghabhálaithe athárachais coimhdeacha, institiúidí le haghaidh pinsin scoir ceirde, gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, riarthóirí tagarmharcanna criticiúla agus soláthraithe seirbhíse sluachistiúcháin.

Éascaítear le cuimsiú den sórt sin cur i bhfeidhm aonchineálach comhtháite gach gné den bhainistíocht riosca ar limistéir a bhaineann le TFC, agus ina theannta sin cosnaítear an chothroime iomaíochta idir eintitis airgeadais i ndáil lena n- oibleagáidí rialála maidir le riosca TFC. Ag an am céanna, aithnítear sa rialachán gur ann do dhifríochtaí móra idir eintitis airgeadais i dtéarmaí méide, próifílí gnó, nó i ndáil lena nochtadh do riosca digiteach. Ós rud é go bhfuil níos mó acmhainní ag eintitis airgeadais níos mó, ní cheanglaítear ach ar eintitis airgeadais nach gcáilíonn mar mhicrifhiontair, mar shampla, socruithe casta rialachais agus feidhmeanna tiomnaithe bainistíochta a bhunú, measúnuithe doimhne a dhéanamh tar éis athruithe móra ar bhonneagair ghréasáin agus chórais faisnéise, anailís riosca a dhéanamh go rialta ar chórais TFC oidhreachta, tástáil ar leanúnachas gnó agus pleananna freagartha agus athshlánaithe a fhairsingiú chun cásanna lascaistrithe idir a bpríomhbhonneagar TFC agus

saoráidí iomarcaíochta a ghabháil. Thairis sin, ní cheanglófar ach ar eintitis airgeadais a n- aithnítear iad mar a bheith tábhachtach chun críocha na hardtástála athléimneachta digití tástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh.

D'ainneoin an chuimsithe fhairsing sin, ní cuimsiú uileghabhálach é. Go háirithe, ní ghabhtar leis an rialachán seo oibreoirí córais mar a shainmhínítear i bpointe (p) d'Airteagal 2 de Threoir 98/26/CE[22] maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús ná aon rannpháirtí córais murab eintiteas airgeadais é an rannpháirtí sin arna rialáil ar leibhéal an Aontais agus, ar an gcaoi sin, chumhdófaí é leis an rialachán seo ina cheart féin (i.e. institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta, CPL). Ina theannta sin, tá clárlann an Aontais do lamháltais astaíochtaí, a fheidhmítear faoi choimirce an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE[23], lasmuigh den raon feidhme freisin.

Cuirtear san áireamh le heisiaimh den sórt sin ón Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta an gá atá le hathbhreithniú breise ar ábhair dhlí agus bheartais a théann i bhfeidhm ar oibreoirí agus ar rannpháirtithe an chórais faoin Treoir agus breithniú cuí á dhéanamh ar thionchar creataí a bhaineann faoi láthair le córais íocaíochta[24] atá á n- oibriú ag na bainc cheannais. Ós rud é go bhféadfadh gnéithe a bheith i gceist leis na hábhair sin, a bheidh ar leithligh ó shaincheisteanna a chumhdaítear leis an rialachán seo, leanfaidh an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar a riachtanaí atá sé raon feidhme an rialacháin seo a shíneadh chun eintitis agus bonneagair TFC atá lasmuigh dá shainordú faoi láthair a chumhdach, agus ar an tionchar a bheadh ar an síneadh sin.

Ceanglais a bhaineann le rialachas (Airteagal 4)

Ceapadh an rialachán seo chun straitéisí gnó eintiteas airgeadais agus iompar na bainistíochta riosca TFC a ailíniú ar bhealach níos fearr. Chuige sin, ceanglófar ar an gcomhlacht bainistíochta ról gníomhach ríthábhachtach a chothabháil chun an creat bainistíochta riosca TFC a stiúradh agus urramú cibearshláinteachais teaghráin a shaothrú. Beidh freagracht iomlán an chomhlachta bainistíochta maidir le bainistíocht riosca TFC eintitis airgeadais ina prionsabal uileghabhálach a aistreofar ina sraith ceanglas sonrach, amhail róil agus freagrachtaí soiléire a leithdháileadh maidir le gach feidhm a bhaineann le TFC, rannpháirteachas leanúnach i rialú an fhaireacháin ar an mbainistíocht riosca TFC, agus i réimse iomlán na bpróiseas formheasa agus rialaithe agus leithdháileadh iomchuí infheistíochtaí agus oiliúna TFC.

Ceanglais maidir le bainistíocht riosca TFC (Airteagail 5 go 14)

Tá an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil fréamhaithe i sraith príomhphrionsabal agus ceanglas maidir le creat bainistíochta riosca TFC, i gcomhréir leis an gcomhchomhairle theicniúil ó ÚMEnna. Tá na ceanglais sin bunaithe ar chaighdeáin, treoirlínte agus moltaí ábhartha idirnáisiúnta, náisiúnta agus atá leagtha amach ag an tionscal, agus baineann siad le feidhmeanna sonracha i mbainistíocht riosca TFC (sainaithint, cosaint agus cosc, brath, freagairt agus aisghabháil, foghlaim agus forbairt agus cumarsáid). D'fhonn coimeád cothrom

[22] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45.).

[23] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[24] Go háirithe Rialachán Uimh. 795/2014 an 3 Iúil 2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (AE) maidir le ceanglais formhaoirseachta i ndáil le córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo.

le dáta le timpeallacht chibearshlándála atá ag forbairt go tapa, ceanglaítear ar eintitis airgeadais córais agus uirlisí athléimneacha TFC lena laghdaítear tionchar an riosca TFC a bhunú agus a choinneáil ar bun, chun gach foinse riosca TFC a shainaithint ar bhonn leanúnach, chun bearta cosanta agus coisctheacha a bhunú, gníomhaíochtaí aimhrialta a bhrath go pras, beartais chuimsitheacha thiomnaithe leanúnachais gnó agus pleananna cuimsitheacha tiomnaithe tubaiste agus athshlánaithe a chur i bhfeidhm mar chuid bhunúsach den bheartas um leanúnachas gnó oibríochta. Bíonn na comhpháirteanna deiridh sin ag teastáil le haghaidh athshlánú pras tar éis teagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe, trí theorainn a chur leis an damáiste agus trí thosaíocht a thabhairt d'atosú sábháilte gníomhaíochtaí. Ní fhorchuirtear caighdeánú sonrach leis an rialachán féin, ach ina ionad sin cuirtear le caighdeáin theicniúla Eorpacha agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta nó le dea- chleachtais sa tionscal, sa mhéid a chloíonn siad go hiomlán le treoracha maoirseachta maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta sin a úsáid agus a chuimsiú. Cuimsítear leis an rialachán seo freisin sláine, sábháilteacht agus athléimneacht bonneagar agus saoráidí fisiciúla lena dtacaítear le húsáid teicneolaíochta agus na bpróiseas ábhartha a bhaineann le TFC agus daoine, mar chuid de lorg digiteach oibríochtaí eintitis airgeadais.

Tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC (Airteagail 15 go 20)

Baintear amach comhchuibhiú agus cuíchóiriú an tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC, ar an gcéad dul síos, trí cheanglas ginearálta ar eintitis airgeadais próiseas bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le TFC agus chun iad a logáil, agus tar a éis sin trí oibleagáid iad a aicmiú bunaithe ar chritéir a shonraítear sa rialachán agus a fhorbróidh ÚMEnna tar a éis sin chun tairseacha ábharthachta a shonrú. Ar an dara dul síos, ní gá ach na teagmhais a bhaineann le TFC a meastar gur mórtheagmhais iad a thuairisciú do na húdaráis inniúla. Ba cheart an tuairisciú a phróiseáil le teimpléad coiteann agus de réir nós imeachta comhchuibhithe mar a bheidh forbartha ag ÚMEnna. Ba cheart d'eintitis airgeadais tuarascálacha tosaigh, idirmheánacha agus deiridh a chur isteach, agus a n- úsáideoirí agus a gcliaint a chur ar an eolas i gcás ina ndeachaigh an teagmhas i bhfeidhm, nó i gcás ina bhféadfadh an teagmhas dul i bhfeidhm, ar a leasanna airgeadais. Ba cheart do na húdaráis inniúla sonraí ábhartha de na teagmhais a chur ar fáil d'institiúidí nó d'údaráis eile: do ÚMEnna, do BCE agus do na pointí teagmhála aonair a shonraítear faoi Threoir (AE) 2016/1148.

Chun idirphlé idir eintitis airgeadais agus údaráis inniúla a bhunú a chuideodh leis an tionchar a laghdú agus le réitigh iomchuí a shainaithint, ba cheart aiseolas maoirseachta agus treoir a chur ar fáil chun tuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC a chomhlánú.

Ar deireadh, ba cheart féachaint níos doimhne an bhféadfaí tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a lárú ar leibhéal an Aontais i gcomhthuarascáil leis ÚMEnna, BCE agus ENISA ina ndéanfaí measúnú ar a fhéideartha a bheadh sé Mol AE aonair a bhunú d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú.

Tástáil maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil (Airteagail 21 go 24)

Ní mór na cumais agus na feidhmeanna a chuimsítear sa chreat bainistíochta riosca TFC a thástáil go tréimhsiúil le haghaidh ullmhachta agus chun laigí, easnaimh nó bearnaí a aithint, agus chun bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme go pras. Cumasaítear leis an rialachán seo cur i bhfeidhm comhréireach ceanglas maidir le tástáil athléimneachta digití oibríochtúla ag brath ar mhéid, gnó agus próifílí riosca na n- eintiteas airgeadais: cé gur cheart do gach einteas tástáil a dhéanamh ar uirlisí agus ar chórais TFC, níor cheart go mbeadh ceanglas ach amháin orthu siúd a sainaithníonn údaráis inniúla (bunaithe ar chritéir sa rialachán seo a bhfuil forbairt bhreise déanta orthu ag ÚMEnna) iad a bheith tábhachtach agus cibear- aibí le réamhthástáil a dhéanamh bunaithe ar TLPTanna. Leagtar amach sa rialachán seo freisin na

ceanglais ar thástálaithe agus na ceanglais chun torthaí TLPT a aithint ar fud an Aontais d'eintitis airgeadais a bhíonn ag feidhmiú i roinnt Ballstát.

Riosca TFC tríú páirtí (Airteagail 25 go 39)

Ceaptar an rialachán chun faireachán iontaofa ar riosca TFC tríú páirtí a áirithiú. Bainfear amach an cuspóir sin ar an gcéad dul síos trí chloí le rialacha bunaithe ar phrionsabail a bheidh infheidhme maidir leis an bhfaireachán a dhéanfaidh eintitis airgeadais ar riosca ag eascairt as soláthraithe TFC tríú páirtí. Ar an dara dul síos, comhchuibhítear leis an rialachán seo príomhghnéithe den tseirbhís agus den chaidreamh le soláthraithe TFC tríú páirtí. Cuimsítear leis na gnéithe sin gnéithe íosta a meastar iad mar a bheith ríthábhachtach chun go bhféadfadh eintiteas airgeadais faireachán iomlán a dhéanamh ar riosca TFC tríú páirtí ar feadh chéimeanna conclúide, feidhmíochta, foirceanta agus iarchonarthacha a gcaidrimh.

Go háirithe, ní mór go mbeidh sna conarthaí lena rialaítear an caidreamh sin tuairisc iomlán ar sheirbhísí, faisnéis ar shuíomhanna ina ndéanfar sonraí a phróiseáil, tuairiscí iomlána ar leibhéil seirbhíse mar aon le spriocanna feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla, forálacha ábhartha maidir le hinrochtaineacht, infhaighteacht, sláine, slándáil agus cosaint pearsanta, agus ráthaíochtaí maidir le rochtain, aisghabháil agus tabhairt ar ais i gcás mhainneachtain na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, tréimhsí fógra agus ceanglais um thuairisciú atá ar na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, cearta rochtana, cigireachta agus iniúchóireachta an eintitis airgeadais nó tríú páirtí cheaptha, cearta foirceanta soiléire, agus straitéisí tiomnaithe scoir. Thairis sin, ós rud é go bhféadfar cuid de na gnéithe conarthacha sin a chaighdeánú, cuirtear chun cinn leis an rialachán úsáid dheonach clásal conarthach caighdeánach atá le forbairt le haghaidh úsáid seirbhíse néalríomhaireachta ag an gCoimisiún.

Ar deireadh, féachtar leis an rialachán cóineasú a chur chun cinn maidir le cuir chuige mhaoirseachta i leith an riosca TFC tríú páirtí san earnáil airgeadais ach soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chur faoi réir chreat formhaoirseachta de chuid an Aontais. Trí bhíthin creat reachtach comhchuibhithe nua, tugtar cumhachtaí do ÚME a ainmnítear mar an príomh- fhormhaoirseoir le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil den sórt sin lena áirithiú go ndéantar faireachán ar scála uile- Eorpach ar sholáthraithe seirbhíse teicneolaíochta a chomhlíonann ról criticiúil d'fheidhmiú na hearnála airgeadais. Forbraítear leis an gcreat formhaoirseachta a bheartaítear leis an rialachán seo an ailtireacht institiúideach atá ann cheana i réimse na seirbhísí airgeadais, faoina n- áirithíonn Comhchoiste ÚMEnna comhordú trasearnála maidir le gach ábhar a bhaineann le riosca TFC, i gcomhréir lena thascanna i ndáil leis an gcibearshlándáil, le tacaíocht ón bhfochoiste ábhartha (Fóram Formhaoirseachta) a dhéanann obair ullmhúcháin do chinntí aonair agus moltaí comhchoiteanna do CTPPanna.

Comhroinnt faisnéise (Airteagal 40)

Chun feasacht a mhúscailt ar riosca TFC, a scaipeadh a laghdú an oiread is féidir, tacú le cumais chosanta agus teicnící braite bagairtí eintiteas airgeadais, ceadaítear leis an rialachán d'eintitis airgeadais socruithe a bhunú chun faisnéis maidir le cibearbhagairtí a mhalartú eatarthu féin.

2020/0266 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[25],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[26],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa ré dhigiteach, tacaíonn an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) le córais chasta a úsáidtear le haghaidh ghnáthghníomhaíochtaí na sochaí. Coinníonn sí ár ngeilleagair ag imeacht i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear an earnáil airgeadais, agus cuireann sí le feidhmiú an mhargaidh aonair. Cuireann digitiú breise agus idircheangailteacht+ bhreise le rioscaí TFC freisin, rud a fhágann go mbíonn an tsochaí ina hiomláine – agus an córas airgeadais go háirithe – níos leochailí in éadan cibearbhagairtí nó bristeacha TFC. Sa lá atá inniu ann, cé gur bunghnéithe de gach gníomhaíocht d'eintitis airgeadais san Aontas úsáid uileláithreach córas TFC agus ardleibhéal digitithe agus nascachta, níl an athléimneacht dhigiteach ionsuite go leordhóthanach ina gcreataí oibriúcháin.

(2) Tá ról ríthábhachtach bainte amach ag an úsáid TFC i gcúrsaí airgeadais le cúpla scór bliain anuas, agus tá ábharthacht chriticiúil ag TFC sa lá atá inniu ann in oibriú gnáthfheidhmeanna laethúla gach eintitis airgeadais. Cuimsítear le digitiú, mar shampla, íocaíochtaí, atá ag aistriú níos mó ó mhodhanna airgid thirim agus páipéarbhunaithe, go húsáid réiteach digiteach, mar aon le himréiteach agus socraíocht urrús, trádáil leictreonach agus algartamach, oibríochtaí iasachtaithe agus cistiúcháin, airgeadas idir piaraí, rátáil chreidmheasa, frithghealladh árachais, bainistíocht éileamh agus oibríochtaí cúloifige. Ní hamháin go bhfuil cúrsaí airgeadais tar éis éirí digiteach den chuid is mó ar fud na hearnála go léir, ach ina theannta sin chuir an digitiú le

[25] [*cuir tagairt leis*] IO C , , lch. .

[26] [*cuir tagairt leis*] IO C , , lch. .

hidirnaisc agus le spleáchais laistigh den earnáil airgeadais agus le bonneagar agus le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí.

(3) I dtuarascáil in 2020 inar tugadh aghaidh ar an gcibir-riosca sistéamach[27], d'athdhearbhaigh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go bhféadfadh an leibhéal ard idircheangailteachta atá ann cheana idir eintitis airgeadais, margaí airgeadais agus bonneagair an mhargaidh airgeadais, agus go háirithe idirspleáchas a gcóras TFC, a bheith ina leochaileacht shistéamach mar d'fhéadfadh cibirtheagmhais logánta scaipeadh go tapa ó cheann ar bith den tuairim agus 22 000 eintiteas airgeadais san Aontas[28] go dtí an córas airgeadais ina iomláine, gan teorainneacha tíreolaíocha a bheith ina mbac orthu. Ní ar eintitis airgeadais leo féin amháin a théann sáruithe tromchúiseacha TFC sa réimse airgeadais i bhfeidhm. Réitíonn siad an bealach freisin do scaipeadh na leochaileachtaí logánta ar fud na gcainéal tarchurtha airgeadais, agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis iarmhairtí díobhálacha do chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais, rud a ghinfeadh fuadar leachtachta agus caillteanas foriomlán muiníne agus iontaobhais sna margaí airgeadais.

(4) Le blianta beaga anuas, tharraing rioscaí TFC aird lucht ceaptha beartas, rialtóirí agus comhlachtaí socraithe caighdeán náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta chun cur leis an athléimneacht, chun caighdeáin a leagan síos, agus chun obair rialála nó mhaoirseachta a chomhordú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá sé d'aidhm ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, an Coiste um Chórais Íocaíochta agus Socraíochta, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, an Institiúid um Chobhsaíocht Airgeadais, mar aon le grúpaí tíortha G7 agus G20 uirlisí a chur ar fáil d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí margaidh i ndlínsí éagsúla chun cur le hathléimneacht a gcuid córas airgeadais.

(5) D'ainneoin tionscnaimh spriocdhírithe bheartais agus reachtaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, cuireann rioscaí TFC dúshlán roimh athléimneacht oibríochtúil, feidhmíocht agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais. An t-athchóiriú a cuireadh i bhfeidhm tar éis na géarchéime airgeadais in 2008, is í athléimneacht airgeadais earnáil airgeadais an Aontais a neartaigh sé go príomha, agus ba é an aidhm a bhí leis iomaíochas agus cobhsaíocht an Aontais a chosaint ó thaobh gnéithe eacnamaíocha, stuamachta agus iompraíochta sa mhargadh de. Cé gur cuid den riosca oibriúcháin iad slándáil TFC agus an athléimneacht dhigiteach, ba lú a díríodh orthu sa chlár oibre rialála iar-ghéarchéime, agus níor forbraíodh iad ach amháin i réimsí áirithe de bheartas seirbhísí airgeadais agus de thírdhreach rialála an Aontais, nó i líon beag Ballstát.

(6) I bplean gníomhaíochta Fintech, plean de chuid an Choimisiúin[29] in 2018, cuireadh béim mhór ar a thábhachtaí atá sé earnáil airgeadais an Aontais a dhéanamh níos

---

27 Systemic Cyber Risk [Cibir- riosca sistéamach], tuarascáil le BERS, Feabhra 2020, https://www.esrb.europa.eu/pub/pdf/reports/esrb.report200219_systemiccyberrisk~101a09685e.en.pdf.

28 De réir an mheasúnaithe tionchair atá ag gabháil leis an athbhreithniú ar Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha, (SWD(2017) 308, is ann do thart ar 5,665 institiúid creidmheasa, do 5,934 ghnólacht infheistíochta, do 2,666 ghnóthas árachais, 1,573 institiúid um chóir ar scor ceirde (IORP), 2,500 cuideachta bainistíochta infheistíochta, 350 bonneagar margaidh (amhail CCPanna, stocmhalartáin, inmheánaitheoirí córasacha, stórtha trádála agus MTFanna), 45 CRAnna, agus 2,500 institiúid íocaíochta agus institiúid ríomh- airgid údaraithe. Sin thart ar 21.233 eintiteas san iomlán, agus ní chuimsítear leo eintitis sluachistiúcháin, iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, soláthraithe seirbhíse criptea- shócmhainní, agus riarthóirí tagarmhairc.

29 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún,

athléimní freisin ó thaobh oibriúcháin de chun a sábháilteacht teicneolaíochta agus a dea-fheidhmiú, agus a hathshlánú ó sháruithe agus ó theagmhais TFC a áirithiú, rud a fhágann ar deireadh gur féidir seirbhísí airgeadais a sholáthar go héifeachtach agus go rianúil ar fud an Aontais go léir, lena n-áirítear i staideanna struis, agus iontaoibh agus muinín na dtomhaltóirí agus an mhargaidh á gcaomhnú freisin.

(7) I mí Aibreáin 2019, chomheisigh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) (a dtugtar "Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha" nó "ÚMEnna" orthu le chéile) dhá phíosa comhairle theicniúla inar éilíodh cur chuige comhleanúnach i leith rioscaí TFC san airgeadas agus inar moladh go neartófaí, ar bhealach comhréireach, athléimneacht dhigiteach oibríochtúil thionscal na seirbhísí airgeadais trí thionscnamh Aontais a bhaineann go sonrach leis an earnáil.

(8) Déantar earnáil airgeadais an Aontais a rialáil le Leabhar Rialacha Aonair comhchuibhithe agus is faoi réir córas Eorpach maoirseachta airgeadais atá an earnáil. Mar sin féin, níl comhchuibhiú iomlán ná comhsheasmhach déanta fós ar fhorálacha lena dtéitear i ngleic leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus slándáil TFC, d'ainneoin go bhfuil an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil ríthábhachtach le cobhsaíocht airgeadais agus sláine an mhargaidh a áirithiú sa ré dhigiteach, agus í chomh tábhachtach céanna mar shampla le caighdeáin choiteanna maidir le stuamacht nó iompraíocht sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart an Leabhar Rialacha Aonair agus an córas maoirseachta a fhorbairt chun an ghné sin a chuimsiú freisin, trí shainorduithe na maoirseoirí airgeadais a mhéadú, maoirseoirí a bhfuil de dhualgas orthu faireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais agus ar shláine an mhargaidh agus iad sin a chosaint.

(9) Éagothromaíochtaí reachtacha agus cuir chuige mhíchothroma rialála nó mhaoirseachta náisiúnta i leith riosca TFC, is rudaí iad a spreagann bacainní ar an margadh aonair i seirbhísí airgeadais, rud a chuireann bac ar fheidhmiú rianúil an chirt bunaíochta agus an chirt seirbhísí a sholáthar d'eintitis airgeadais a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí an iomaíocht idir an cineál céanna eintiteas airgeadais a bhíonn ag feidhmiú i mBallstáit éagsúla a shaobhadh. Go háirithe i réimsí ina bhfuil comhchuibhiú an Aontais an-teoranta – amhail an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla – nó nach ann don chomhchuibhiú sin – amhail faireachán ar riosca TFC tríú páirtí – d'fhéadfadh éagothromaíochtaí a bhunaítear le forbairtí a bheartaítear ar an leibhéal náisiúnta bacainní breise a chur roimh fheidhmiú an mhargaidh aonair a rachadh chun dochair do rannpháirtithe sa mhargadh agus don chobhsaíocht airgeadais.

(10) Is claonta a chuathas i ngleic leis na forálacha a bhaineann le riosca TFC ar leibhéal an Aontais go dtí seo, rud a léiríonn bearnaí nó forluití i réimsí tábhachtacha amhail tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC agus tástáil athléimneachta digití oibríochtúla, agus a chruthaíonn neamhréireachtaí i ngeall ar rialacha náisiúnta éagsúla ag teacht chun cinn nó cur i bhfeidhm rialacha forluiteacha ar bhealach nach bhfuil éifeachtúil ó thaobh costais de. Is mór an díobháil sin go háirithe do dhian-úsáideoirí TFC amhail an earnáil airgeadais toisc nach mbíonn aon teorainn le rioscaí TFC agus bíonn a cuid

---

FinTech Action Plan: Plean Gníomhaíochta FinTech: le haghaidh earnáil airgeadais Eorpach níos iomaíche agus níos nuálaíche, COM/2018/0109 final, https://ec.europa.eu/info/publications/180308-_action-_plan-_fintech_en.

seirbhísí á soláthar ag an earnáil airgeadais ar bhonn fairsing trasteorann laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon.

Bíonn dúshláin oibríochta roimh eintitis airgeadais ar leith a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann nó ag a bhfuil roinnt údaruithe (e.g. féadfaidh eintiteas airgeadais amháin ceadúnas baincéireachta, ceadúnas gnólachta infheistíochta, agus ceadúnas institiúide íocaíochta a bheith aige, agus gach ceadúnas díobh eisithe ag údarás inniúil éagsúil in aon Bhallstát amháin nó níos mó) maidir le dul i ngleic le rioscaí TFC agus drochthionchair teagmhas TFC a mhaolú ina n- aonar agus ar bhealach comhleanúnach costéifeachtach.

(11) Ós rud é nach bhfuil creat cuimsitheach riosca TFC ná riosca oibriúcháin ag gabháil leis an Leabhar Rialacha Aonair, is gá comhchuibhiú breise a dhéanamh ar na príomhcheanglais athléimneachta digití oibríochtúla le haghaidh gach eintiteas airgeadais. Na cumais agus an athléimneacht fhoriomlán a d'fhorbródh eintitis airgeadais, bunaithe ar na príomhcheanglais sin, d'fhonn éaradh oibríochta a sheasamh, chuideoidís sin chun cobhsaíocht agus sláine mhargaí airgeadais an Aontais a chaomhnú agus, ar an gcaoi sin, chuideoidís le hardleibhéal cosanta a áirithiú d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí san Aontas. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán seo cur le feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair, is ar fhorálacha Airteagal 114 CFAE ba cheart a bhunú, faoi mar a léirítear i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(12) Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo ar an gcéad dul síos comhchuibhiú agus uasghrádú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le riosca TFC a dtéitear i ngleic leo ar leithligh sna Rialacháin agus sna Treoracha éagsúla go dtí seo. Cé gur cuimsíodh leis na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais na príomhchatagóirí riosca airgeadais (e.g. riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta an chontrapháirtí, riosca maidir le hiompraíocht sa mhargadh), níorbh fhéidir leo dul i ngleic go cuimsitheach, an tráth a glacadh iad, le gach gné den athléimneacht oibríochtúil. Nuair a rinneadh forbairt bhreise ar na ceanglais maidir le rioscaí oibríochta sna gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais, ba mhinic tús áite iontu do chur chuige cainníochtúil traidisiúnta chun dul i ngleic le riosca (eadhon ceanglas caipitil a leagan amach chun rioscaí TFC a chumhdach) seachas ceanglais cháilíochtúla spriocdhírithe a chumhdach chun borradh a chur faoi chumais trí cheanglais ina ndírítear ar na cumais chosanta, bhraite, srianta, athshlánaithe agus deisithe in aghaidh teagmhais a bhaineann le TFC nó trí chumais tuairiscithe agus tástála digití a leagan amach. Ba é a bhí i gceist leis na Treoracha agus na Rialacháin sin go príomha rialacha fíor-riachtanacha maidir le maoirseacht stuamachta, sláine an mhargaidh nó iompraíocht sa mhargadh a chumhdach.

Tríd an gceacht seo, lena ndéantar rialacha maidir le riosca TFC a chomhdhlúthú agus a thabhairt cothrom le dáta, thabharfaí le chéile den chéad uair ar bhealach comhsheasmhach in aon ghníomh reachtach amháin gach foráil lena dtéitear i ngleic leis an riosca digiteach san airgeadas. Ar an gcaoi sin, ba cheart don tionscnamh seo na bearnaí a líonadh nó neamhréireachtaí i gcuid de na gníomhartha dlí sin a réiteach, lena n- áirítear i ndáil leis an téarmaíocht a úsáidtear iontu, agus ba cheart don tionscnamh tagairt go sainráite do riosca TFC trí rialacha spriocdhírithe maidir le cumais bainistíochta riosca TFC, tuairisciú agus tástáil agus faireachán a dhéanamh ar riosca tríú páirtí.

(13) Ba cheart d'eintitis airgeadais cloí leis an gcur chuige céanna agus leis na rialacha céanna atá bunaithe ar phrionsabail agus iad ag dul i ngleic le riosca TFC. Cuirtear

feabhas ar an muinín sa chóras airgeadais agus caomhnaítear a chobhsaíocht mar thoradh ar chomhsheasmhacht go háirithe le linn ró-úsáid córas, ardán agus bonneagar TFC, lena ngabhann riosca digiteach méadaithe.

Ach cloí le bun- chibearshláinteachas, ba cheart go bhféadfaí costais mhóra ar an ngeilleagar a sheachaint trí thionchar agus costais na mbristeacha TFC a laghdú an oiread is féidir.

(14) Úsáid rialacháin is cuidiú atá ann leis an gcastacht rialála a laghdú, cothaíonn sé an cóineasú maoirseachta, cuireann leis an deimhneacht dhlíthiúil is toradh ar úsáid rialacháin, agus le teorainn a chur le costais chomhlíonta, go háirithe i gcás eintitis airgeadais a fheidhmíonn ar bhonn trasteorann, agus leis an saobhadh iomaíoch a laghdú. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gurb é Rialachán a roghnú chun creat coiteann a bhunú maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais an bealach is iomchuí chun cur i bhfeidhm aonchineálach comhleanúnach gach comhpháirte de bhainistíocht riosca TFC a ráthú in earnálacha airgeadais an Aontais.

(15) Anuas ar an reachtaíocht seirbhísí airgeadais, is í Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] an creat cibearshlándála ginearálta atá i bhfeidhm faoi láthair ar leibhéal an Aontais. I measc na seacht n-earnáil chriticiúla, tá feidhm ag an Treoir freisin maidir le trí chineál eintitis airgeadais, mar atá institiúidí creidmheasa, ionaid trádála agus contrapháirtithe lárnacha. Mar sin féin, ós rud é go leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/1148 sásra ar an leibhéal náisiúnta chun oibreoirí seirbhísí bunriachtanacha a shainaithint, sa chleachtas féin ní dhéantar ach institiúidí creidmheasa, ionaid trádála agus contrapháirtithe lárnacha áirithe a sainaithníonn na Ballstáit iad a thabhairt faoina raon feidhme agus ar an gcaoi sin ní cheanglaítear ach orthu sin amháin cloí leis na ceanglais a leagtar síos ann maidir le slándáil TFC agus fógra a thabhairt faoi theagmhais.

(16) Ós rud é go n-ardaítear an leibhéal comhchuibhithe ar ghnéithe athléimneachta digití leis an Rialachán seo, trí cheanglais a thabhairt isteach maidir le bainistíocht riosca TFC agus tuairisciú teagmhais a bhaineann le TFC atá níos déine i gcomparáid leo siúd a leagtar síos i reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair, is comhchuibhiú níos mó é seo freisin i gcomparáid leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/1148. Dá réir sin, tá an Rialachán seo ina lex specialis do Threoir (AE) 2016/1148.

Tá sé ríthábhachtach caidreamh láidir a choinneáil ar bun idir an earnáil airgeadais agus áiritheofar le creat cibearshlándála cothrománach an Aontais comhsheasmhacht leis na straitéisí cibearshlándála arna nglacadh ag na Ballstáit cheana féin, agus cuirfear ar a gcumas do mhaoirseoirí airgeadais eolas a chur ar chibirtheagmhais a théann i bhfeidhm ar earnálacha eile a chuimsítear le Treoir (AE) 2016/1148.

(17) Chun próiseas foghlama trasearnála a chumasú agus chun leas éifeachtach a bhaint as eispéiris earnálacha eile maidir le déileáil le cibearbhagairtí, ba cheart na heintitis airgeadais dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2016/1148 a fhágáil mar chuid de ‘éiceachóras’ na Treorach sin (e.g. an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise agus CSIRTanna).

[30] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard slándála líonra agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1).

Ba cheart go bhféadfadh ÚMEnna agus údaráis náisiúnta inniúla, faoi seach, a bheith rannpháirteach i bplé beartais straitéiseach agus in obair theicniúil an Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, faoi seach, faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar leis na pointí teagmhála aonair a ainmnítear faoi Threoir (AE) 2016/1148. Ba cheart do na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar leis na CSIRTanna náisiúnta a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2016/1148 freisin.

(18) Tá sé tábhachtach freisin comhsheasmhacht a áirithiú leis an Treoir maidir le Bonneagar Criticiúil Eorpach, ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair chun feabhas a chur ar chosaint agus ar athléimneacht bonneagar criticiúil in aghaidh bagairtí nach mbaineann leis an gcibearshlándáil, agus tá impleachtaí féideartha ann don earnáil airgeadais[31].

(19) Catagóir amháin soláthraithe seirbhíse digití a chumhdaítear le Treoir (AE) 2016/1148 is ea soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta. Dá réir sin, bíonn siad faoi réir maoirseacht ex-post leis na húdaráis náisiúnta a ainmnítear de réir na Treorach sin, maoirseacht atá teoranta do cheanglais maidir le slándáil TFC agus fógraí faoi theagmhais a leagtar síos sa ghníomh sin. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an gCreat Formhaoirseachta a bhunaítear leis an Rialachán seo ar gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta, nuair a chuireann siad seirbhísí TFC ar fáil d'eintitis airgeadais, ba cheart é sin a mheas mar a bheith comhlántach leis an maoirseacht atá ar siúl faoi Threoir (AE) 2016/1148. Thairis sin, ba cheart a chuimsiú leis an gCreat Formhaoirseachta a bhunaítear leis an Rialachán seo soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta ceal creat cothrománach de chuid an Aontais a bhaineann go sonrach leis an earnáil lena mbunaítear Údarás Formhaoirseachta Digití.

(20) Le smacht iomlán a choinneáil ar rioscaí TFC, ní mór d'eintitis airgeadais cumais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm lena gcumasaítear bainistíocht riosca TFC láidir agus éifeachtach, mar aon le sásraí agus beartais shonracha le haghaidh teagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú, tástáil córas, rialuithe agus próiseas TFC, mar aon le riosca TFC tríú páirtí a bhainistiú. Ba cheart caighdeán na hathléimneachta digití oibríochtúla don chóras airgeadais a ardú agus cur i bhfeidhm comhréireach ceanglas a chumasú d'eintitis airgeadais ar micrifhiontair iad mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[32].

(21) Tá éagsúlacht mhór idir tairseacha tuairiscithe teagmhas TFC agus tacsanomaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta. Cé go bhféadfaí bonn coiteann a bhaint amach trí obair ábhartha a bhíonn ar siúl ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)[33] agus an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise do na heintitis airgeadais faoi Threoir (AE) 2016/1148, is ann i gcónaí do chuir chuige éagsúla maidir le tairseacha agus tacsanomaíochtaí nó d'fhéadfaidís teacht chun cinn don chuid eile de na heintitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis sin ceanglais iolracha

---

31 Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

32 Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

33 ENISA Reference Incident Classification Taxonomy [Tacsanomaíocht Tagartha ENISA chun Teagmhais a Aicmiú], https://www.enisa.europa.eu/publications/reference- incident- classification- taxonomy.

nach mór d'eintitis airgeadais cloí leo, go háirithe agus iad ag feidhmiú thar roinnt dlínsí san Aontas agus nuair is cuid de ghrúpa airgeadais iad. Thairis sin, d'fhéadfadh na héagsúlachtaí sin bac a chur ar chruthú sásraí aonfhoirmeacha nó láraithe breise de chuid an Aontais lena mbrostaítear malartú tapa rianúil faisnéise idir údaráis inniúla, rud atá ríthábhachtach chun dul i ngleic le rioscaí TFC i gcás ionsaithe ar scála mór lena mbaineann iarmhairtí sistéamacha féideartha.

(22) Chun cur ar a gcumas d'údaráis inniúil a róil mhaoirseachta a chomhlíonadh trí theacht ar fhorbhreathnú cuimsitheach ar chineál, minicíocht, suntas agus tionchar teagmhas a bhaineann le TFC agus chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir údaráis phoiblí ábhartha, lena n-áirítear údaráis forghníomhaithe dlí agus údaráis réitigh, ní mór rialacha a leagan síos chun an córas tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a chomhlíonadh leis na ceanglais atá in easnamh faoi láthair sa reachtaíocht fo-earnála airgeadais agus aon fhorluí agus dúbláil atá ann cheana a bhaint chun costais a laghdú. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach an córas tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a chomhchuibhiú trí cheangal ar gach eintiteas airgeadais tuairisciú dá n-údaráis inniúla féin, agus dóibh sin amháin. Ina theannta sin, ba cheart cumhacht a thabhairt do ÚMEnna gnéithe de thuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a shonrú amhail tacsanomaíocht, creataí ama, tacair sonraí, teimpléid, agus tairseacha infheidhme.

(23) Tháinig ceanglais tástála athléimneachta digití oibríochtúla chun cinn i roinnt fo-earnálacha laistigh de roinnt creataí náisiúnta neamhchomhordaithe lena dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna céanna ar bhealach éagsúil. Bíonn dúbláil costas ina toradh air sin d'eintitis airgeadais trasteorann agus fágann sé go mbíonn sé deacair torthaí a aithint go frithpháirteach. Dá bhrí sin, féadfaidh an tástáil neamhchomhordaithe an margadh aonair a dheighilt.

(24) Ina theannta sin, i gcás nach gá aon tástáil a dhéanamh, ní bhraitear leochaileachtaí, rud a fhágann go mbíonn an t-eintiteas airgeadais agus, ar deireadh, cobhsaíocht agus sláine na hearnála airgeadais i mbaol níos mó. Gan idirghníomhú an Aontais, leanfadh tástáil athléimneachta digití oibríochtúla de bheith easnamhach agus ní bheadh ann d'aon aitheantas frithpháirteach do thorthaí tástála thar dhlínsí éagsúla. Anuas air sin, ós rud é nach dócha go nglacfadh fo-earnálacha airgeadais eile scéimeanna den sórt sin ar scála fóinteach, chaillfidís na tairbhí féideartha, amhail leochaileachtaí agus rioscaí a nochtadh, cumais chosanta agus leanúnachas gnó a thástáil, agus muinín níos mó i measc custaiméirí, soláthróirí agus comhpháirtithe gnó. Chun forluití, éagsúlachtaí agus bearnaí den chineál sin a réiteach, is gá rialacha a leagan síos a bhfuil tástáil chomhordaithe ag eintitis airgeadais agus údaráis inniúla mar aidhm leo, lena n-éascaítear ar an gcaoi sin aitheantas frithpháirteach na hardtástála le haghaidh eintitis airgeadais mhóra.

(25) Tá spleáchas eintiteas airgeadais ar sheirbhísí TFC bunaithe i bpáirt ar a ngá dul in oiriúint do gheilleagar domhanda digiteach iomaíoch atá ag teacht chun cinn, chun borradh a chur faoina n-éifeachtúlacht ghnó agus chun freastal ar éileamh na dtomhaltóirí. Tá forbairt leanúnach tagtha ar chineál agus ar fhairsinge an spleáchais sin le blianta beaga anuas, lenar spreagadh laghdú costais i ngníomhaíocht idirghabhála, lenar cumasaíodh leathnú gnó agus inscálaitheacht in úsáid gníomhaíochtaí idirghabhála agus lenar soláthraíodh réimse leathan uirlisí TFC an tráth céanna chun próisis inmheánacha chasta a bhainistiú.

(26) Is léiriú ar an úsáid fhairsing sin a bhaintear as seirbhísí TFC é socruithe conarthacha casta trína mbíonn deacrachtaí ag eintitis airgeadais go minic maidir le téarmaí conarthacha a chaibidliú atá curtha in oiriúint do na caighdeáin stuamachta nó do na

ceanglais rialála eile a bhfuil siad faoina réir, nó ar bhealach eile chun cearta sonrach a fhorfheidhmiú, amhail cearta rochtana nó iniúchóireachta, i gcás ina gcumhdaítear na nithe deiridh sin sna conarthaí. Thairis sin, ní fhoráiltear i líon mór de na conarthaí sin do chosaintí leordhóthanacha lena bhféadfaí faireachán iomlán a dhéanamh ar phróisis fochonraitheoireachta, rud a bhaineann den eintiteas airgeadais a chumas chun na rioscaí bainteacha sin a mheasúnú. Ina theannta sin, ós rud é gur minic a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí seirbhísí caighdeánaithe do chineálacha éagsúla cliant, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfreastalódh conarthaí den sórt sin go leordhóthanach i gcónaí ar riachtanais aonair nó shonracha na ngníomhaithe sa tionscal airgeadais.

(27) In ainneoin roinnt rialacha ginearálta maidir le seachfhoinsiú i gcuid de reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, níl an faireachán ar an ngné chonarthach fréamhaithe go hiomlán i reachtaíocht an Aontais. In éagmais caighdeáin shoiléire shaincheaptha de chuid an Aontais maidir leis na socruithe conarthacha a dhéantar le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, ní théitear i gleic le foinse sheachtrach an riosca TFC ar bhealach cuimsitheach. Dá réir sin, is gá príomhphrionsabail áirithe a leagan amach chun bainistíocht riosca TFC tríú páirtí ag eintitis airgeadais a threorú, i dteannta sraith buncheart conarthach i ndáil le roinnt gnéithe d'fheidhmiú agus d'fhoirceannadh conarthaí d'fhonn cosaintí íosta a chumhdach atá mar bhonn taca faoi chumas eintiteas airgeadais faireachán éifeachtach a dhéanamh ar gach riosca a thagann chun cinn ar leibhéal TFC tríú páirtí.

(28) Tá easpa aonchineálachta agus cóineasaithe ann maidir le rioscaí TFC tríú páirtí agus spleáchais TFC tríú páirtí. D'ainneoin roinnt iarrachtaí chun dul i ngleic le réimse sonrach an tseachfhoinsithe amhail moltaí 2017 maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhíse,[34] is ar éigean a théitear i ngleic i reachtaíocht an Aontais le fadhb an riosca shistéamaigh a bhféadfaí í a spreagadh mar thoradh ar nochtadh na hearnála airgeadais do líon teoranta soláthraithe seirbhíse criticiúla TFC tríú páirtí. Is measa an easpa sin ar leibhéal an Aontais mar thoradh ar an easpa sainorduithe agus uirlisí sonracha a chuireann ar chumas maoirseoirí náisiúnta tuiscint mhaith a fháil ar spleáchais TFC tríú páirtí agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as dlús spleáchas TFC tríú páirtí den sórt sin.

(29) Agus na rioscaí sistéamacha féideartha a bhaineann leis na cleachtais seachfhoinsithe níos mó agus le dlús TFC tríú páirtí á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar easnamh na sásraí náisiúnta lena gcuirtear ar a gcumas d'uachtaráin airgeadais iarmhairtí rioscaí TFC a tharlaíonn i soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chainníochtú, á cháiliú agus a cheartú, is gá creat formhaoirseachta Aontais iomchuí a bhunú lena bhféadfaí faireachán leanúnach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí ar soláthraithe criticiúla d'eintitis airgeadais iad.

(30) Ós rud é go bhfuil bagairtí TFC ag éirí níos casta agus níos sofaisticiúla, bíonn bearta maithe braite agus coiscthe ag brath cuid mhór ar chomhroinnt rialta faisnéise maidir le bagairtí agus leochaileacht idir eintitis airgeadais. Cuireann an chomhroinnt faisnéise le feasacht níos mó ar chibearbhagairtí, rud a fheabhsaíonn, ina dhiaidh sin, inniúlacht eintiteas airgeadais chun cosc a chur ar theacht chun cinn fíortheagmhas mar thoradh ar bhagairtí agus a chuireann ar a gcumas d'eintitis airgeadais éifeachtaí teagmhas a bhaineann le TFC a choinneáil faoi smacht níos fearr agus athshlánú níos

[34] Moltaí maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhíse (EBA/REC/2017/03), aisghairthe anois le Treoirlínte ÚBE maidir le seachfhoinsiú (EBA/GL/2019/02).

éifeachtúla. In éagmais treorach ar leibhéal an Aontais, dealraíonn sé gur chuir tosca éagsúla bac ar chomhroinnt faisnéise den sórt sin, go háirithe neamhchinnteacht maidir leis an gcomhoiriúnacht leis na rialacha maidir le cosaint sonraí, in aghaidh trustaí, agus maidir le dliteanas.

(31) Ina theannta sin, coinnítear siar faisnéis úsáideach mar thoradh ar dhrogall maidir leis an gcineál faisnéise is féidir a chomhroinnt le rannpháirtithe eile sa mhargadh, nó le húdaráis neamh-mhaoirseachta (amhail ENISA, i gcás ionchur anailíseach, nó Europol, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí). Tá méid agus cáilíocht na comhroinnte faisnéise teoranta agus ilroinnte, agus is ar bhonn áitiúil (trí thionscnaimh náisiúnta) a dhéantar malartuithe áitiúla go príomha agus ní ann do shocruithe comhsheasmhacha comhroinnte faisnéise ar leibhéal an Aontais atá curtha in oiriúint do riachtanais earnála airgeadais comhtháite.

(32) Dá bhrí sin, ba cheart eintitis airgeadais a spreagadh chun a n-eolas aonair agus a dtaithí phraiticiúil a threisiú ar bhonn comhchoiteann ar leibhéal straitéiseach, oirbheartaíochta agus oibríochtúil d'fhonn cur lena gcumais measúnú agus faireachán a dhéanamh ar chibearbhagairtí, cosaint ina n-aghaidh agus freagairt dóibh. Ar an gcaoi sin, is gá teacht chun cinn sásraí ar leibhéal an Aontais a chumasú le haghaidh socruithe deonacha malartaithe faisnéise, rud a chuideodh, dá ndéanfaí é i dtimpeallachtaí iontaofa, leis an bpobal airgeadais cosc a chur ar bhagairtí agus freagairt dóibh ar bhonn comhchoiteann trí theorainn a chur go tapa le scaipeadh rioscaí TFC agus trí bhac a chur ar an tógálacht fhéideartha ar fud na gcainéal airgeadais. Ba cheart na sásraí sin a dhéanamh i gcomhréir iomlán le rialacha dhlí iomaíochta an Aontais is infheidhme[35] agus ar bhealach lena ráthaítear go gcloífear go hiomlán le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, go príomha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[36] go háirithe i gcomhthéacs na próiseála is gá a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha an leasa dhlisteanaigh arna shaothrú ag an rialtóir nó ag tríú páirtí, dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

(33) D'ainneoin an cumhdach leathan atá beartaithe sa Rialachán seo, ba cheart a chur san áireamh le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil éagsúlachtaí móra idir eintitis airgeadais i dtéarmaí méide, próifílí gnó, nó nochtadh do riosca digiteach. Mar phrionsabal ginearálta, agus acmhainní agus cumais á ndíriú ar chur chun feidhme an chreata bainistíochta riosca TFC, ba cheart d'eintitis airgeadais cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir a riachtanais ó thaobh TFC de agus a méid agus a bpróifíl ghnó, agus ba cheart do na húdaráis inniúla leanúint de mheasúnú agus d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith an dáilte sin.

(34) Ós rud é go bhféadfadh acmhainní níos mó a bheith ag eintitis airgeadais níos mó agus go bhféadfaidís cistí a chur ar fáil chun struchtúir rialachais a fhorbairt agus straitéisí corparáideacha éagsúla a bhunú, níor cheart a cheangal ach ar eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad de réir bhrí an Rialacháin seo socruithe rialachais níos casta a bhunú. Tá acmhainní níos fearr ag na heintitis sin go háirithe chun feidhmeanna bainistíochta tiomnaithe a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe le

---

35 Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe comhair cothrománacha], 2011/C 11/01.

36 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó chun déileáil le bainistiú géarchéime, chun a mbainistíocht riosca TFC a eagrú de réir na samhla ‘trí phríomhchosaint’, nó chun doiciméad acmhainní daonna a ghlacadh ina mínítear go cuimsitheach beartais maidir le cearta rochtana.

Ar an gcaoi chéanna, níor cheart a éileamh ach ar na heintitis airgeadais sin measúnuithe doimhne a dhéanamh tar éis athruithe móra ar bhonneagair agus ar phróisis ghréasáin agus chórais faisnéise, anailís riosca a dhéanamh go rialta ar chórais TFC oidhreachta, nó tástáil ar leanúnachas gnó agus pleananna freagartha agus athshlánaithe a fhairsingiú chun cásanna lascaistrithe idir an príomhbhonneagar TFC agus saoráidí iomarcaíochta a ghabháil.

(35) Thairis sin, ós rud é nár cheart a cheangal ach amháin ar na heintitis airgeadais a n-aithnítear a dtábhacht chun ardtástála athléimneachta digití tástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh, ba cheart na próisis riaracháin agus na costais airgeadais a bhaineann le feidhmiú na dtástálacha sin a chur ar chéatadán beag eintiteas airgeadais. Ar deireadh, d’fhonn ualaí rialála a laghdú, níor cheart a iarraidh ach ar eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad gach costas agus caillteanas ar bhristeacha TCF agus teagmhais a bhaineann le TCF ba chúis leo agus torthaí athbhreithnithe iartheagmhais tar éis bristeacha móra TFC a thuairisciú go rialta do na húdaráis inniúla.

(36) Chun ailíniú iomlán agus comhsheasmhacht fhoriomlán a áirithe idir straitéisí gnó eintiteas airgeadais, ar thaobh amháin, agus an bhainistíocht riosca TFC a dhéantar, ar an taobh eile, ba cheart a cheangal ar an gcomhlacht bainistíochta ról lárnach gníomhach a chothabháil i stiúradh agus i nglacadh an chreata bainistíochta riosca TFC agus na straitéise foriomláine maidir le hathléimneacht dhigiteach. Níor cheart go ndíreofaí sa chur chuige a ghlacfaidh an comhlacht bainistíochta ach ar na modhanna chun athléimneacht córas TFC a áirithiú, ach ba cheart daoine agus próisis a chuimsiú leis freisin trí shraith beartas lena gcothaítear, ar gach leibhéal corparáideach, agus do na baill foirne go léir, feasacht láidir ar chibir-rioscaí agus tiomantas chun cloí le cibearshláinteachas docht ar gach leibhéal.

Ba cheart prionsabal uileghabhálach an chuir chuige chuimsithigh sin a bheith mar fhreagracht deiridh an chomhlachta bainistíochta maidir le rioscaí TFC eintitis airgeadais a bhainistiú, cur chuige a léirítear ina dhiaidh sin le rannpháirtíocht an chomhlachta bainistíochta sa rialáil ar an bhfaireachán ar an mbainistíocht riosca TFC.

(37) Thairis sin, bíonn dlúthbhaint idir cuntasacht iomlán an chomhlachta bainistíochta agus leibhéal infheistíochtaí TFC agus buiséid iomláin a urrú chun go bhféadfaidh an t-eintiteas airgeadais a bhonnlíne athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach.

(38) Faoi spreagadh caighdeáin, treoirlínte, moltaí nó cuir chuige ábhartha idirnáisiúnta, náisiúnta agus atá leagtha síos ag an tionscal i ndáil le bainistíocht cibearbhagairtí,[37] cuirtear chun cinn leis an Rialachán seo sraith feidhmeanna lena n-éascaítear struchtúrú foriomlán na bainistíochta riosca TFC. A fhad a fhreagraíonn na príomhchumais a chuireann eintitis airgeadais i bhfeidhm do riachtanais na gcuspóirí

[37] CPMI- IOSCO, *Guidance on cyber resilience for financial market infrastructures*, https://www.bis.org/cpmi/publ/d146.pdf G7 *Fundamental Elements of Cybersecurity for the Financial Sector*, https://www.ecb.europa.eu/paym/pol/shared/pdf/G7_Fundamental_Elements_Oct_2016.pdf; NIST Cybersecurity Framework, https://www.nist.gov/cyberframework; FSB *CIRR toolkit*, https://www.fsb.org/2020/04/effective- practices- for- cyber- incident- response- and- recovery- consultative- document.

dá bhforáiltear leis na feidhmeanna (aithint, cosaint agus cosc, brath, freagairt agus athghabháil, foghlaim agus éabhlóid agus cumarsáid) a leagtar amach sa Rialachán seo, tá sé de shaoirse i gcónaí ag eintitis airgeadais úsáid a bhaint as samhlacha bainistíochta riosca TFC a leagtar amach nó a aicmítear ar bhealach eile.

(39) D'fhonn coimeád cothrom le dáta le réimse cibearshlándála atá ag forbairt i gcónaí, ba cheart d'eintiteas airgeadais córais TFC nuashonraithe a chothabháil atá iontaofa agus a bhfuil cumas leordhóthanach acu ní hamháin chun próiseáil sonraí atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú a seirbhísí a ráthú, ach ina theannta sin le hathléimneacht theicneolaíoch a áirithiú lena gcuirtear ar a gcumas d'eintitis airgeadais déileáil go leordhóthanach le riachtanais próiseála bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar dhálaí anáis sa mhargadh nó ar staideanna díobhálacha eile. Bíodh is nach bhfuil aon chaighdeánú ar chórais, uirlisí ná teicneolaíochtaí TFC sonracha i gceist leis an Rialachán seo, braitheann sé ar úsáid oiriúnach na gcaighdeán teicniúil Eorpach agus aitheanta go hidirnáisiúnta (e.g. ISO) nó na ndea-chleachtas tionscail i measc eintitis airgeadais, a mhéid atá an úsáid sin i gcomhréir iomlán le treoracha maoirseachta sonracha maidir le húsáid agus ionchorprú caighdeán idirnáisiúnta.

(40) Bíonn gá le pleananna éifeachtúla leanúnachais gnó agus athshlánaithe le cur ar chumas eintiteas airgeadais teagmhais a bhaineann le TFC a réiteach go pras agus go tapa, go háirithe cibirionsaithe, trí theorainn a chur leis an damáiste agus tús áite a thabhairt d'atosú gníomhaíochtaí agus bearta athshlánaithe. Mar sin féin, cé gur cheart do chórais chúltaca tosú ar an bpróiseáil gan moill mhíchuí, níor cheart do thosú den sórt sin slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise nó rúndacht na sonraí a chur i gcontúirt.

(41) Bíodh is go gcuireann an Rialachán seo ar a gcumas d'eintitis airgeadais cuspóirí aga athshlánaithe a chinneadh ar bhealach solúbtha agus, ar an gcaoi sin, cuspóirí den sórt sin a leagan síos trí chineál agus criticiúlacht na feidhme ábhartha agus aon riachtanais ghnó shonracha a chur san áireamh, ba cheart go mbeadh sé riachtanach measúnú ar an tionchar foriomlán féideartha ar éifeachtúlacht an mhargaidh a dhéanamh agus cuspóirí den sórt sin á gcinneadh.

(42) Déantar iarmhairtí móra cibirionsaithe a mhéadú nuair a tharlaíonn siad san earnáil airgeadais, réimse atá i bhfad níos mó i mbaol de bheith mar an sprioc ag forleatóirí mailíseacha atá sa tóir ar ghnóthachain airgeadais go díreach ag an bhfoinse. Chun rioscaí den sórt sin a mhaolú agus chun cosc a chur ar chórais TFC sláine a chailliúint nó gan a bheith ar fáil agus ar shárú sonraí rúnda nó ar dhochar don bhonneagar fisiciúil TFC, ba cheart feabhas mór a chur ar thuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC ag eintitis airgeadais.

Ba cheart tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a chomhchuibhiú do gach eintiteas airgeadais trí cheangal orthu tuairisciú dá n- údaráis inniúla féin, agus dóibh sin amháin. Bíodh go mbeadh gach eintiteas airgeadais faoi réir an tuairiscithe sin, ní bheadh an tionchar céanna ar gach eintiteas díobh, ós rud é gur cheart tairseacha ábharthachta ábhartha agus achair ama a chalabrú ar bhealach nach ngabhfaí ach mórtheagmhais a bhaineann le TFC agus iad sin amháin. Le tuairisciú díreach, thabharfaí rochtain do mhaoirseoirí airgeadais ar fhaisnéis faoi theagmhais a bhaineann le TFC. Mar sin féin, ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig údaráis phoiblí neamhairgeadais (údaráis inniúla um shlándáil gréasán agus faisnéise, údaráis náisiúnta cosanta sonraí agus údaráis um fhorfheidhmiú an dlí i gcás teagmhais de chineál coiriúil). Ba cheart an fhaisnéis ar theagmhais a bhaineann le TFC a sheoladh ar bhonn frithpháirteach: ba cheart do

mhaoirseoirí airgeadais an t- aiseolas nó an treoir riachtanach go léir a sheoladh chuig an eintiteas airgeadais agus ba cheart do ÚMEnna sonraí anaithnidithe ar bhagairtí agus ar leochaileachtaí a bhaineann le teagmhas a chomhroinnt chun cuidiú le cosaint chomhchoiteann níos fairsinge.

(43) Ba cheart machnamh breise a bheartú ar lárú féideartha tuairiscí maidir le teagmhais a bhaineann le TFC, trí bhíthin Mhol AE lárnach aonair a gheobhaidh na tuairiscí ábhartha go díreach agus a thabharfaidh fógra do na húdaráis inniúla náisiúnta go huathoibríoch, nó díreach tuairiscí a gcuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta ar aghaidh iad a lárú agus ról comhordaithe a chomhlíonadh. Ba cheart a cheangal ar ÚMEnna tuarascáil chomhpháirteach a ullmhú, i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach agus ENISA agus faoi dháta ar leith, ina ndéanfaí iniúchadh ar a indéanta a bheadh sé Mol AE lárnach den sórt sin a bhunú.

(44) Chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil stóinsithe a bhaint amach, agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta (e.g. Eilimintí Bunúsacha G7 le haghaidh Tástáil Treáite bunaithe ar Bhagairtí), ba cheart d'eintitis airgeadais a gcórais TFC agus a mbaill foirne a thástáil go rialta i ndáil le héifeachtacht a gcumas coiscthe, braite, freagartha agus athshlánaithe, chun leochaileachtaí féideartha TFC a nochtadh agus chun dul i ngleic leo. Chun freagairt d'éagsúlachtaí ar fud na bhfo-earnálacha airgeadais agus laistigh díobh i ndáil le hullmhacht na n-eintiteas airgeadais maidir leis an gcibearshlándáil, ba cheart réimse uirlisí agus gníomhaíochtaí a chuimsiú sa tástáil, idir mheasúnú ar cheanglais bhunúsacha (e.g. measúnuithe agus scanadh leochaileachta, anailísí foinse oscailte, measúnuithe ar shlándáil gréasáin, anailísí ar bhearnaí, athbhreithnithe ar shlándáil fhisiciúil, ceistneoirí agus réitigh scanta bogearraí, athbhreithnithe ar chód foinseach i gcás inarb indéanta, tástáil bunaithe ar chásanna, tástálacha comhoiriúnachta, tástáil cruthachtála, nó tástáil ó cheann go ceann) agus tástáil níos airde (e.g. TLPT do na heintitis airgeadais sin atá aibí go leor ó thaobh TFC le go bhféadfaidh siad tástálacha den sórt sin a dhéanamh). Dá bhrí sin, ba cheart don tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a bheith níos déine ar eintitis mhóra airgeadais (amhail institiúidí creidmheasa móra, stocmhalartáin, taisclanna lárnacha urrús, contrapháirtithe lárnacha, etc.). An tráth céanna, ba cheart do thástáil athléimneachta digití oibríochtúla a bheith níos ábhartha d'fho-earnálacha áirithe a bhfuil ról sistéamach lárnach acu (e.g. íocaíochtaí, baincéireacht, imréiteach agus glanadh), agus gan a bheith chomh hábhartha céanna d'fho-earnálacha eile (e.g. bainisteoirí sócmhainní, gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, etc.). Ba cheart d'eintitis airgeadais trasteorann a fheidhmíonn a gceart bunaíochta nó a gceart seirbhísí a sholáthar san Aontas cloí le sraith aonair ceanglas ardtástála (e.g. TLPT) ina mBallstát baile, agus ba cheart don tástáil sin na bonneagair TFC i ngach dlínse ina bhfeidhmíonn an grúpa trasteorann san Aontas a chuimsiú, rud a chuirfidh ar a gcumas do ghrúpaí trasteorann gan costais tástála a thabhú ach in aon dlínse amháin.

(45) D'fhonn faireachán iontaofa ar riosca TFC tríú páirtí a áirithiú, is gá sraith rialacha bunaithe ar phrionsabail a leagan síos chun faireachán eintiteas airgeadais a threorú ar riosca a eascraíonn i gcomhthéacs feidhmeanna seachfhoinsithe do sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí agus, níos ginearálta, i gcomhthéacs spleáchais TFC tríú páirtí.

(46) Ba cheart d'eintiteas airgeadais a bheith freagrach i gcónaí as comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo. Ba cheart faireachán comhréireach ar riosca a thagann chun cinn ar leibhéal an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a eagrú trí scála, castacht agus tábhacht na spleáchas a bhaineann le TFC, criticiúlacht nó tábhacht na seirbhísí, próiseas nó feidhmeanna atá faoi réir na socruithe conarthacha a chur san áireamh go hiomchuí agus, ar deireadh, ar bhonn measúnú cúramach ar aon tionchar

féideartha ar leanúnachas agus ar cháilíocht na seirbhísí airgeadais ar leibhéal aonair agus grúpa, de réir mar is iomchuí.

(47) Ba cheart an faireachán sin a dhéanamh de réir cur chuige straitéiseach i leith riosca TFC tríú páirtí arna chur ar bhonn foirmiúil ar ghlacadh straitéise tiomnaithe ag comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais, straitéis atá fréamhaithe i scagadh leanúnach ar gach spleáchas TFC tríú páirtí den sórt sin. Chur feabhas a chur ar fheasacht mhaoirseachta ar spleáchais TFC tríú páirtí, agus d'fhonn tacaíocht níos mó a thabhairt don Chreat Formhaoirseachta a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart do mhaoirseoirí airgeadais faisnéis fhíor-riachtanach a fháil go rialta ó na Cláir agus ba cheart dóibh a bheith in ann sleachta as an bhfaisnéis sin a iarraidh ar bhonn ad-hoc.

(48) Ba cheart anailís réamhchonarthach chuimsitheach a dhéanamh roimh shocruithe conarthacha a thabhairt chun críche go foirmiúil agus a bheith mar bhonn taca fúthu, agus ba cheart a bheith mar chúis le foirceannadh conarthaí sraith imthosca ar a laghad lena léirítear easnaimh ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí.

(49) Chun dul i ngleic le tionchar sistéamach riosca TFC tríú páirtí maidir le comhchruinniú, ba cheart réiteach cothrom trí chur chuige solúbtha céimnithe a chur chun cinn mar go bhféadfadh srianta dochta nó teorainneacha dochta bac a chur ar iompar gnó agus ar shaoirse chonarthach. Ba cheart d'eintitis airgeadais measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar shocruithe conarthacha chun an dóchúlacht go dtiocfadh riosca den sórt sin chun cinn a aithint, lena n-áirítear trí anailísí doimhne ar shocruithe fo-sheachfhoinsithe, go háirithe i gcás ina ndéantar iad le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír. Ag an gcéim seo, agus d'fhonn cothromaíocht chóir a aimsiú idir an riachtanas chun saoirse chonarthach a chaomhnú agus an riachtanas chun cobhsaíocht airgeadais a ráthú, ní mheastar gurb iomchuí foráil a dhéanamh maidir le srianta agus teorainneacha dochta ar nochtuithe TFC tríú páirtí. Ba cheart do ÚME a ainmnítear chun an fhormhaoirseacht a dhéanamh le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil ("an Príomh-Fhormhaoirseoir") i bhfeidhmiú tascanna formhaoirseachta aird ar leith a thabhairt chun méid na n-idirspleáchas a thuiscint go hiomlán agus teacht ar chásanna sonracha inar dhócha go gcuirfeadh dlús ard soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí san Aontas brú ar chobhsaíocht agus ar shláine chóras airgeadais an Aontais agus ba cheart ina ionad sin foráil a dhéanamh d'idirphlé le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla i gcás ina n-aithnítear an riosca sin[38].

(50) Chun gur féidir meastóireacht agus faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chumas an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí seirbhísí a sholáthar go slán don eintiteas airgeadais gan éifeachtaí díobhálacha ar athléimneacht an eintitis airgeadais sin, ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar phríomh-eilimintí conarthacha ar feadh feidhmíocht conarthaí le soláthraithe TFC tríú páirtí. Ní chuimsítear leis na heilimintí sin ach na gnéithe conarthacha íosta a mheastar mar a bheith ríthábhachtach chun é a chur ar a chumas don eintiteas airgeadais faireachán iomlán a dhéanamh ó thaobh a athléimneachta digití a bhraitheann ar chobhsaíocht agus ar shlándáil na seirbhíse TFC a áirithiú.

[38] Ina theannta sin, dá dtiocfadh an riosca mí- úsáide ag soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a meastar gur soláthraí seirbhíse ceannasach é chun cinn, ba cheart go bhféadfadh eintitis airgeadais gearán foirmiúil nó neamhfhoirmiúil a dhéanamh freisin leis an gCoimisiún Eorpach nó leis na húdaráis náisiúnta maidir le dlí na hiomaíochta.

(51) Ba cheart foráil a dhéanamh i socruithe conarthacha go háirithe maidir le sonrú ar thuairiscí iomlána ar fheidhmeanna agus seirbhísí, ar shuíomhanna ina soláthraítear na feidhmeanna sin agus ina ndéantar próiseáil ar shonraí, mar aon le léiriú ar thuairiscí iomlána ar leibhéil seirbhíse i dteannta spriocanna feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla laistigh de leibhéil seirbhíse chomhaontaithe lena chur ar a chumas don eintiteas airgeadais faireachán éifeachtach a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart féachaint ar fhorálacha maidir le hinrochtaineacht, infhaighteacht, sláine, slándáil agus cosaint sonraí pearsanta, mar aon le ráthaíochtaí maidir le rochtain, aisghabháil agus tabhairt ar ais, i gcás dhócmhainneacht, dhíscaoileadh nó scor oibríochtaí gnó an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí mar eilimintí riachtanacha freisin do chumas eintitis airgeadais faireachán ar riosca tríú páirtí a áirithiú.

(52) Lena áirithiú go mbeidh smacht iomlán ag eintitis airgeadais ar gach forbairt a d'fhéadfadh cur isteach ar a slándáil TFC, ba cheart tréimhsí fógra agus oibleagáidí tuairiscithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a leagan amach i gcás forbairtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhealach ábhartha ar chumas an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a chomhlíonadh, lena n-áirítear cúnamh ón soláthraí seirbhíse sin i gcás teagmhas a bhaineann le TFC gan aon chostas breise nó ar chostas a chinntear ex-ante.

(53) Is ionstraimí ríthábhachtacha iad cearta rochtana, cigireachta agus iniúchta ag an eintiteas airgeadais nó ag tríú páirtí ceaptha i bhfaireachán leanúnach na n-eintiteas airgeadais ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, i dteannta chomhar iomlán an tsoláthraí sin le linn cigireachtaí. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh na cearta sin ag údarás inniúil an eintitis airgeadais, bunaithe ar fhógraí, chun cigireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, faoi réir rúndachta.

(54) Ba cheart foráil a dhéanamh i socruithe conarthacha maidir le cearta foirceanta soiléire agus fógraí íosta a bhaineann leo mar aon le straitéisí tiomnaithe scoir lena gcumasaítear, go háirithe, idirthréimhsí sainordaitheacha ar cheart do na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí leanúint de na feidhmeanna ábhartha a sholáthar lena linn d'fhonn an riosca bristeacha ar leibhéal an eintitis airgeadais a laghdú nó lena chur ar a chumas don eintiteas sin aistriú go héifeachtach go soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí eile, nó de mhalairt air sin dul i muinín úsáid réiteach ar an áitreabh, i gcomhréir le castacht na seirbhíse arna soláthar.

(55) Thairis sin, úsáid dheonach na gclásal conarthach caighdeánach, úsáid a d'fhorbair an Coimisiún le haghaidh néalseirbhísí, is rud é a d'fhéadfadh compord breise a thabhairt do na heintitis airgeadais agus dá soláthraithe TFC tríú páirtí, trí fheabhas a chur ar an leibhéal deimhneachta dlíthiúla maidir le húsáid néalseirbhísí san earnáil airgeadais, i gcomhréir iomlán le ceanglais agus le hionchais a leagtar amach sa rialachán maidir le seirbhísí airgeadais. Cuireann an obair seo le bearta a beartaíodh cheana féin i bPlean Gníomhaíochta Fintech in 2018 inar fógraíodh an rún a bhí ag an gCoimisiún forbairt clásal conarthach caighdeánach a spreagadh agus a éascú maidir le seachfhoinsiú néalseirbhísí ag eintitis airgeadais, ag baint leas as iarrachtaí páirtithe leasmhara néalseirbhísí trasearnála, atá éascaithe ag an gCoimisiún le cuidiú ó rannpháirtíocht na earnála airgeadais.

(56) D'fhonn cóineasú agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i ndáil le cuir chuige mhaoirseachta maidir le riosca TFC tríú páirtí don earnáil airgeadais, cur le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais a bhraitheann ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla le haghaidh feidhmiú feidhmeanna

oibríochtúla, agus ar an gcaoi sin cuidiú le cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais a chaomhnú, sláine an mhargaidh aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a bheith faoi réir Creat Formhaoirseachta Aontais.

(57) Ós rud é nach gá cóir speisialta ach amháin i gcás soláthraithe seirbhíse tríú páirtí criticiúla, ba cheart sásra ainmniúcháin a chur i bhfeidhm chun críocha Creata Formhaoirseachta an Aontais a chur i bhfeidhm chun gné agus cineál spleáchas na hearnála airgeadais ar na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí sin a chur san áireamh, agus bíonn mar thoradh air sin sraith critéir chainníochtúla agus cáilíochtúla lena leagfaí síos na paraiméadair chriticiúlachta mar bhonn le cur san áireamh san Fhormhaoirseacht. Soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla nach n-ainmnítear go huathoibríoch iad de bhua chur i bhfeidhm na gcritéar thuasluaite, ba cheart go bhféadfaidís roghnú go deonach a bheith páirteach sa Chreat Formhaoirseachta, agus maidir leis na soláthraithe TFC tríú páirtí sin atá faoi réir creataí sásraí formhaoirseachta cheana féin a bhunaítear ar leibhéal an Eurochórais agus é mar aidhm leo tacú leis na tascanna dá dtagraítear in Airteagal 127(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart na soláthraithe sin a dhíolmhú dá réir sin.

(58) Ní hionann an ceanglas maidir le corprú dlíthiúil san Aontas de sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a n-ainmnítear iad mar a bheith criticiúil agus logánú sonraí ós rud é nach gcuimsítear sa Rialachán seo aon cheanglas breise maidir le stóráil nó próiseáil sonraí is gá a dhéanamh san Aontas.

(59) Ba cheart don chreat sin a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát a misin formhaoirseachta féin a dhéanamh i ndáil le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nach soláthraithe criticiúla iad faoin Rialachán seo ach a bhféadfaí iad a mheas mar a bheith tábhachtach ar an leibhéal náisiúnta.

(60) Chun leas a bhaint as an ailtireacht institiúideach ilsrathach atá ann faoi láthair i réimse na seirbhísí airgeadais, ba cheart don Chomhchoiste ÚMEnna leanúint den chomhordú trasearnála foriomlán maidir le gach ábhar a bhaineann le riosca TFC a áirithiú, i gcomhréir lena thascanna i ndáil leis an gcibearshlándáil, le tacaíocht ó Fhochoiste nua (an Fóram Formhaoirseachta) a dhéanann obair ullmhúcháin do chinntí aonair a dhírítear ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla agus do mholtaí comhchoiteanna, go háirithe maidir le cláir formhaoirseachta soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a thagarmharcáil, agus maidir leis na dea-chleachtais a shainaithint chun dul i ngleic le fadhbanna de bharr riosca TFC maidir le comhchruinniú.

(61) Lena áirithiú go ndéantar formhaoirseacht chomhréireach ar scála an Aontais ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a chomhlíonann ról criticiúil d'fheidhmiú na hearnála airgeadais, ba cheart ceann amháin de ÚMEnna a ainmniú mar an Príomh-Fhormhaoirseoir le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil.

(62) Ba cheart na cumhachtaí is gá a bheith ag Príomh-Fhormhaoirseoirí chun imscrúduithe a dhéanamh, cigireachtaí ar an láthair agus lasmuigh den láthair a dhéanamh ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla, dul isteach chuig gach áitreabh agus suíomh ábhartha agus faisnéis iomlán chothrom le dáta a fháil le cur ar a gcumas fíorléargas a fháil ar chineál, ar ghné agus ar thionchar an riosca TFC tríú páirtí do na heintitis airgeadais agus ar deireadh do chóras airgeadais an Aontais.

Réamhriachtanas is ea an phríomh- fhormhaoirseacht a chur ar iontaoibh ÚMEnna chun an ghné shistéamach de riosca TFC san airgeadas a thuiscint agus chun dul i ngleic léi. Mar thoradh ar lorg soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla san Aontas agus na fadhbanna riosca TFC maidir le comhchruinniú a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis, is gá cur chuige comhchoiteann a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais. Ní bheadh forbhreathnú iomlán ar an riosca TFC tríú páirtí mar thoradh ar fheidhmiú il- iniúchtaí agus ceart rochtana, arna ndéanamh ag údaráis inniúla astú féin gan mórán comhordaithe nó gan comhordú ar bith a fhad a chruthófaí iomarcaíocht, ualach agus castacht gan ghá ar leibhéal soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla a mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí iomadúla sin.

(63) Ina theannta sin, ba cheart do Phríomh-Fhormhaoirseoirí a bheith in ann moltaí maidir le cúrsaí a bhaineann le rioscaí TFC agus réitigh oiriúnacha a chur isteach, lena n-áirítear cur in aghaidh socruithe conarthacha áirithe a théann i bhfeidhm, ar deireadh, ar chobhsaíocht an eintitis airgeadais nó an chórais airgeadais. Mar chuid dá bhfeidhm a bhaineann le maoirseacht stuamachta eintiteas airgeadais, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla aird chuí a thabhairt ar chomhlíonadh moltaí substainteacha a leagann na Príomh-Fhormhaoirseoirí amach iad.

(64) Ní chuirfear an Creat Formhaoirseachta in ionad, ná ní úsáidfear ar aon bhealach ná d'aon chuid é in ionad, na bainistíochta a dhéanann eintitis airgeadais ar an riosca a bhaineann le húsáid soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, lena n-áirítear an oibleagáid maidir le faireachán leanúnach a dhéanamh ar a socruithe conarthacha a rinne siad le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla, agus ní bheidh feidhm aige ar fhreagracht iomlán na n-eintiteas airgeadais cloí le gach ceanglas faoin Rialachán seo agus faoin reachtaíocht seirbhísí airgeadais ábhartha agus na ceanglais sin a chomhlíonadh. Chun dúbailtí agus forluití a sheachaint, ba cheart do na húdaráis inniúla staonadh ó aon bheart a ghlacadh leo féin a bhfuil mar aidhm leis faireachán a dhéanamh ar rioscaí an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil. Ba cheart gach beart den sórt sin a chomhordú agus a chomhaontú roimh ré i gcomhthéacs an Chreata Formhaoirseachta.

(65) Chun cóineasú a chur chun cinn ar leibhéal idirnáisiúnta maidir leis na dea-chleachtais nach mór a úsáid san athbhreithniú ar bhainistíocht riosca dhigitigh na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, ba cheart ÚMEnna a spreagadh chun socruithe comhair a dhéanamh leis na húdaráis inniúla ábhartha mhaoirseachta agus rialála i dtríú tíortha chun forbairt dea-chleachtas lena dtéitear i ngleic le riosca TFC tríú páirtí a éascú.

(66) Chun leas a bhaint as saineolas teicniúil saineolaithe údarás inniúil maidir le bainistíocht riosca oibríochtúil agus TFC, ba cheart do Phríomh-Fhormhaoirseoirí leas a bhaint as taithí mhaoirseachta náisiúnta agus foirne scrúdaithe tiomnaithe a bhunú do gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil, lena gcomhthiomsaítear foirne ildisciplíneacha chun tacú le hullmhú agus le feidhmiú iarbhír gníomhaíochtaí formhaoirseachta, lena n-áirítear cigireachtaí ar an láthair ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla, mar aon le bearta leantacha ina leith a bhfuil gá leo.

(67) Ba cheart go mbeadh gach cumhacht mhaoirseachta, imscrúdaithe agus forchurtha smachtbhannaí ag údaráis inniúla le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú. Ba cheart, i bprionsabal, pionóis riaracháin a fhoilsiú. Ós rud é go bhféadfadh eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a bheith bunaithe i mBallstáit éagsúla agus bheith faoi mhaoirseacht ag údaráis inniúla in earnálacha éagsúla, ba cheart dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla iomchuí, lena n-áirítear BCE i ndáil le cúraimí sonracha a bhronntar air faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón

gComhairle[39], agus comhar le ÚMEnna a áirithiú trí mhalartú frithpháirteach faisnéise agus trí chúnamh a sholáthar i dtaca le gníomhaíochtaí maoirseachta.

(68) Chun na critéir ainmniúcháin do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chainníochtú agus a cháiliú níos mó agus chun táillí formhaoirseachta a chomhchuibhiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le: sonrú breise a dhéanamh ar an tionchar sistéamach a d'fhéadfadh a bheith ag mainneachtain soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ar na heintitis airgeadais ar a bhfreastalaíonn sé, an líon institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) nó institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SIInna) a bhíonn ag brath ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí faoi seach, an líon soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá gníomhach i margadh sonrach, na costais a bhaineann le haistriú chuig soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí eile, an líon Ballstát ina soláthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha seirbhísí agus ina bhfeidhmíonn eintitis airgeadais a úsáideann an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha, mar aon le méid na dtáillí formhaoirseachta agus an gcaoi a n-íocfar iad.

Is tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(69) Ós rud é go gcuimsítear leis an Rialachán seo, in éineacht le Treoir (AE) 20xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[41] comhdhlúthú na bhforálacha bainistíochta riosca TFC lena gcuimsítear rialacháin agus treoracha iolracha de acquis an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014, chun comhsheasmhacht iomlán a áirithiú, ba cheart na Rialacháin sin a leasú le soiléiriú go leagtar amach na forálacha ábhartha a bhaineann le riosca TFC sa Rialachán seo.

Ba cheart comhchuibhiú comhsheasmhach na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú i gcaighdeáin theicniúla. Ba cheart ÚMEnna, mar chomhlachtaí a bhfuil saineolas an- speisialaithe acu, a shainordú chun dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, nach mbeadh roghanna beartais ag baint leo, a fhorbairt lena gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt i réimsí na bainistíochta riosca TFC, an tuairiscithe, na tástála agus príomhcheanglais le haghaidh faireachán iontaofa ar riosca TFC tríú páirtí.

(70) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe.

---

39 Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannas Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013. lch. 63).

40 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

41 [*Cuir isteach tagairt iomlán*]

Ba cheart don Choimisiún agus do ÚMEnna a áirithiú go bhféadfaidh na heintitis airgeadais go léir na caighdeáin agus na ceanglais sin a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach le cineál, scála agus castacht na n-eintiteas sin agus a ngníomhaíochtaí.

(71) Chun inchomparáideacht tuairiscí mórtheagmhas a bhaineann le TFC a éascú agus chun trédhearcacht a áirithiú maidir le socruithe conarthacha i ndáil le húsáid seirbhísí TFC arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, ba cheart ÚMEnna a shainordú chun dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt lena mbunaítear teimpléid, foirmeacha agus nósanna imeachta caighdeánaithe d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú, mar aon le teimpléid chaighdeánacha don chlár faisnéise. Agus na caighdeáin sin á bhforbairt, ba cheart do ÚMEnna méid agus castacht na n-eintiteas airgeadais a chur san áireamh, mar aon le cineál agus leibhéal an riosca ina ngníomhaíochtaí. Ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach. Ós rud é gur sonraíodh ceanglais bhreise cheana féin trí ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme bunaithe ar chaighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014, faoi seach, is iomchuí ÚMEnna a shainordú, ina n-aonair nó le chéile tríd an gComhchoiste, chun caighdeáin rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh chun rialacha reatha bainistíochta riosca TFC a thabhairt ar aghaidh agus a thabhairt chun dáta.

(72) Cuimseofar leis an gcleachtas seo leasú ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá ann cheana féin agus a glacadh i réimsí éagsúla den reachtaíocht seirbhísí airgeadais. Maidir le raon feidhme na n-airteagal maidir le riosca oibríochtúil ar dá réir a shainordaigh cumhachtú sna gníomhartha sin gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh, ba cheart an raon feidhme sin a mhodhnú d'fhonn gach foráil lena gcuimsítear athléimneacht dhigiteach oibríochtúil atá ina cuid de na Rialacháin sin inniu a thabhairt ar aghaidh sa Rialachán seo.

(73) Cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá ardleibhéal athléimneachta digití oibríochtúla infheidhme ar gach eintiteas airgeadais, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit a ngnóthú go leordhóthanach de bhrí go n-éilítear leo comhchuibhiú an iliomad rialacha éagsúla, rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair i ngníomhartha áirithe de chuid an Aontais nó i gcórais dlí na mBallstát éagsúil, agus de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí atá sé, gur fearr is féidir a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, prionsabal a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Is éard a leagtar síos leis an Rialachán seo na ceanglais aonfhoirmeacha a leanas maidir le slándáil gréasán agus córas faisnéise a thacaíonn le próisis ghnó eintiteas airgeadais a bhfuil gá leo chun ardleibhéal coiteann athléimneachta digití oibríochtúla a bhaint amach, mar a leanas:

   (a) ceanglais is infheidhme maidir le heintiteas airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas:

   – bainistíocht riosca Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC);

   – tuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC do na húdaráis inniúla;

   – tástáil maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil;

   – comhroinnt faisnéise agus intleachta i ndáil le cibearbhagairtí agus leochaileachtaí;

   – bearta le haghaidh bainistíocht iontaofa den riosca TFC tríú páirtí i measc eintitis airgeadais;

   (b) ceanglais i ndáil leis an socruithe conarthacha a dhéantar idir soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí agus eintitis airgeadais;

   (c) an creat formhaoirseachta do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla agus seirbhísí á soláthar acu d'eintitis airgeadais;

   (d) rialacha maidir le comhar i measc údaráis inniúla agus rialacha maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú ag údaráis inniúla i ndáil le gach ábhar a chuimsítear sa Rialachán seo.

2. I ndáil le heintitis airgeadais a shainaithnítear mar oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha de bhun rialacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/1148, measfar go mbeidh an Rialachán seo ina ghníomh dlí sainearnála de chuid an Aontais chun críocha Airteagal 1(7) den Treoir sin.

Airteagal 2

Raon feidhme pearsanta

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na heintitis seo a leanas:

   (a) institiúidí creidmheasa,

   (b) institiúidí íocaíochta,

   (c) institiúidí ríomh-airgid,

   (d) gnólachtaí infheistíochta,

(e) soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, eisitheoirí criptea-shócmhainní, eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha agus eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha suntasacha,

(f) taisclanna lárnacha urrús,

(g) contrapháirtithe lárnacha,

(h) ionaid trádála,

(i) stórtha trádála,

(j) bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha,

(k) cuideachtaí bainistíochta,

(l) soláthraithe seirbhíse tuairiscithe sonraí,

(m) gnóthais árachais agus athárachais,

(n) idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe athárachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha,

(o) institiúidí le haghaidh pinsin scoir ceirde,

(p) gníomhaireachtaí rátála creidmheasa,

(q) iniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta,

(r) riarthóirí tagarmharcanna criticiúla,

(s) soláthraithe seirbhíse sluachistiúcháin,

(t) stórtha urrúsúcháin,

(u) soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, is mar ‘eintitis airgeadais’ a thagrófar le chéile do na heintitis dá dtagraítear i míreanna (a) go (t) le chéile.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘athléimneacht dhigiteach oibríochtúil’ cumas eintitis airgeadais a shláine oibríochta a thógáil, a dhearbhú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi ó thaobh na teicneolaíochta trí, go díreach nó go hindíreach, úsáid seirbhísí soláthraithe TFC tríú páirtí, réimse iomlán na gcumas a bhaineann le TFC a áirithiú a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a mbaineann eintiteas airgeadais úsáid astu, agus a thacaíonn le soláthar leanúnach seirbhísí airgeadais agus a gcáilíocht;

(2) ciallaíonn ‘córas gréasán agus faisnéise’ córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(3) ciallaíonn ‘slándáil córas gréasán agus faisnéise’ slándáil córas gréasán agus faisnéise mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 4 de Threoir (AE) Uimh. 2016/1148;

(4) ciallaíonn ‘riosca TFC’ aon imthoisc inaitheanta le réasún i ndáil le húsáid córas gréasán agus faisnéise – lena n-áirítear mífheidhmiú, ró-éileamh ar chumas, teip, briseadh, lagú, mí-úsáid, caillteanas nó aon chineál eile teagmhais mhailísigh nó

neamh-mhailísigh – rud a d'fhéadfadh, dá dtiocfadh sé chun cinn, slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise, aon uirlise nó próisis atá spleách ar theicneolaíocht, na hoibríochta agus na bpróiseas arna rith, nó an tsoláthair seirbhísí a chur i mbaol, lena gcuirtear i mbaol sláine nó infhaighteacht sonraí, bogearraí nó aon chomhpháirte eile de sheirbhísí agus de bhonneagair TFC, nó a bhíonn ina chúis le sárú rúndachta, dochar do bhonneagar fisiciúil TFC nó aon tionchar díobhálach eile;

(5) ciallaíonn 'sócmhainn faisnéise' bailiúchán faisnéise, cibé acu inláimhsithe nó doláimhsithe, ar fiú é a chosaint;

(6) ciallaíonn 'teagmhas a bhaineann le TFC' tarlú sainaitheanta gan choinne sna córais gréasán agus faisnéise, cibé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn as gníomhaíocht mhailíseach, a chuireann isteach ar shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise, ar shlándáil na faisnéise a bhíonn á próiseáil, á stóráil nó á tarchur ag na córais sin, nó a mbíonn tionchar díobhálach aige ar infhaighteacht, rúndacht, leanúnachas nó barántúlacht seirbhísí airgeadais arna soláthar ag an eintiteas airgeadais;

(7) ciallaíonn 'mórtheagmhas a bhaineann le TFC' teagmhas a bhaineann le TFC a bhféadfadh drochthionchar mór a bheith aige ar na córais gréasán agus faisnéise a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla an eintitis airgeadais;

(8) ciallaíonn 'cibearbhagairt' 'cibearbhagairt' mar a shainmhínítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42];

(9) ciallaíonn 'cibirionsaí' teagmhas mailíseach a bhaineann le TFC mar thoradh ar iarracht arna déanamh ag gníomhaí bagartha ar bith sócmhainn a scriosadh, a nochtadh, a athrú, a dhíchumasú, a ghoid, nó rochtain gan údarú a fháil uirthi nó úsáid neamhúdaraithe a bhaint aisti;

(10) ciallaíonn 'faisnéis faoi bhagairt' faisnéis atá comhiomlánaithe, claochlaithe, a bhfuil anailís déanta uirthi, atá léirmhínithe nó saibhrithe chun an comhthéacs riachtanach a sholáthar don chinnteoireacht agus lena dtugtar tuiscint ábhartha leordhóthanach chun tionchar teagmhais a bhaineann le TFC nó cibearbhagairt a mhaolú, lena n-áirítear sonraí teicniúla ar chibirionsaí, orthu siúd atá freagrach as an ionsaí, ar a modus operandi agus a spreagadh;

(11) ciallaíonn 'domhainchosaint' straitéis a bhaineann le TFC lena gcomhtháthaítear daoine, próisis agus teicneolaíocht chun bacainní éagsúla a bhunú thar shraitheanna agus gnéithe iolracha den eintiteas;

(12) ciallaíonn 'leochaileacht' laige, soghabháltacht nó fabht sócmhainne, córais, próisis nó rialaithe ar féidir le bagairt é a bhradaíl;

(13) ciallaíonn 'tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí' creat ina ndéantar aithris ar oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta gníomhaithe bagartha ón bhfíorshaol a meastar go bhfuil cibearbhagairt dháiríre ag baint leo, agus lena soláthraítear tástáil rialaithe shaincheaptha bunaithe ar fhaisnéis (foireann dhearg) ar chórais táirgthe bheo chriticiúla an eintitis;

---

[42] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

(14) ciallaíonn ‘riosca TFC tríú páirtí’ riosca TFC a d’fhéadfadh teacht chun cinn d’eintiteas airgeadais i ndáil leis an úsáid a bhaineann sé as seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó ag fochonraitheoirí de chuid an tsoláthraí sin;

(15) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí’ gnóthas a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha agus sonraí, lena n-áirítear soláthraithe néalseirbhísí, bogearraí, seirbhísí anailísíochta sonraí, ionaid sonraí, ach ní chuimsítear leis soláthraithe comhpháirteanna crua-earraí agus gnóthais a údaraítear faoi dhlí an Aontais a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear i bpointe (4) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43];

(16) ciallaíonn ‘seirbhísí TFC’ seirbhísí digiteacha agus sonraí a sholáthraítear trí na córais TFC d’aon úsáideoir inmheánach nó seachtrach amháin nó níos mó, lena n-áirítear soláthar sonraí, iontráil sonraí, stóráil sonraí, seirbhísí próiseála agus tuairiscithe sonraí, faireachán sonraí mar aon le gnó bunaithe ar shonraí agus seirbhísí tacaíochta cinnteoireachta;

(17) ciallaíonn ‘feidhm chriticiúil nó thábhachtach’ feidhm a mbeadh tionchar ábhartha diúltach ag a feidhmíocht scortha, lochtach nó theipthe ar eintiteas airgeadais agus é ag cloí le coinníollacha agus oibleagáidí a údaraithe, nó lena oibleagáidí eile faoin reachtaíocht seirbhísí airgeadais is infheidhme, nó a fheidhmíocht airgeadais nó iontaofacht nó leanúnachas a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí;

(18) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil’ soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 29 agus atá faoi réir an Chreata Formhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagail 30 go 37;

(19) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír’ soláthraí seirbhíse TFC ar duine dlítheanach é atá bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil gnó/láithreacht bunaithe aige san Aontas, agus a rinne socrú conarthach le heintiteas airgeadais le haghaidh soláthar seirbhísí TFC;

(20) ciallaíonn ‘fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtríú tír’ fochonraitheoir TFC ar duine dlítheanach é atá bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil gnó/láithreacht bunaithe aige san Aontas, agus a rinne socrú conarthach le soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, nó le soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír;

(21) ciallaíonn ‘riosca TFC maidir le comhchruinniú’ nochtadh d’aon soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil amháin nó níos mó, rud a chruthaíonn spleáchas áirithe ar na soláthraithe sin ionas go bhféadfadh neamh-infhaighteacht, mainneachtain nó cineál eile easnaimh na soláthraithe sin cumas eintitis airgeadais, agus faoi dheoidh cumas chóras airgeadais an Aontais ina iomláine, feidhmeanna criticiúla a sholáthar, nó cur suas le cineál eile drochthionchar, lena n-áirítear caillteanais mhóra, a chur i mbaol;

(22) ciallaíonn ‘comhlacht bainistíochta’ comhlacht bainistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (36) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE, pointe (7) d’Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE, pointe (s) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE, pointe 45 d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, pointe (20) d’Airteagal 3(1) de

[43] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú) (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], pointe (u) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 20xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] [MICA] nó na daoine coibhéiseacha a stiúrann an t-eintiteas i ndáiríre nó a bhfuil príomhfheidhmeanna acu i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(23) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46];

(24) ciallaíonn 'gnólacht infheistíochta' gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(25) ciallaíonn 'institiúid íocaíochta' institiúid íocaíochtaí mar a shainmhínítear i bpointe (d) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2015/2366;

(26) ciallaíonn 'institiúid ríomh-airgid' institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47];

(27) ciallaíonn 'contrapháirtí lárnach' contrapháirtí lárnach mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(28) ciallaíonn 'stór trádála' stór trádála mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(29) ciallaíonn 'taisclann lárnach urrús' taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2(1) de Rialachán 909/2014;

(30) ciallaíonn 'ionad trádála' ionad trádála mar a shainmhínítear i bpointe (24) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(31) ciallaíonn 'bainisteoir cistí infheistíochta malartacha' bainisteoir cistí infheistíochta malartacha mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE;

(32) ciallaíonn 'cuideachta bhainistíochta' cuideachta bhainistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE;

(33) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí' soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí mar a shainmhínítear i bpointe (63) d'Airteagal (4)(1) de Threoir 2014/65/AE;

(34) ciallaíonn 'gnóthas árachais' gnóthas árachais mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE;

---

44 Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).

45 [*Cuir isteach tagairt iomlán agus sonraí IO*]

46 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

47 Treoir 2009/110/CE an 16 Meán Fómhair 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n- aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

(35) ciallaíonn ‘gnóthas athárachais’ gnóthas athárachais mar a shainmhínítear i bpointe (4) d’Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE;

(36) ciallaíonn ‘idirghabhálaí árachais’ idirghabhálaí árachais mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/97;

(37) ciallaíonn ‘idirghabhálaí árachais coimhdeach’ idirghabhálaí árachais coimhdeach mar a shainmhínítear i bpointe (4) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/97;

(38) ciallaíonn ‘idirghabhálaí athárachais’ idirghabhálaí athárachais mar a shainmhínítear i bpointe (5) d’Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/97;

(39) ciallaíonn ‘institiúid le haghaidh pinsin scoir ceirde’ institiúid pinsin scoir ceirde mar a shainmhínítear i bpointe (6) d’Airteagal 1 de Threoir 2016/2341;

(40) ciallaíonn ‘gníomhaireacht rátála creidmheasa’ gníomhaireacht rátála creidmheasa mar a shainmhínítear i bpointe (a) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009;

(41) ciallaíonn ‘iniúchóir reachtúil’ iniúchóir reachtúil mar a shainmhínítear i bpointe (2) d’Airteagal 2 de Threoir 2006/43/CE;

(42) ciallaíonn ‘gnólachtaí iniúchóireachta’ gnólacht iniúchóireachta mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 2 de Threoir 2006/43/CE;

(43) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní’ soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear i bpointe (n) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 202x/xx [*PO: cuir isteach tagairt do Rialachán MICA*];

(44) ciallaíonn ‘eisitheoir criptea-shócmhainní’ eisitheoir criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear i bpointe (h) d’Airteagal 3(1) de [*IO: cuir isteach tagairt do Rialachán MICA*];

(45) ciallaíonn ‘eisitheoir licíní sócmhainn-tagartha’ eisitheoir licíní sócmhainn-tagartha mar a shainmhínítear i bpointe (i) d’Airteagal 3(1) de [*IO: cuir isteach tagairt do Rialachán MICA*];

(46) ciallaíonn ‘eisitheoir licíní sócmhainn-tagartha suntasacha’ eisitheoir licíní sócmhainn-tagartha suntasacha mar a shainmhínítear i bpointe (j) d’Airteagal 3(1) de [*IO: cuir isteach tagairt do Rialachán MICA*];

(47) ciallaíonn ‘riarthóir tagarmharcanna criticiúla’ riarthóir tagarmharcanna criticiúla mar a shainmhínítear i bpointe (x) d’Airteagal x de Rialachán xx/202x [*IO: cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna*];

(48) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin’ soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear i bpointe (x) d’Airteagal x de Rialachán (AE) 202x/xx [*PO: cuir isteach tagairt don Rialachán maidir le Sluachistiú*];

(49) ciallaíonn ‘stór urrúsúcháin’ stór urrúsúcháin mar a shainmhínítear i bpointe 23 d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(50) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ eintiteas airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE.

CAIBIDIL II

BAINISTÍOCHT RIOSCA TFC

ROINN I

Airteagal 4

Rialachas agus eagrú

1. Beidh creataí rialachais agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag eintitis airgeadais lena n-áirithítear bainistíocht éifeachtach stuama i gcás gach riosca TFC.

2. Cur chun feidhme gach socraithe a bhaineann leis an gcreat bainistíochta TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), is é comhlacht bainistíochta an eintitis airgeadais a dhéanfaidh a shainmhíniú, a fhormheas, agus a fhormhaoirsiú, agus is é a bheidh freagrach as an gcur chun feidhme:

   Chun críocha na chéad fhomhíre, maidir leis an gcomhlacht bainistíochta:

   (a) is air a bheidh an fhreagracht dheiridh as rioscaí TFC an eintitis airgeadais a bhainistiú;

   (b) is é a leagfaidh síos róil agus freagrachtaí soiléire le haghaidh gach feidhme a bhaineann le TFC;

   (c) is é a shocróidh an leibhéal lamháltais riosca iomchuí maidir le riosca TFC an eintitis airgeadais, dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(9);

   (d) is é a dhéanfaidh cur chun feidhme an Bheartais um Leanúnachas Gnó TFC agus an Phlean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC de chuid an eintitis airgeadais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10 faoi seach a fhormheas agus a mhaoirsiú, agus a athbhreithniú go tréimhsiúil;

   (e) is é a dhéanfaidh na pleananna iniúchta TFC, iniúchtaí TFC agus modhnuithe ábhartha orthu sin a fhormheas agus a athbhreithniú go tréimhsiúil;

   (f) is é a dhéanfaidh an buiséad iomchuí a leithdháileadh, agus is é a dhéanfaidh athbhreithniú tréimhsiúil air, chun riachtanais athléimneachta digití oibríochtúla an eintitis airgeadais a chomhlíonadh i ndáil le gach cineál acmhainne, lena n-áirítear oiliúint ar rioscaí TFC agus scileanna le haghaidh na foirne ábhartha go léir;

   (g) Beartas an eintitis airgeadais maidir le socruithe i ndáil le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, is é a dhéanfaidh a bhformheas agus a n-athbhreithniú go tréimhsiúil;

   (h) cuirfear é ar an eolas mar is iomchuí i ndáil leis na socruithe a dhéantar le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí maidir le húsáid seirbhísí TFC, i ndáil le haon athruithe ábhartha beartaithe maidir le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, agus i ndáil le tionchar féideartha na n-athruithe sin ar na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha atá faoi réir na socruithe sin, lena n-áirítear achoimre a fháil ar an anailís riosca chun tionchar na n-athruithe sin a mheasúnú;

   (i) cuirfear é ar an eolas mar is iomchuí i ndáil le teagmhais TFC agus lena dtionchar agus maidir le bearta freagartha, athshlánaithe agus ceartaitheacha.

3. Eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad, bunóidh siad ról chun faireachán a dhéanamh ar na socruithe a dhéantar le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí maidir le húsáid seirbhísí TFC, nó ainmneoidh siad duine den ardbhainistíocht a bheidh freagrach as an neamhchosaint ar riosca a bhaineann leis agus as doiciméid ábhartha a fhormhaoirsiú.

4. Cuirfear oiliúint shonrach ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta go rialta agus coinneoidh siad eolas agus scileanna leordhóthanacha cothrom le dáta chun rioscaí TFC agus a dtionchar ar oibríochtaí an eintitis airgeadais a thuiscint agus a mheasúnú.

ROINN II

Airteagal 5

Creat bainistíochta riosca TFC

1. Beidh creat bainistíochta riosca TFC atá iontaofa, cuimsitheach agus dea-dhoiciméadaithe ag eintitis airgeadais, rud a chuireann ar a gcumas dóibh dul i ngleic le riosca TFC go tapa, go héifeachtach agus go cuimsitheach agus ardleibhéal athléimneachta digití oibríochtúla a áirithiú atá i gcomhréir lena riachtanais ghnó, a méid agus a gcastacht.

2. An creat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, áireofar leis straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail TFC agus uirlisí atá riachtanach chun gach comhpháirt fhisiciúil agus bonneagar ábhartha a chosaint, lena n-áirítear crua-earraí ríomhaireachta, freastalaithe mar aon le gach áitreabh, ionad sonraí agus limistéar ainmnithe íogaire ábhartha, lena áirithiú go mbíonn cosaint leordhóthanach ag na gnéithe fisiciúla sin go léir ar rioscaí lena n-áirítear dochar agus rochtain nó úsáid neamhúdaraithe.

3. Déanfaidh eintitis airgeadais tionchar an riosca TFC a laghdú an oiread is féidir trí leas a bhaint as straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí iomchuí mar a chinntear sa chreat bainistíochta riosca TFC. Soláthróidh siad faisnéis iomlán atá cothrom le dáta maidir le rioscaí TFC de réir mar a éileoidh na húdaráis inniúla.

4. Mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad córas bainistíochta faisnéise slándála a chur chun feidhme bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta aitheanta agus i gcomhréir le treoir mhaoirseachta, agus déanfaidh siad athbhreithniú rialta ar an gcóras sin.

5. Eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad, áiritheoidh sin leithscaradh iomchuí ar fheidhmeanna bainistíochta TFC, feidhmeanna rialála, agus feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí, de réir na samhla ‘trí phríomhchosaint’, nó de réir samhail inmheánach bainistíochta riosca agus rialála.

6. An creat bainistíochta riosca dá dtagraítear i mír 1, déanfar a dhoiciméadú agus a athbhreithniú uair sa bhliain ar a annaimhe, sin agus i gcás aon mhórtheagmhais TFC, agus tar éis treoracha maoirseachta nó conclúidí a thagann as tástáil ábhartha maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil nó próisis iniúchóireachta ábhartha. Ar bhonn na gceachtanna a eascraíonn as cur chun feidhme agus faireachán, is leanúnach a bheifear ag cur feabhais air.

7. Iniúchóirí TFC ag a bhfuil eolas, scileanna agus saineolas leordhóthanach i riosca TFC, déanfaidh siad iniúchadh rialta ar an gcreat bainistíochta riosca TFC dá

dtagraítear i mír 1. An mhinicíocht agus an bhéim atá sna hiniúchtaí TFC, is rudaí iad a bheidh i gcomhréir le rioscaí TFC an eintitis airgeadais.

8. Bunófar próiseas foirmiúil leantach, lena n-áirítear rialacha maidir le fíorú agus réiteach tráthúil torthaí criticiúla ó iniúchadh TFC, agus cuirfear san áireamh ann na conclúidí ón athbhreithniú ar an iniúchadh, agus tabharfar an aird chuí ar chineál, scála agus castacht sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí na n-eintiteas airgeadais.

9. An creat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear i mír 1, áireofar ann straitéis um athléimneacht dhigiteach ina leagfar síos an chaoi a gcuirfear an creat chun feidhme. Chuige sin, áireofar ann na modhanna chun dul i ngleic le riosca TFC agus cuspóirí sonracha TFC a bhaint amach mar a leanas:

   (a) an chaoi a dtacaíonn an creat bainistíochta riosca TFC le straitéis agus cuspóirí gnó an eintitis airgeadais a mhíniú;

   (b) an leibhéal lamháltais riosca maidir le riosca TFC a leagan síos, i gcomhréir le hinghlacthacht riosca an eintitis airgeadais, agus anailís ar lamháltas tionchair na mbristeacha TFC;

   (c) cuspóirí soiléire a leagan amach i gcomhair na slándála faisnéise;

   (d) míniú a thabhairt ar an ailtireacht tagartha TFC agus ar aon athruithe a bhfuil gá leo chun cuspóirí sonracha gnó a bhaint amach;

   (e) achoimre ar na sásraí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm chun tionchar teagmhas TFC a bhrath, cosaint ina n-aghaidh, agus iad a chosc;

   (f) líon na mórtheagmhas tuairiscithe TFC a léiriú maille lena éifeachtaí na mbeart coiscthe

   (g) straitéis iomlánaíoch ildíoltóirí TFC a shainmhíniú ar leibhéal an eintitis lena léirítear na príomhspleáchais ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí agus lena mínítear an réasúnaíocht ba bhun leis an measc án soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ó thaobh soláthair de

   (h) tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a chur chun feidhme;

   (i) achoimre a thabhairt ar straitéis cumarsáide i gcás teagmhais TFC.

10. Ach a mbeidh formheas déanta ag na húdaráis inniúla, féadfaidh eintitis airgeadais na tascanna maidir le fíorú chomhlíontacht na gceanglas bainistíochta riosca TFC a tharmligean do ghnóthais inghrúpa nó sheachtracha.

Airteagal 6 ***Córais, prótacail agus uirlisí TFC***

1. Déanfaidh eintitis airgeadais córais, prótacail agus uirlisí TFC a úsáid agus a choinneáil ar bun atá cothrom le dáta agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

   (a) na córais agus na huirlisí a bheith iomchuí do chineál, éagsúlacht, castacht agus méid na n-oibríochtaí lena dtacaítear le déanamh a ngníomhaíochtaí;

   (b) iad a bheith iontaofa;

   (c) inniúlacht leordhóthanach a bheith acu chun próiseáil chruinn a dhéanamh ar na sonraí atá riachtanach d'fheidhmiú gníomhaíochtaí agus do sholáthar seirbhísí in am, agus chun déileáil le buaicmhéideanna orduithe,

teachtaireachtaí nó idirbheart, de réir mar is gá, lena n-áirítear i gcás ina dtugtar isteach teicneolaíocht nua;

(d) is athléimneach dóibh ó thaobh na teicneolaíochta de chun déileáil go leormhaith leis na riachtanais bhreise próiseála faisnéise de réir mar is gá faoi dhálaí anáis sa margadh nó i staideanna díobhálacha eile.

2. I gcás ina n-úsáideann eintitis airgeadais caighdeáin theicniúla atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar aon le cleachtais atá chun tosaigh sa tionscal i réimse na slándála faisnéise agus na rialuithe inmheánacha TFC, is i gcomhréir le haon mholadh maoirseachta ábhartha faoina n-ionchorprú a úsáidfidh siad na caighdeáin agus na cleachtais sin.

Airteagal 7

Aitheantas

1. Mar chuid den chreat bainistíochta rioscaí TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), déanfaidh eintitis airgeadais gach feidhm ghnó TFC, maille leis na sócmhainní faisnéise a thacaíonn leis na feidhmeanna sin, sin agus cumraíochtaí an chórais TFC agus na hidirnaisc le córais TFC inmheánacha agus sheachtracha a aithint, a aicmiú agus a dhoiciméadú go leordhóthanach. Déanfaidh eintitis airgeadais athbhreithniú de réir mar is gá, agus uair sa bhliain ar a annaimhe, ar leordhóthanacht aicmiú na sócmhainní faisnéise chomh maith le haon doiciméad ábhartha.

2. Is leanúnach a aithneoidh eintitis airgeadais gach foinse riosca TFC, go háirithe neamhchosaint eintiteas airgeadais eile ar riosca agus neamhchosaint mar thoradh ar eintitis airgeadais eile, agus déanfaidh siad measúnú ar chibearbhagairtí agus ar leochaileachtaí TFC atá ábhartha dá bhfeidhmeanna gnó agus dá sócmhainní faisnéise TFC. Déanfaidh eintitis airgeadais athbhreithniú rialta, uair sa bhliain ar a annaimhe, ar na cásanna riosca bhfuil siad faoi thionchar acu.

3. Déanfaidh eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad measúnú riosca tar éis gach mórathraithe i mbonneagar an chórais gréasán agus faisnéise, sna próisis nó sna nósanna imeachta a théann i gcion ar a bhfeidhmeanna, próisis tacaíochta nó ar a gcuid sócmhainní faisnéise.

4. Aithneoidh eintitis airgeadais gach cuntas ar chórais TFC, lena n-áirítear cuntais ar shuíomhanna cianda, na hacmhainní gréasáin agus an trealamh crua-earraí, agus déanfaidh siad mapáil ar an trealamh fisiceach a meastar gur trealamh criticiúil é. Déanfaidh siad mapáil ar chumraíocht na sócmhainní TFC agus ar na naisc agus na hidirspleáchais idir na sócmhainní TFC éagsúla.

5. Déanfaidh eintitis airgeadais gach próiseas a bhraitheann ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a aithint agus a dhoiciméadú, agus aithneoidh siad idirnaisc le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí.

6. Chun críocha mhíreanna 1, 4 agus 5, coinneoidh eintitis airgeadais fardail agus tabharfaidh siad na fardail sin cothrom le dáta go rialta.

7. Déanfaidh eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad measúnú sonrach ar riosca TFC ar gach córas oidhreachta TFC go rialta, agus uair sa bhliain ar a annaimhe, go háirithe roimh sheanteicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí nua, sean-fheidhmchláir agus feidhmchláir nua, nó seanchórais agus córais nua a nascadh agus ina dhiaidh sin.

Airteagal 8

Cosaint agus Cosc

1. Chun críocha cosaint leordhóthanach a thabhairt do na córais TFC agus d'fhonn bearta freagartha a eagrú, déanfaidh eintitis airgeadais faireachán agus rialú leanúnach ar fheidhmiú na gcóras agus na n-uirlisí TFC agus laghdóidh siad tionchar na rioscaí sin an oiread is féidir trí leas a bhaint as uirlisí, beartais agus nósanna imeachta slándála TFC iomchuí.

2. Déanfaidh eintitis airgeadais straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí slándála TFC a dhearadh, a fháil agus a chur chun feidhme a bhfuil mar aidhm leo, go háirithe, athléimneacht, leanúnachas agus infhaighteacht córas TFC a áirithiú, agus caighdeáin arda slándála, rúndachta agus sláine sonraí a chothabháil, cibé acu atá na sonraí sin á stóráil, in úsáid nó faoi bhealach.

3. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 2 a bhaint amach, úsáidfidh eintitis airgeadais teicneolaíocht agus próisis úrscothacha TFC:

   (a) lena ráthaítear slándáil an mhodha aistrithe faisnéise;

   (b) lena laghdaítear an oiread is féidir an riosca éillithe nó caillteanais sonraí, an riosca rochtana neamhúdaraithe agus an riosca fabhtanna teicniúla a d'fhéadfadh bac a chur ar ghníomhaíocht ghnó;

   (c) lena gcuirtear cosc ar sceitheadh faisnéise;

   (d) lena n-áirithítear go gcosnaítear na sonraí ar dhrochriarachán nó ar rioscaí a bhaineann le próiseáil, lena n-áirítear coinneáil neamhdhóthanach taifead.

4. Mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), déanfaidh eintitis airgeadais na nithe seo a leanas:

   (a) beartas slándála faisnéise a fhorbairt agus a dhoiciméadú lena sainmhínítear rialacha chun rúndacht, sláine agus infhaighteacht a n-acmhainní TFC, sonraí agus sócmhainní faisnéise féin, agus acmhainní TFC, sonraí agus sócmhainní faisnéise a gcustaiméirí, a chosaint;

   (b) ag cloí le cur chuige bunaithe ar riosca, bainistíocht fhónta gréasáin agus bonneagair a bhunú le teicnící, modhanna agus prótacail iomchuí lena n-áirítear sásraí uathoibrithe chun sócmhainní faisnéise a dtéitear i bhfeidhm orthu a scaradh amach i gcás cibirionsaithe;

   (c) beartais a chur i bhfeidhm lena ndéantar an rochtain fhisiciúil agus fhíorúil ar acmhainní an chórais TFC agus ar shonraí a theorannú dá bhfuil riachtanach le haghaidh feidhmeanna agus gníomhaíochtaí dlisteanacha formheasta, agus sraith beartas, nósanna imeachta agus rialuithe a bhunú chuige sin lena dtéitear i ngleic le cearta rochtana agus riarachán fónta orthu sin;

   (d) beartais agus prótacail le haghaidh sásraí fíordheimhnithe láidir a chur chun feidhme, bunaithe ar chaighdeáin ábhartha agus córais rialúcháin thiomnaithe chun rochtain a chosc ar eochracha cripteagrafacha trína ndéantar sonraí a chriptiú bunaithe ar thorthaí próiseas formheasta aicmithe sonraí agus measúnaithe riosca;

   (e) beartais, nósanna imeachta agus rialuithe a chur chun feidhme le haghaidh bainistíocht athruithe TFC, lena n-áirítear athruithe ar bhogearraí, crua-earraí, comhpháirteanna dochtearraí, athruithe córais nó slándála, atá bunaithe ar chur

chuige measúnaithe riosca agus mar chuid dhílis de phróiseas foriomlán bainistíochta athruithe an eintitis airgeadais, lena áirithiú go ndéantar gach athrú ar chórais TFC a thaifeadadh, a thástáil, a mheasúnú, a fhormheas, a chur chun feidhme agus a fhíorú ar bhealach rialaithe;

(f) beartais iomchuí chuimsitheacha a bheith acu maidir le paistí agus nuashonruithe.

Chun críocha phointe (b), dearfaidh eintitis airgeadais an bonneagar nasctha gréasáin ar bhealach lena bhféadfaí an nasc a ghearradh ar an toirt agus áiritheoidh siad a roinnt i ndeighleoga agus a dheighilt, d'fhonn tógálacht a laghdú an oiread is féidir agus a chosc, go háirithe le haghaidh próisis airgeadais idirnasctha.

Chun críocha phointe (e), beidh an próiseas bainistíochta athruithe TFC formheasta ag línte bainistíochta iomchuí agus cumasófar prótacail shonracha ann le haghaidh athruithe éigeandála.

Airteagal 9

Brath

1. Beidh sásraí i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun gníomhaíochtaí aimhrialta a bhrath go pras, i gcomhréir le hAirteagal 15, lena n-áirítear fadhbanna feidhmíochta gréasáin agus teagmhais a bhaineann le TFC, agus chun gach pointe teipthe ábhartha aonair féideartha a aithint.

   Déanfar tástáil rialta ar gach sásra braite dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir le hAirteagal 22.

2. Leis na sásraí braite dá dtagraítear i mír 1, cumasófar sraitheanna iolracha rialaithe, sainmhíneofar tairseacha foláirimh agus critéir chun próisis braite teagmhas a bhaineann le TFC agus próisis freagartha do theagmhais a bhaineann le TFC a thruicearú, agus cuirfear i bhfeidhm sásraí foláirimh uathoibríocha do bhaill foirne ábhartha atá i gceannas ar an bhfreagairt do theagmhais a bhaineann le TFC.

3. Cuirfidh eintitis airgeadais dóthain acmhainní agus cumas ar fáil, ag féachaint go hiomchuí dá méid, dá ngnó agus dá bpróifílí riosca, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht úsáideoirí, neamhréireachtaí TFC agus teagmhais a bhaineann le TFC a tharlaíonn, go háirithe cibirionsaithe.

4. Ina theannta sin, beidh i bhfeidhm ag eintitis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 2(1) córais lena bhféadfar tuarascálacha ar thrádáil a sheiceáil le haghaidh iomláine, easnaimh agus earráidí soiléire a aithint, agus athsheoladh aon tuarascálacha earráideacha den sórt sin a iarraidh.

Airteagal 10

Freagairt agus athshlánú

1. Mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus bunaithe ar na ceanglais aitheantais a leagtar amach in Airteagal 7, cuirfidh eintitis airgeadais Beartas um Leanúnachas Gnó TFC i bhfeidhm atá tiomnaithe agus cuimsitheach mar chuid dhílis de bheartas leanúnachais gnó oibríochta an eintitis airgeadais.

2. Cuirfidh eintitis airgeadais an Beartas um Leanúnachas Gnó TFC dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm trí shocruithe, pleananna, nósanna imeachta agus sásraí atá tiomnaithe, iomchuí agus doiciméadaithe agus a bhfuil mar aidhm leo:

(a) gach teagmhas a bhaineann le TFC a thaifeadadh;

(b) leanúnachas fheidhmeanna criticiúla an eintitis airgeadais a áirithiú;

(c) freagairt do gach teagmhas a bhaineann le TFC, agus iad a réiteach, go tapa, go hiomchuí agus go héifeachtach, go háirithe cibirionsaithe ach gan a bheith teoranta dóibh, ar bhealach lena gcuirtear teorainn leis an dochar agus lena dtugtar tús áite d'atosú gníomhaíochtaí agus gníomhartha athshlánaithe;

(d) pleananna tiomnaithe a ghníomhachtú gan mhoill lena gcumasaítear bearta, próisis agus teicneolaíochtaí srianta atá in oiriúint do gach cineál teagmhais a bhaineann le TFC agus dochar eile a chosc, mar aon le nósanna imeachta saincheaptha freagartha agus athshlánaithe a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11;

(e) tionchair, dochar agus caillteanais tosaigh a mheas;

(f) gníomhaíochtaí cumarsáide agus bainistíochta géarchéime a leagan amach lena n-áirithítear go seoltar faisnéis chothrom le dáta chuig gach ball foirne inmheánach ábhartha agus gach páirtí leasmhar seachtrach ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 13, agus go dtuairiscítear an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 17.

3. Mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), cuirfidh eintitis airgeadais Plean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC gaolmhar i bhfeidhm a chuirfear, i gcás eintitis airgeadais nach micrifhiontair iad, faoi réir athbhreithnithe iniúchóireachta neamhspleáiche.

4. Déanfaidh eintitis airgeadais pleananna leanúnachais gnó TFC iomchuí a chur i bhfeidhm, a choinneáil ar bun, agus a thástáil go tréimhsiúil, go háirithe maidir le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachfhoinsítear nó a chuirtear amach ar conradh trí shocruithe le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí.

5. Mar chuid dá mbainistíocht chuimsitheach riosca TFC, déanfaidh eintitis airgeadais na nithe seo a leanas:

(a) tástáil ar an mBeartas um Leanúnachas Gnó TFC agus ar an bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC uair sa bhliain ar a laghad agus tar éis athruithe móra ar na córais TFC;

(b) tástáil ar na pleananna cumarsáide géarchéime a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 13.

Chun críocha phointe (a), áireoidh eintitis airgeadais seachas micrifhiontair sna pleananna tástála faoi chásanna cibirionsaithe agus lacaistrithe idir an príomhbhonneagar TFC agus an acmhainneacht iomarcach, cúltacaí agus saoráidí iomarcacha is gá chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 11 a chomhlíonadh.

Athbhreithneoidh eintitis airgeadais a mBeartas um Leanúnachas Gnó TFC agus a bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste TFC go tráthrialta agus torthaí na dtástálacha, arna ndéanamh i gcomhréir leis an chéad fhomhír agus le moltaí a eascraíonn as seiceálacha iniúchóireachta nó as athbhreithnithe maoirseachta, á gcur san áireamh.

6. Beidh feidhm bhainistíochta géarchéime ag eintitis airgeadais seachas micrifhiontair, lena leagfar amach, i gcás go ngníomhachtófar a mBeartas um Leanúnachas Gnó TFC nó a bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste TCF, nósanna imeachta soiléire chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach i gcás géarchéime a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 13.

7. Coimeádfaidh eintitis airgeadais taifid ar ghníomhaíochtaí roimh imeachtaí bristeacha agus lena linn i gcás go ngníomhachtófar a mBeartas um Leanúnachas Gnó TCF nó a bPlean Athshlánaithe ó Thubaiste TCF. Beidh taifid den sórt sin ar fáil go héasca.

8. Soláthróidh eintitis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 2(1) do na húdaráis inniúla cóipeanna de thorthaí na dtástálacha ar leanúnachas gnó TCF nó de thorthaí cleachtaí eile den sórt sin arna ndéanamh le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

9. Tuairisceoidh eintitis airgeadais seachas micrifhiontair d'údaráis inniúla gach costas agus caillteanas de dheasca bristeacha TCF agus teagmhas a bhaineann le TCF.

Airteagal 11

Beartais chúltaca agus modhanna athshlánaithe

1. Chun a áirithiú go n-athbhunófar córais TFC agus aga neamhfhónaimh íosta agus briseadh teoranta i gceist leis, mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, forbróidh eintitis airgeadais:

   (a) beartas cúltaca lena sonrófar raon feidhme na sonraí is ábhar don chúltaca agus íosmhinicíocht an chúltaca, bunaithe ar chriticiúlacht na faisnéise nó ar íogaireacht na sonraí:

   (b) modhanna athshlánaithe.

2. Tosóidh córais chúltaca ar an bpróiseáil gan moill mhíchuí, ach amháin sa chás go gcuirfeadh tosú den sórt sin slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise nó sláine nó rúndacht na sonraí i gcontúirt.

3. I gcás go mbeidh sonraí cúltaca á n-athbhunú agus a gcuid córas féin á n-úsáid acu, úsáidfidh eintitis airgeadais córais TFC a bhfuil timpeallacht oibriúcháin acu a bheidh difriúil leis an bpríomhthimpeallacht oibriúcháin, nach mbeidh nasctha go díreach leis an bpríomhthimpeallacht sin agus a bheidh faoi chosaint shábháilte ar aon rochtain neamhúdaraithe agus ar aon éilliú TFC.

   D'eintitis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 2(1), beifear in ann na hidirbhearta ar fad tráth an bhriste a athshlánú de dhroim na bpleananna athshlánaithe ionas go mbeidh an contrapháirtí lárnach in ann leanúint de bheith ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta.

4. Coinneoidh eintitis airgeadais inniúlachtaí iomarcacha TFC ar bun a mbeidh cumais acmhainní agus feidhmiúlachtaí acu a bheidh leordhóthanach agus leormhaith chun riachtanais ghnó a áirithiú.

5. Coinneoidh eintitis airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 2(1) suíomh próiseála tánaisteach amháin ar a laghad ar bun a mbeidh acmhainní, cumais, feidhmiúlachtaí agus socruithe foirne aige ar leordhóthanach agus arb iomchuí iad chun riachtanais ghnó a áirithiú, nó áiritheoidh na heintitis sin go gcoinneoidh a soláthraithe TFC tríú páirtí suíomh próiseála den sórt sin ar bun.

Maidir leis an suíomh próiseála tánaisteach, beidh sé:

(a) suite ag achar geografach ón bpríomhshuíomh próiseála chun a áirithiú go mbeidh próifíl riosca shainiúil aige agus chun cosc a chur leis an imeacht, a rinne difear don phríomhshuíomh, difear a dhéanamh don suíomh tánaisteach;

(b) cumasach leanúnachas seirbhísí criticiúla, a bheidh comhionann leis an bpríomhshuíomh, a áirithiú, nó cumasach an leibhéal seirbhísí is gá a sholáthar chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an t-eintiteas airgeadais a oibríochtaí criticiúla faoi chuimsiú na gcuspóirí athshlánaithe;

(c) inrochtana láithreach ag baill foirne an eintitis airgeadais chun leanúnachas seirbhísí criticiúla a áirithiú i gcás nach mbeidh fáil ar an bpríomhshuíomh próiseála.

6. I gcás go mbeidh an t-aga athshlánaithe agus cuspóirí na bpointí á gcinneadh le haghaidh gach feidhme, cuirfidh eintitis airgeadais an tionchar foriomlán féideartha ar éifeachtúlacht an mhargaidh san áireamh. Áiritheofar leis na cuspóirí ama sin go mbainfear amach, i gcásanna foircneacha, na leibhéil seirbhíse chomhaontaithe.

7. Agus eintitis airgeadais ag athshlánú ó theagmhas a bhaineann le TFC, déanfaidh siad seiceálacha iolracha, lena n-áirítear réitigh, chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal is airde i gceist le leibhéal shláine na sonraí. Déanfar na seiceálacha sin freisin agus sonraí ó pháirtithe leasmhara seachtracha á n-atógáil, chun a áirithiú go mbeidh na sonraí uile comhsheasmhach idir córais.

Airteagal 12

Foghlaim agus forbairt

1. Beidh cumais agus foireann, a oirfidh dá méid, dá ngnó agus dá bpróifílí riosca, i bhfeidhm ag eintitis airgeadais chun faisnéis a bhailiú ar leochaileachtaí agus ar chibearbhagairtí, ar theagmhais a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe, agus chun na tionchair is dócha a bheidh acu ar a n-athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a anailísiú.

2. Cuirfidh eintitis airgeadais athbhreithnithe iartheagmhais a bhaineann le TFC i bhfeidhm tar éis bristeacha móra TFC ar a gcroí-ghníomhaíochtaí, lena n-anailíseofar cúiseanna an bhriste agus lena sainaithneofar feabhsuithe riachtanacha ar na hoibríochtaí TFC nó laistigh den Bheartas um Leanúnachas Gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 10.

I gcás athruithe a bheith á gcur chun feidhme, cuirfidh eintitis airgeadais seachas micrifhiontair na hathruithe sin in iúl do na húdaráis inniúla.

Cinnfear leis na hathbhreithnithe iartheagmhais a bhaineann le TFC dá dtagraítear sa chéad fhomhír cibé acu ar leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta atá bunaithe agus arbh éifeachtach na gníomhartha a rinneadh lena n- áirítear:

(a) i ndáil leis an tapúlacht maidir leis an bhfreagairt d'fholáirimh shlándála agus maidir le tionchar teagmhas a bhaineann le TFC agus a ndéine a chinneadh;

(b) i ndáil leis an gcáilíocht agus leis an luas lena ndéantar anailís fhóiréinseach;

(c) i ndáil le héifeachtacht an phróisis ghéaraithe maidir leis an teagmhas laistigh den eintiteas airgeadais;

(d) i ndáil le héifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí.

3. Áireofar ceachtanna, a eascróidh as an tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagail 23 agus 24 agus de bharr fíortheagmhas a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe, mar aon le dúshláin a bhíonn le sárú agus pleananna um leanúnachas gnó nó pleananna athshlánaithe á ngníomhachtú, in éineacht le faisnéis ábhartha arna malartú le contrapháirtithe agus arna measúnú i rith athbhreithniú maoirseachta, ar bhonn leanúnach go cuí sa phróiseas measúnaithe riosca TFC. Déanfar athbhreithniú iomchuí ar chomhchodanna ábhartha den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de na torthaí sin.

4. Déanfaidh eintitis airgeadais faireachán ar éifeachtacht chur chun feidhme a straitéise athléimneachta digití a leagtar amach in Airteagal 5(9). Mapálfaidh siad forbairt rioscaí TFC le himeacht ama, anailíseoidh siad minicíocht, cineálacha, méid agus forbairt na dteagmhas a bhaineann le TFC, go háirithe cibirionsaithe agus a bpatrúin, d'fhonn an leibhéal riosca TFC dá bhfuil an t-eintiteas airgeadais nochta a thuiscint agus cibearaibíocht agus ullmhacht an eintitis airgeadais a fheabhsú.

5. Tuairisceoidh baill shinsearacha den fhoireann TFC uair sa bhliain ar a laghad don chomhlacht bainistíochta maidir leis na torthaí dá dtagraítear i mír 3 agus cuirfidh siad moltaí ar aghaidh.

6. Forbróidh eintitis airgeadais cláir feasachta slándála TFC agus oiliúintí san athléimneacht dhigiteach oibríochtúil mar mhodúil éigeantacha ina scéimeanna oiliúna foirne. Beidh feidhm acu sin maidir le gach fostaí agus le baill foirne ardbhainistíochta.

   Déanfaidh eintitis airgeadais faireachán ar fhorbairtí teicneolaíochta ábhartha ar bhonn leanúnach, d'fhonn tuiscint a fháil freisin ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist le húsáid na dteicneolaíochtaí nua sin ar na ceanglais slándála TFC agus ar an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil. Coimeádfaidh siad iad féin ar an eolas faoi na próisis bhainistíochta riosca TFC is déanaí, ag cur i gcoinne foirmeacha cibirionsaithe nua nó foirmeacha cibirionsaithe reatha go héifeachtach.

Airteagal 13 ***Cumarsáid***

1. Mar chuid den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), beidh pleananna cumarsáide i bhfeidhm ag eintitis airgeadais lena gcumasófar teagmhais a bhaineann le TFC nó leochaileachtaí móra a nochtadh ar bhealach freagrach do chliaint agus do chontrapháirtithe agus don phobal chomh maith, de réir mar is iomchuí.

2. Mar chuid den chreat bainistíochta rioscaí TFC dá dtagraítear in Airteagal 5(1), cuirfidh eintitis airgeadais beartais chumarsáide chun feidhme don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara seachtracha. Cuirfear san áireamh le beartais chumarsáide don fhoireann an gá le hidirdhealú a dhéanamh idir baill foirne a bhfuil lámh acu sa bhainistíocht rioscaí TFC, go háirithe freagairt agus athshlánú, agus baill foirne is gá a chur an eolas.

3. Cuirfear de chúram ar dhuine amháin ar a laghad san eintiteas an straitéis cumarsáide le haghaidh teagmhas a bhaineann le TFC a chur chun feidhme agus comhlíonfaidh an duine sin an ról mar urlabhraí poiblí agus urlabhraí do na meáin chumarsáide chun na críche sin.

Airteagal 14

Comhchuibhiú breise ar uirlisí, modhanna, próisis agus beartais um bhainistíocht riosca TFC

Forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na gcríoch seo a leanas:

(a) gnéithe breise a shonrú le cur sna beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí um bainistíocht slándála TFC dá dtagraítear in Airteagal 8(2), d'fhonn slándáil gréasán a áirithiú, coimircí leordhóthanacha a chumasú i gcoinne ionraí agus mí-úsáid sonraí, barántúlacht agus sláine sonraí a chaomhnú, lena n-áirítear teicnící cripteagrafaíochta, agus tarchur cruinn pras sonraí gan bristeacha móra a dhearbhú;

(b) forordú conas a dhéanfar, le beartais, nósanna imeachta agus uirlisí slándála TFC dá dtagraítear in Airteagal 8(2), rialuithe slándála a chur ina gcuid de chórais ó thráth a dtionscanta (slándáil trí dhearadh), conas a bheifear in ann, leis na beartais, nósanna imeachta agus uirlisí sin, dul in oiriúint do thimpeallacht na bagartha atá ag forbairt, agus foráil a dhéanamh maidir le teicneolaíocht domhainchosanta a úsáid;

(c) sonrú breise a dhéanamh ar na teicnící iomchuí, ar na modhanna iomchuí agus ar na prótacail iomchuí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 8(4);

(d) comhpháirteanna breise de na rialuithe ar chearta bainistíochta rochtana dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 8(4) a fhorbairt chomh maith le beartas acmhainní daonna gaolmhar lena sonrófar cearta rochtana, nósanna imeachta chun cearta a dheonú agus a chúlghairm, faireachán a dhéanamh ar iompar aimhrialta i ndáil le rioscaí TFC trí tháscairí iomchuí, lena n-áirítear le haghaidh patrún agus uaireanta úsáide gréasáin, gníomhaíochta TFC agus gairis anaithnide;

(e) forbairt bhreise a dhéanamh ar na gnéithe a shonraítear in Airteagal 9(1) lena gcumasófar gníomhaíochtaí aimhrialta a bhrath go pras chomh maith leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 9(2) lena dtionscnaítear próisis bhraite agus freagartha i ndáil le teagmhais a bhaineann le TFC;

(f) sonrú breise a dhéanamh ar chomhpháirteanna an Bheartais um Leanúnachas Gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 10(1);

(g) sonrú breise a dhéanamh ar thástáil na bpleananna um leanúnachas gnó TFC dá dtagraítear in Airteagal 10(5) chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí sa tástáil cásanna insamhlaithe ina dtagann meathlúchán ar cháilíocht soláthair feidhme criticiúla nó feidhme tábhachtaí go mbeidh an cháilíocht ar leibhéal do-ghlactha nó go gcliseann ar an soláthar, agus go measfar go cuí sa tástáil tionchar féideartha na dócmhainneachta ag aon soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha nó an tionchar a bhainfeadh le haon chliseadh eile orthu agus, i gcás inarb ábhartha, na rioscaí polaitiúla i ndlínsí na soláthraithe faoi seach;

(h) sonrú breise a dhéanamh ar chomhpháirteanna an Bheartais Athshlánaithe ó Thubaiste TFC dá dtagraítear in Airteagal 10(3).

Cuirfidh ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach.

CAIBIDIL III

TEAGMHAIS A BHAINEANN LE TFC

BAINISTIÚ, AICMIÚ agus TUAIRISCIÚ

Airteagal 15 Próiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC

1. Déanfaidh eintitis airgeadais próiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC a bhunú agus a chur chun feidhme chun teagmhais a bhaineann le TFC a bhrath, a bhainistiú agus fógra a thabhairt ina dtaobh agus cuirfidh siad táscairí luathrabhaidh mar fholáirimh i bhfeidhm.

2. Bunóidh eintitis airgeadais próisis iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán comhsheasmhach comhtháite, láimhseáil chomhsheasmhach chomhtháite agus bearta leantacha comhsheasmhacha comhtháite maidir le teagmhais a bhaineann le TFC, chun a chinntiú go sainaithneofar agus go ndíothófar na bunchúiseanna agus chun tarlú teagmhas den sórt sin a chosc.

3. Maidir leis an bpróiseas bainistíochta teagmhas a bhaineann le TFC dá dtagraítear i mír 1:

   (a) bunófar nósanna imeachta chun teagmhais a bhaineann le TFC a shainaithint, a rianú, a logáil, a chatagóiriú agus a aicmiú de réir a dtosaíochta agus de réir dhéine agus chriticiúlacht na seirbhísí ar imríodh tionchar orthu, i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 16(1);

   (b) sannfar róil agus freagrachtaí is gá a ghníomhachtú le haghaidh cineálacha difriúla teagmhas a bhaineann le TFC agus cásanna insamhlaithe difriúla teagmhas a bhaineann le TFC;

   (c) leagfar pleananna amach chun nósanna imeachta inmheánacha méadúcháin, lena n-áirítear gearáin ó chustaiméirí a bhaineann le TFC, a chur in iúl don fhoireann, do pháirtithe leasmhara seachtracha agus do na meáin chumarsáide i gcomhréir le Airteagal 13, agus chun fógra a thabhairt do chliaint ina dtaobh, chomh maith le pleananna chun faisnéis a sholáthar d'eintitis airgeadais a ghníomhaíonn mar chontrapháirtithe, de réir mar is iomchuí;

   (d) áiritheofar go dtuairisceofar mórtheagmhais a bhaineann le TFC do bhaill ábhartha den ardbhainistíocht agus go gcuirfear an comhlacht bainistíochta ar an eolas faoi mhórtheagmhais a bhaineann le TFC, ag míniú an tionchair, na freagartha agus na rialuithe breise a bheidh le bunú de thoradh teagmhas a bhaineann le TFC;

   (e) bunófar nósanna imeachta freagartha do theagmhais a bhaineann le TFC chun tionchair a mhaolú agus chun a áirithiú go rachaidh seirbhísí i mbun feidhme agus go mbeidh siad slán go tráthúil.

Airteagal 16

Teagmhais a bhaineann le TFC a aicmiú

1. Aicmeoidh eintitis airgeadais teagmhais a bhaineann le TFC agus cinnfidh siad a dtionchar bunaithe ar na critéir seo a leanas:

   (a) an líon úsáideoirí nó contrapháirtithe airgeadais a ndearna an briseadh, arbh é an teagmhas a bhaineann le TFC ba chúis leis, difear dóibh, agus cibé acu ar chúis nó nár chúis é an teagmhas a bhaineann le TFC le tionchar ar a gclú;

   (b) fad an teagmhais a bhaineann le TFC, lena n-áirítear aga neamhfhónaimh na seirbhíse;

   (c) an raon geografach maidir leis na limistéir a ndearna an teagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh, go háirithe má rinne sé difear do bhreis agus dhá Bhallstát;

   (d) na caillteanais sonraí atá i gceist leis an teagmhas a bhaineann le TFC, amhail caillteanas sláine, caillteanas rúndachta nó caillteanas infhaighteachta;

   (e) déine thionchar an teagmhais a bhaineann le TFC ar chórais TFC an eintitis airgeadais;

   (f) criticiúlacht na seirbhísí a ndearnadh difear dóibh, lena n-áirítear idirbhearta agus oibríochtaí an eintitis airgeadais;

   (g) tionchar eacnamaíoch an teagmhais a bhaineann le TFC i dtéarmaí absalóideacha agus coibhneasta araon.

2. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste ÚMEnna (an ‘Comhchoiste’), agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus ENISA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena ndéanfar sonrú breise ar an méid seo a leanas:

   (a) na critéir a leagtar amach i mír 1, lena n-áirítear tairsí ábharthachta chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC, atá faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 17(1), a chinneadh;

   (b) na critéir atá le feidhmiú ag údaráis inniúla chun ábharthacht na mórtheagmhas a bhaineann le TFC do dhlínsí na mBallstát eile a mheasúnú, agus mionsonraí thuarascálacha na dteagmhas a bhaineann le TFC atá le comhroinnt le húdaráis inniúla eile de bhun phointí (5) agus (6) d’Airteagal 17.

3. Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear i mír 2 á bhforbairt, cuirfidh ÚMEnna caighdeáin idirnáisiúnta san áireamh, chomh maith le sonraíochtaí arna bhforbairt agus arna bhfoilsiú ag ENISA, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sonraíochtaí d’earnálacha eacnamaíocha eile.

   Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [*OF: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

   Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach.

Airteagal 17

Mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú

1. Tuairisceoidh eintitis airgeadais mórtheagmhais a bhaineann le TFC don údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 41, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 3.

   Chun críche na chéad fhomhíre, tabharfaidh eintitis airgeadais, tar éis dóibh an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú agus a anailísiú, tuarascáil teagmhais ar aird agus úsáid á baint as an teimpléad dá dtagraítear in Airteagal 18 agus í a chur faoi bhráid an údaráis inniúil.

   Beidh an fhaisnéis uile sa tuarascáil is gá don údarás inniúil chun a shuntasaí agus atá an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a chinneadh agus chun tionchair fhéideartha thrasteorann a mheasúnú.

2. I gcás go bhfuil nó go bhféadfadh go mbeidh tionchar ag mórtheagmhas a bhaineann le TFC ar leasanna airgeadais úsáideoirí seirbhíse agus cliant, cuirfidh eintitis airgeadais, gan moill mhíchuí, a gcuid úsáideoirí agus cliant ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus ar an eolas a thúisce is féidir faoi gach beart dá ndearnadh chun na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le teagmhas den sórt sin a mhaolú.

3. Cuirfidh eintitis airgeadais faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 41:

   (a) fógra tosaigh, gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná deireadh an tseisiúin trádála, nó i gcás mórtheagmhais a bhaineann le TFC a tharla tráth ba dhéanaí ná 2 uair an chloig roimh dheireadh an tseisiúin trádála, tráth nach déanaí ná 4 uair an chloig ó thús an chéad seisiúin trádála eile, nó, i gcás nach mbeidh bealaí tuairiscithe ar fáil, a thúisce a thagann siad chun bheith ar fáil;

   (b) tuarascáil idirmheánach, tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis an fhógra tosaigh dá dtagraítear i bpointe (a), agus fógraí nuashonraithe de réir mar is iomchuí ina dhiaidh sin gach uair a bhíonn fáil ar nuashonrú stádais ábhartha, agus arna iarraidh sin go sonrach ag an údarás inniúil chomh maith;

   (c) tuarascáil deiridh, nuair a bheidh an anailís ar an mbunchúis curtha i gcrích, beag beann ar cibé acu ar cuireadh bearta maolaithe chun feidhme cheana féin nó nár cuireadh, agus nuair a bheidh na figiúir iarbhír faoin tionchar ar fáil chun dul in ionad meastachán, ach tráth nach déanaí ná mí amháin ón tráth a seoladh an tuarascáil tosaigh

4. Ní fhéadfaidh eintitis airgeadais na hoibleagáidí tuairiscithe faoin Airteagal seo a tharmligean do sholáthraí seirbhíse tríú páirtí ach amháin sa chás go bhformheasfaidh an t-údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 41 tarmligean na n-oibleagáidí sin.

5. Ar fháil na tuarascála dá dtagraítear i mír 1 dó, soláthróidh an t-údarás inniúil, gan moill mhíchuí, mionsonraí faoin teagmhas:

   (a) do ÚBE, do ESMA nó do ÚEÁPC, de réir mar is iomchuí;

   (b) do BCE, de réir mar is iomchuí, i gcás eintiteas airgeadais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 2(1); agus

(c) don phointe teagmhála aonair arna ainmniú faoi Airteagal 8 de Threoir (AE) 2016/1148.

6. Méasúnóidh ÚBE, ESMA nó ÚEÁPC agus BCE ábharthacht an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC d'údaráis phoiblí ábhartha eile agus tabharfaidh siad fógra dóibh dá réir sin a thúisce is féidir. Tabharfaidh BCE fógra do bhaill an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais maidir le saincheisteanna is ábhartha don chóras íocaíochta. Bunaithe ar an bhfógra sin, déanfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, na bearta uile is gá chun cobhsaíocht láithreach an chórais airgeadais a chosaint.

Airteagal 18

Ábhar tuairiscithe agus teimpléid tuairiscithe a chomhchuibhiú

1. Forbróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus tar éis dul i gcomhairle le ENISA agus BCE, an méid seo a leanas:

(a) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna:

(1) chun ábhar an tuairiscithe maidir le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a shuíomh;

(2) chun sonrú breise a dhéanamh ar na dálaí faoina bhféadfaidh eintitis airgeadais na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach sa Chaibidil seo a tharmligean do sholáthraí tríú páirtí, má dhéanann an t-údarás inniúil formheas a thabhairt roimh ré;

(b) dréachtchaighdeáin theicniúla chomhchoiteanna cur chun feidhme chun na foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha a bhunú d'eintitis airgeadais maidir le mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thuairisciú.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chomhchoiteanna cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 faoi bhráid an Choimisiúin faoin xx 202x [*OF: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála chomhchoiteanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chomhchoiteanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

Airteagal 19

Tuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC a lárú

1. Ullmhóidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i gcomhairle le BCE agus ENISA, comhthuarascáil ina ndéanfar measúnú ar a fhéideartha a bheadh sé lárú breise a dhéanamh ar thuairisciú teagmhas trí Mhol AE aonair a bhunú d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú. Féachfar sa tuarascáil ar bhealaí chun sreabhadh an tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a éascú, chun

costais ghaolmhara a laghdú agus chun bheith mar bhonn taca faoi anailísí téamacha d'fhonn cóineasú maoirseachta a fheabhsú.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:

(a) réamhriachtanais maidir le Mol AE den sórt sin a bhunú;

(b) tairbhí, teorainneacha agus rioscaí féideartha;

(c) gnéithe den bhainistíocht oibríochtúil;

(d) coinníollacha ballraíochta;

(e) módúlachtaí d'eintitis airgeadais agus d'údaráis náisiúnta inniúla chun an Mol AE a rochtain;

(f) réamh-mheasúnú ar chostais airgeadais a bheidh i gceist leis an ardán oibríochta a thacaíonn leis an Mol AE a chur ar bun, lena n-áirítear an saineolas riachtanach

3. Cuirfidh ÚMEnna an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle faoin xx 202x [*IO: cuir isteach an dáta 3 bliana tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Airteagal 20

Aiseolas maoirseachta

1. Ar tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 17(1) a fháil, admhóidh an t-údarás inniúil an fógra a bheith faighte agus soláthróidh a thapa agus is féidir gach aiseolas nó treoir is gá don eintiteas airgeadais, go háirithe chun réitigh ar leibhéal an eintitis a phlé nó bealaí chun tionchar díobhálach ar fud earnálacha a íoslaghdú.

2. Tuairisceoidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, go bliantúil ar bhonn anaithnidithe comhiomlánaithe ar na fógraí faoi theagmhais a bhaineann le TFC a fhaightear ó údaráis inniúla, agus leagfar amach an líon mórtheagmhas a bhaineann le TFC, a gcineál, a dtionchar ar oibríochtaí eintiteas airgeadais nó ar chustaiméirí, a gcostais chomh maith leis an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh.

Eiseoidh ÚMEnna rabhaidh agus soláthróidh siad staidreamh ardleibhéil chun tacú le measúnuithe ar bhagairtí agus ar leochaileachtaí maidir le TFC.

CAIBIDIL IV

TÁSTÁIL MAIDIR LE hATHLÉIMNEACHT DHIGITEACH OIBRÍOCHTÚIL

Airteagal 21

Ceanglais ghinearálta maidir le tástáil athléimneachta digití oibríochtúla a dhéanamh

1. Chun ullmhacht le haghaidh teagmhas a bhaineann le TFC a mheasúnú, chun laigí, easnaimh nó bearnaí san athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a shainaithint agus chun bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme go pras, déanfaidh eintitis airgeadais, le haird chuí ar a méid, ar a ngnó agus ar a bpróifíl riosca, clár fónta cuimsitheach tástála athléimneachta digití oibríochtúla a bhunú, a choinneáil ar bun agus a

athbhreithniú mar chuid bhunúsach den chreat bainistíochta riosca TFC dá dtagraítear in Airteagal 5.

2. Beidh raon measúnuithe, tástálacha, modheolaíochtaí, cleachtas agus uirlisí sa chlár tástála athléimneachta digití oibríochtúla a bheidh le feidhmiú i gcomhréir le forálacha Airteagail 22 agus 23.

3. Leanfaidh eintitis airgeadais cur chuige bunaithe ar rioscaí agus an clár tástála athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear i mír 1 á reáchtáil, agus na forbairtí atá ag teacht ar thimpeallacht na rioscaí TFC á gcur san áireamh, chomh maith le haon rioscaí sonracha dá bhfuil nó dá bhféadfadh an t-eintiteas airgeadais a bheith nochta, criticiúlacht na sócmhainní faisnéise agus na seirbhísí a sholáthraítear, chomh maith le haon toisc eile arb iomchuí dar leis an eintiteas airgeadais.

4. Áiritheoidh eintitis airgeadais go dtabharfaidh páirtithe neamhspleácha faoi thástálacha, cibé acu tástálacha inmheánacha nó seachtracha.

5. Bunóidh eintitis airgeadais nósanna imeachta agus beartais chun gach saincheist a admhaítear i rith fheidhmiú na dtástálacha a chur in ord tosaíochta, a aicmiú agus a réiteach agus bunóidh siad modheolaíochtaí bailíochtaithe inmheánacha chun a dhearbhú go rachfar i ngleic go hiomlán leis na laigí, na heasnaimh nó na bearnaí uile a shainaithnítear.

6. Tástálfaidh eintitis airgeadais gach córas TFC criticiúil agus gach feidhmchlár TFC criticiúil uair sa bhliain ar a laghad.

Airteagal 22

Uirlisí agus córais TFC a thástáil

1. Forálfar leis an gclár tástála athléimneachta digití oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 21 maidir le raon iomlán tástálacha iomchuí a fheidhmiú, lena n-áirítear measúnuithe leochaileachta agus scanadh leochaileachta, anailísí foinse oscailte, measúnuithe ar shlándáil gréasáin, anailísí ar bhearnaí, athbhreithnithe ar shlándáil fhisiciúil, ceistneoirí agus réitigh scanta bogearraí, athbhreithnithe ar chód foinseach i gcás inarb indéanta, tástálacha bunaithe ar chásanna insamhlaithe, tástáil comhoiriúnachta, tástáil feidhmíochta, tástáil ó cheann go ceann nó tástáil treáite.

2. Déanfaidh eintitis airgeadais dá dtagraítear i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 2(1) measúnuithe leochaileachta sula mbainfear aon úsáid as seirbhísí nua nó as seirbhísí a bhí ann cheana nó sula n-athshannfar seirbhísí den sórt sin a thacaíonn le feidhmeanna, feidhmchláir agus comhpháirteanna bonneagair criticiúla an eintitis airgeadais.

Airteagal 23

Ardtástáil ar uirlisí, córais agus próisis TFC bunaithe ar thástáil treáite bunaithe ar bhagairtí

1. Déanfaidh eintitis airgeadais a shainaithnítear i gcomhréir le mír 4 ardtástáil gach 3 bliana ar a laghad trí bhíthin tástála treáite bunaithe ar bhagairtí.

2. Cumhdófar ar a laghad le tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí feidhmeanna criticiúla agus seirbhísí criticiúla eintitis airgeadais, agus déanfar an tástáil sin ar chórais táirgeachta bheo a thacaíonn leis na feidhmeanna sin. Cinnfidh eintitis airgeadais raon feidhme beacht na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí, bunaithe ar an measúnú

ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí criticiúla, agus déanfaidh na húdaráis inniúla an raon feidhme sin a bhailíochtú.

Chun críche na chéad fhomhíre, sainaithneoidh eintitis airgeadais gach bunphróiseas, bunchóras agus bunteicneolaíocht ábhartha TFC a thacaíonn le feidhmeanna agus le seirbhísí criticiúla, lena n- áirítear feidhmeanna agus seirbhísí arna seachfhoinsiú chuig soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nó arna gcur faoi cheangal conartha do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí.

I gcás go n- áireofar soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí i gcúram na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí, déanfaidh an t- eintiteas airgeadais na bearta is gá chun rannpháirteachas na soláthraithe sin a áirithiú.

Cuirfidh eintitis airgeadais rialuithe éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm chun na rioscaí a bheadh i gceist le haon tionchar féideartha ar shonraí a laghdú, chomh maith le díobháil fhéideartha do shócmhainní agus briseadh féideartha ar sheirbhísí nó oibríochtaí criticiúla san eintiteas airgeadais féin, a chontrapháirtithe nó don earnáil airgeadais.

Ag deireadh na tástála, tar éis tuarascálacha agus pleananna feabhsúcháin a chomhaontú, soláthróidh an t- eintiteas airgeadais agus na tástálaithe seachtracha don údarás inniúil an doiciméadacht lena ndearbhófar go ndearnadh an tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí i gcomhréir leis na ceanglais. Déanfaidh údaráis inniúla an doiciméadacht a bhailíochtú agus eiseoidh siad fianú.

3. Déanfaidh eintitis airgeadais conradh le tástálaithe i gcomhréir le hAirteagal 24 chun tabhairt faoi thástáil treáite bunaithe ar bhagairtí.

Sainaithneoidh údaráis inniúla eintitis airgeadais chun tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh ar bhealach a bheidh comhréireach le méid, scála, gníomhaíocht agus próifíl riosca fhoriomlán an eintitis airgeadais, bunaithe ar mheasúnú ar an méid seo a leanas:

(a) tosca a bhaineann le tionchar, go háirithe criticiúlacht na seirbhísí a sholáthraíonn agus na ngníomhaíochtaí a dhéanann an t-eintiteas airgeadais;

(b) ábhair imní fhéideartha maidir le cobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear saintréithe sistéamacha an eintitis airgeadais ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, de réir mar is iomchuí;

(c) próifíl riosca shonrach TFC, leibhéal sonrach aibíocht TFC an eintitis airgeadais nó gnéithe sonracha teicneolaíochta atá i gceist.

4. Forbróidh ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC, tar éis dóibh dul i gcomhairle le BCE agus creataí ábhartha san Aontas, a bhaineann le tástálacha treáite bunaithe ar fhaisnéis, a chur san áireamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú breise a dhéanamh:

(a) ar na critéir a úsáidtear chun mír 6 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm;

(b) ar na ceanglais i ndáil le:

(a) raon feidhme na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

(b) an mhodheolaíocht tástála agus an cur chuige tástála atá le leanúint le haghaidh gach céime den phróiseas tástála;

(c) torthaí na tástála agus céimeanna deiridh agus céimeanna feabhsúcháin na tástála;

(c) cineál an chomhair maoirseachta is gá chun an tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a chur chun feidhme i gcomhthéacs eintiteas airgeadais a fheidhmíonn i mbreis agus aon Bhallstát amháin, go mbeidh leibhéal páirtíochta maoirseachta iomchuí i gceist chomh maith le cur chun feidhme solúbtha chun freastal ar shainiúlachtaí fo-earnálacha airgeadais nó ar shainiúlachtaí margaí airgeadais áitiúla.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiún faoin [*IO: cuir isteach an dáta 2 mhí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

Airteagal 24

Ceanglais do thástálaithe

1. Ní úsáidfidh eintitis airgeadais ach amháin na tástálaithe seo a leanas chun tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a dhéanamh:

   (a) tástálaithe lena mbaineann an oiriúnacht is mó agus an clú is fearr;

   (b) tástálaithe a bhfuil cumais theicniúla agus cumais eagrúcháin acu agus a léiríonn oilteacht shonrach maidir le faisnéis bhagartha, tástáil treáite nó tástáil foirne deirge;

   (c) tástálaithe atá deimhnithe ag comhlacht creidiúnúcháin i mBallstát nó a chloíonn le cóid fhoirmiúla iompair nó le creataí eitice;

   (d) i gcás tástálaithe seachtracha, tástálaithe a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách nó tuarascáil iniúchóireachta i ndáil le bainistíocht fhónta rioscaí a bhaineann le tástáil treáite bunaithe ar bhagairtí a fheidhmiú, lena n-áirítear faisnéis rúnda an eintitis airgeadais a chosaint i gceart agus sásamh le haghaidh rioscaí gnó an eintitis airgeadais;

   (e) i gcás tástálaithe seachtracha, tástálaithe a bhfuil cumhdach iomlán acu le hárachais slánaíochta gairmiúla ábhartha, lena n-áirítear i gcoinne rioscaí mí-iompair agus faillí.

2. Áiritheoidh eintitis airgeadais go n-éileofar le comhaontuithe a dhéanfar le tástálaithe seachtracha go mbainisteofar torthaí na tástála treáite bunaithe ar bhagairtí go fónta agus nach gcruthófar rioscaí don eintiteas airgeadais de thoradh aon phróiseáil a dhéantar ar na torthaí sin, nó de thoradh aon ghiniúint, aon dréachtú, aon stóráil, aon chomhiomlánú, aon tuairisciú, aon chumarsáid nó aon scriosadh dá ndéantar i leith na dtorthaí sin.

CAIBIDIL V

RIOSCA TRÍÚ PÁIRTÍ A BHAINISTIÚ

ROINN I

PRÍOMHPHRIONSABAIL CHUN RIOSCA TRÍÚ PÁIRTÍ A BHAINISTIÚ GO FÓNTA

Airteagal 25

Prionsabail ghinearálta

Bainisteoidh eintitis airgeadais riosca TFC tríú páirtí mar chomhchuid bhunúsach de riosca TFC laistigh dá gcreat bainistíochta riosca TFC agus i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

1. Maidir le heintitis airgeadais a bhfuil socruithe conarthacha i bhfeidhm acu maidir le húsáid seirbhísí TFC chun a n-oibríochtaí gnó a reáchtáil, beidh iomlán na freagrachta i gcónaí orthu as cloí le gach oibleagáid faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht seirbhísí airgeadais is infheidhme agus as gach oibleagáid den sórt sin a chomhlíonadh.

2. Cuirfear bainistíocht riosca TFC tríú páirtí na n-eintiteas airgeadais chun feidhme i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:

   (a) scála, castacht agus tábhacht na spleáchas a bhaineann le TFC,

   (b) na rioscaí a eascraíonn as socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC a dhéantar le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, agus criticiúlacht nó tábhacht na seirbhíse, an phróisis nó na feidhme faoi seach á chur nó á cur san áireamh, agus na rioscaí maidir leis an tionchar féideartha ar leanúnachas agus ar cháilíocht na seirbhísí airgeadais agus na ngníomhaíochtaí airgeadais, ar leibhéal aonair agus ar leibhéal grúpa.

3. Mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, glacfaidh eintitis airgeadais straitéis um riosca TFC tríú páirtí agus déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar an straitéis sin, agus an straitéis ildíoltóirí dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 5(9) á cur san áireamh. Áireofar sa straitéis sin beartas um úsáid seirbhísí TFC a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí agus beidh feidhm ag an straitéis ar bhonn aonair agus, de réir mar is ábhartha, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn comhdhlúite. Déanfaidh an comhlacht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta ar na rioscaí a shainaithnítear i leith feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha a sheachfhoinsiú.

4. Mar chuid dá gcreat bainistíochta riosca TFC, coinneoidh eintitis airgeadais, ar leibhéal eintitis agus, ar leibhéal fo-chomhdhlúite agus ar leibhéal comhdhlúite, Clár Faisnéise ar bun i ndáil le gach socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, agus nuashonróidh eintitis airgeadais Clár den sórt sin amhlaidh freisin.

   Déanfar na socruithe conarthacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhoiciméadú go cuí, agus idirdhealú á dhéanamh idir na socruithe sin lena gcumhdaítear feidhmeanna

criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha agus na socruithe nach gcumhdaítear na feidhmeanna sin leo amhlaidh.

Tuairisceoidh eintitis airgeadais uair sa bhliain ar a laghad do na húdaráis inniúla faisnéis faoin líon socruithe nua maidir le húsáid seirbhísí TFC, faoi na catagóirí soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, faoin gcineál socruithe conarthacha agus faoi na seirbhísí agus na feidhmeanna atá á soláthar.

Cuirfidh eintitis airgeadais ar fáil don údarás inniúil, arna iarraidh sin, an Clár Faisnéise iomlán nó de réir mar a iarrtar, ranna sonraithe de, mar aon le haon fhaisnéis a mheastar gur gá í chun maoirseacht éifeachtach ar an eintiteas airgeadais a chumasú.

Cuirfidh eintitis airgeadais conrú pleanáilte feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha in iúl don údarás inniúil go tráthúil agus nuair a bheidh feidhm tagtha chun bheith ina feidhm chriticiúil nó ina feidhm thábhachtach.

5. Sula ndéanfar socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC, déanfaidh eintitis airgeadais an méid seo a leanas:

   (a) measúnú cibé acu an gcumhdaíonn nó nach gcumhdaíonn an socrú conarthach feidhm chriticiúil nó feidhm thábhachtach;

   (b) measúnú cibé acu an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar coinníollacha maoirseachta;

   (c) gach riosca ábhartha i ndáil leis an socrú conarthach a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go bhféadfadh socruithe conarthacha den sórt sin cuidiú le comhchruinniú riosca TFC a threisiú;

   (d) gach dícheall cuí maidir le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí ionchasacha agus áirithiú go mbeidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí oiriúnach i rith an phróisis roghnúcháin agus mheasúnaithe ar fad;

   (e) coimhlintí leasa a bhféadfadh an socrú conarthach a bheith ina gcúis leo a shainaithint agus a mheasúnú.

6. Ní fhéadfaidh eintitis airgeadais socruithe conarthacha a dhéanamh ach amháin le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a chomhlíonann ardchaighdeáin chuí slándála faisnéise chomh maith leis na caighdeáin slándála faisnéise is déanaí.

7. Agus cearta rochtana, cigireachta agus iniúchóireachta á bhfeidhmiú maidir leis an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, cinnfidh eintitis airgeadais trí chur chuige a bheidh bunaithe ar rioscaí, minicíocht na n-iniúchóireachtaí agus na gcigireachtaí agus na réimsí a bheidh le hiniúchadh, roimh ré, trí bheith ag cloí le caighdeán iniúchóireachta a bhfuil glacadh coitianta leo i gcomhréir le haon treoir mhaoirseachta maidir leis na caighdeáin iniúchóireachta sin a úsáid agus a chuimsiú.

   Le haghaidh socruithe conarthacha lena mbaineann ardleibhéal castachta teicneolaíochta, fíoróidh an t- eintiteas airgeadais go mbeidh scileanna agus eolas iomchuí ag iniúchóirí chun iniúchóireachtaí agus measúnuithe ábhartha a dhéanamh go héifeachtach, cibé acu iniúchóirí inmheánacha, comhthiomsú d'iniúchóirí nó iniúchóirí seachtracha iad.

8. Áiritheoidh eintitis airgeadais go bhfoirceannfar socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC sna himthosca seo a leanas ar a laghad:

(a) má sháraíonn soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí dlíthe, rialacháin nó téarmaí conarthacha is infheidhme;

(b) i gcás go sainaithneofar i rith an fhaireacháin ar riosca TFC tríú páirtí tosca a mheasfar a d'fhéadfadh feidhmiú na bhfeidhmeanna a sholáthraítear tríd an socrú conarthach a athrú, lena n-áirítear athruithe ábhartha a dhéanann difear don socrú nó do staid an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;

(c) laigí léirithe an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ina bhainistíocht rioscaí TFC fhoriomlán agus go háirithe sa bhealach lena n-áirithíonn sé slándáil agus sláine sonraí rúnda, sonraí pearsanta nó sonraí ar sonraí íogaire nó neamhphearsanta ar shlí eile iad;

(d) i gcás tosca nach féidir leis an údarás inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais a thuilleadh de thoradh an tsocraithe chonarthaigh faoi seach.

9. Cuirfidh eintitis airgeadais straitéisí scoir i bhfeidhm chun rioscaí, a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar leibhéal an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, a chur san áireamh, go háirithe mainneachtain fhéideartha an tsoláthraí sin, meath ar cháilíocht na bhfeidhmeanna a sholáthraítear, aon bhriseadh sa ghníomhaíocht ghnó mar gheall ar sholáthar míchuí seirbhísí nó ar mhainneachtain ar an soláthar seirbhísí nó riosca ábhartha a thagann chun cinn i ndáil le húsáid chuí leanúnach na feidhme.

Áiritheoidh eintitis airgeadais go mbeidh siad in ann deireadh a chur le socruithe conarthacha:

(a) gan briseadh ina ngníomhaíochtaí gnó,

(b) gan comhlíontacht le ceanglais rialála a theorannú,

(c) gan dochar do leanúnachas agus do cháilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn siad do chliaint.

Beidh pleananna scoir cuimsitheach, doiciméadaithe agus, i gcás inarb iomchuí, beidh tástáil leordhóthanach déanta orthu.

Sainaithneoidh eintitis airgeadais réitigh mhalartacha agus forbróidh siad pleananna idirthréimhseacha lena gcuirfear ar a gcumas dóibh na feidhmeanna conarthacha agus na sonraí ábhartha a bhaint den soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí agus iomlán na bhfeidhmeanna a aistriú go sábháilte chuig soláthraithe malartacha nó iad a athchuimsiú ina bhfeidhmeanna inmheánacha.

Déanfaidh eintitis airgeadais bearta teagmhasachta iomchuí chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun sna himthosca ar fad dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

10. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun na teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha an Chláir Faisnéise dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

11. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt:

(a) chun sonrú breise a dhéanamh ar ábhar mionsonraithe an bheartais dá dtagraítear i mír 3 i ndáil leis na socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí, trí thagairt do phríomhchéimeanna shaolré na socruithe faoi seach maidir le húsáid seirbhísí TFC;

(b) chun sonrú breise a dhéanamh ar na cineálacha faisnéise atá le cur sa Chlár Faisnéise dá dtagraítear i mír 4.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiún faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

Airteagal 26

Réamh-mheasúnú ar an riosca maidir le comhchruinniú TFC agus ar shocruithe breise fo-sheachfhoinsithe

1. Le linn d'eintitis airgeadais riosca maidir le comhchruinniú TFC dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 25(5) a shainaithint agus a mheasúnú, cuirfidh siad san áireamh cibé acu an dtarlódh nó nach dtarlódh aon cheann de na nithe seo a leanas de thoradh socrú conarthach i ndáil leis na seirbhísí TFC a dhéanamh:

(a) conradh á dhéanamh le soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí nach éasca a ionadú; nó

(b) socruithe conarthacha iolracha a bheith i bhfeidhm i ndáil le soláthar seirbhísí TFC leis an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí céanna nó le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a bhfuil dlúthcheangal acu le chéile.

Measfaidh eintitis airgeadais na tairbhí agus na costais a bhaineann le réitigh mhalartacha, amhail úsáid soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí difriúla, á chur san áireamh cibé acu an dtagann nó nach dtagann réitigh a bheartaítear leis na riachtanais ghnó agus na cuspóirí gnó a leagtar amach ina straitéis athléimneachta digití, agus má thagann, conas a thagann na réitigh sin leis na riachtanais agus cuspóirí sin.

2. I gcás go n-áirítear sa socrú conarthach maidir le húsáid seirbhísí TFC an fhéidearthacht go ndéanfaidh soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí fochonrú breise ar fheidhm chriticiúil nó ar fheidhm thábhachtach do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí eile, measfaidh eintitis airgeadais na tairbhí agus rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le fochonrú féideartha den sórt sin, go háirithe i gcás fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtríú tír.

I gcás go ndéanfar socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC le soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír, measfaidh eintitis airgeadais na tosca seo a leanas mar thosca ábhartha, ar a laghad:

(a) meas ar chosaint sonraí;

(b) forfheidhmiú éifeachtach an dlí;

(c) forálacha dlí maidir le dócmhainneacht arbh infheidhme iad i gcás fhéimheacht an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;

(d) aon srianta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith sonraí an eintitis airgeadais a athshlánú go práinneach.

Measfaidh eintitis airgeadais cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh slabhraí, a d'fhéadfadh a bheith ina slabhraí fochonraitheoireachta fada nó casta, dul i bhfeidhm ar a gcumas faireachán iomlán a dhéanamh ar na feidhmeanna conarthacha agus dul i bhfeidhm ar chumas an údaráis inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an eintiteas airgeadais ina leith sin, agus conas a d'fhéadfadh na slabhraí sin dul i bhfeidhm amhlaidh.

Airteagal 27

Príomhfhorálacha conarthacha

1. Leithdháilfear cearta agus oibleagáidí an eintitis airgeadais agus an tsoláthraí seirbhíse TFC go soiléir agus leagfar amach i scríbhinn iad. Déanfar an conradh iomlán, lena n-áirítear na comhaontuithe ar leibhéal seirbhísí, a dhoiciméadú i ndoiciméad scríofa amháin a bheidh ar fáil do na páirtithe ar pháipéar nó i bhformáid in-íoslódáilte inléite.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sna socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC:

(a) tuairisc shoiléir iomlán ar gach feidhm agus seirbhís atá le soláthar ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, lena dtabharfar le fios an gceadaítear nó nach gceadaítear fochonrú feidhme criticiúla nó feidhme tábhachtaí, nó codanna ábhartha di, agus más amhlaidh go gceadaítear, na coinníollacha is infheidhme maidir le fochonrú den sórt sin;

(b) na suíomhanna mar a bhfuil na feidhmeanna conarthacha nó fochonarthacha agus na seirbhísí conarthacha nó fochonarthacha le soláthar agus cá háit a bhfuil sonraí le próiseáil, lena n-áirítear an suíomh stórála, agus an ceanglas go gcuirfidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí an t-eintiteas airgeadais ar an eolas má bheartaíonn sé suíomhanna den sórt sin a athrú;

(c) forálacha maidir le hinrochtaineacht, infhaighteacht, sláine, slándáil agus cosaint sonraí pearsanta agus maidir le rochtain, athshlánú agus tabhairt ar ais sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta a phróiseálann an t-eintiteas airgeadais, a áirithiú i bhformáid is inléite go héasca i gcás dhócmhainneacht, dhíscaoileadh nó scor oibríochtaí gnó an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;

(d) tuairiscí iomlána ar leibhéal seirbhíse, lena n-áirítear nuashonruithe agus athbhreithnithe orthu sin, agus spriocanna feidhmíochta beachta cainníochtúla agus cáilíochtúla laistigh de na leibhéil seirbhíse chomhaontaithe go mbeidh an t-eintiteas airgeadais in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh agus go gcumasófar gníomhartha ceartúcháin iomchuí gan moill mhíchuí i gcás nach gcomhlíonfar leibhéil seirbhíse chomhaontaithe;

(e) tréimhsí fógra agus oibleagáidí tuairiscithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí don eintiteas airgeadais, lena n-áirítear fógra faoi aon fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chumas an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha a chomhlíonadh go héifeachtach i gcomhréir le leibhéil seirbhíse chomhaontaithe;

(f) oibleagáid an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí cúnamh a sholáthar i gcás teagmhais TFC gan aon chostas breise nó ar chostas a chinnfear ex-ante;

(g) ceanglais ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí pleananna teagmhasacha gnó a chur chun feidhme agus a thástáil agus bearta slándála TFC, uirlisí slándála TFC agus beartais slándála TFC a bheith i bhfeidhm lena mbaineann ráthaíocht leordhóthanach maidir le soláthar slán seirbhísí ag an eintiteas airgeadais i gcomhréir lena chreat rialála;

(h) an ceart chun faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, lena n-áirítear:

i) cearta rochtana, cigireachta agus iniúchóireachta ag an eintiteas airgeadais nó ag tríú páirtí arna cheapadh, agus an ceart chun cóipeanna de dhoiciméadacht ábhartha a thógáil, nach mbeidh feidhmiú éifeachtach an chirt sin faoi bhac nó faoi theorainn socruithe conarthacha eile nó faoi theorainn bheartas cur chun feidhme eile;

ii) an ceart chun leibhéil dearbhaithe mhalartacha a chomhaontú má dhéantar difear do chearta cliant eile;

iii) an gealltanas comhoibriú go hiomlán i rith na gcigireachtaí a dhéanann an t- eintiteas airgeadais ar an láthair agus mionsonraí ar raon feidhme, ar mhódúlachtaí agus ar mhinicíocht na gcian- iniúchóireachtaí;

(i) oibleagáid an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí comhoibriú go hiomlán le húdaráis inniúla agus le húdaráis réitigh an eintitis airgeadais, lena n-áirítear daoine arna gceapadh acu;

(j) cearta foirceanta agus íostréimhse fógraí ghaolmhar chun an conradh a fhoirceannadh, i gcomhréir le hionchais na n-údarás inniúil;

(k) straitéisí scoir, go háirithe idirthréimhse leordhóthanach éigeantach a bhunú:

(a) leanfaidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí de na feidhmeanna nó seirbhísí faoi seach a sholáthar lena linn d'fhonn an riosca bristeacha san eintiteas airgeadais a laghdú;

(b) rud lena bhfágfaidh go mbeidh an t-eintiteas airgeadais in ann aistriú chuig soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí eile nó athrú chuig réitigh ar an áitreabh i gcomhréir le castacht na seirbhíse a sholáthraítear.

3. Agus idirbheartaíocht á déanamh i leith socruithe conarthacha, measfaidh eintitis airgeadais agus soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí úsáid a bhaint as clásail chonarthacha chaighdeánacha a fhorbrófar le haghaidh seirbhísí sonracha.

4. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú breise a dhéanamh ar na gnéithe is gá d'eintiteas airgeadais a chinneadh agus a mheasúnú i gcás feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha á gcur amach ar fochonradh chun éifeacht cheart a thabhairt do fhorálacha phointe (a) de mhír 2.

Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiún faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir

le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, faoi seach.

ROINN II

CREAT FORMHAOIRSEACHTA AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE TFC TRÍÚ PÁIRTÍ CRITICIÚLA

Airteagal 28

Soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a ainmniú

1. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i bhfianaise moladh ón bhFóram Formhaoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 29(1) an méid seo a leanas:

   (a) na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá criticiúil d'eintitis airgeadais a ainmniú, agus na critéir a shonraítear i mír 2 á gcur san áireamh;

   (b) ÚBE, ESMA nó ÚEÁPC a cheapadh mar Phríomh-Fhormhaoirseoir le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, ag brath ar cibé acu an ionann luach iomlán shócmhainní na n-eintiteas airgeadais a úsáideann seirbhísí an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil sin agus a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (AE), de Rialachán Uimh. 1094/2010 nó de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach, nó nach ionann sin agus breis is leath luach shócmhainní iomlána gach eintitis airgeadais a úsáideann seirbhísí an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, mar a chruthaítear leis na cláir chomhardaithe chomhdhlúite, nó leis na cláir chomhardaithe aonair i gcás nach gcomhdhlúthaítear cláir chomhardaithe, de chuid na n-eintiteas airgeadais sin.

2. Beidh an t-ainmniú dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 bunaithe ar gach ceann de na critéir seo a leanas:

   (a) an tionchar sistéamach ar chobhsaíocht, ar leanúnachas nó ar cháilíocht an tsoláthair seirbhísí airgeadais i gcás go mbeadh mainneachtain oibríochtúil ar scála mór le sárú ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha maidir lena sheirbhísí a sholáthar, agus an líon eintitis airgeadais, dá soláthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha seirbhísí, á chur san áireamh;

   (b) tréithe sistéamacha nó tábhacht shistéamach na n-eintiteas airgeadais a bhraitheann ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha, arna measúnú i gcomhréir leis na paraiméadair seo a leanas:

      i) an líon institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G- SIInna) nó an líon institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O- SIInna) a bhraitheann ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí faoi seach;

      ii) an t- idirspleáchas idir G- SIInna nó O- SIInna dá dtagraítear i bpointe (i) agus eintitis airgeadais eile lena n- áirítear cásanna ina soláthraíonn G- SIInna nó O- SIInna seirbhísí bonneagair airgeadais d'eintitis airgeadais eile;

   (c) a mhéid is a bhraitheann eintitis airgeadais ar na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha i ndáil le feidhmeanna criticiúla nó feidhmeanna tábhachtacha eintiteas airgeadais a bhaineann leis an soláthraí

seirbhíse TFC tríú páirtí céanna ar deireadh, gan beann ar cibé acu an mbraitheann nó nach mbraitheann eintitis airgeadais ar na seirbhísí sin go díreach nó go hindíreach, trí bhíthin nó trí shocruithe fochonraitheoireachta;

(d) a inionadaithe atá an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, agus na paraiméadair seo a leanas á gcur san áireamh:

i) fíor- roghanna malartacha a bheith in easnamh, fiú go páirteach, mar gheall ar an líon teoranta soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá gníomhach i margadh sonrach, nó mar gheall ar an sciar den mhargadh atá ag an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha, nó mar gheall ar an gcastacht nó an tsofaisticiúlacht theicniúil atá i gceist, lena n- áirítear i ndáil le haon teicneolaíocht dílseánaigh, nó gnéithe sonracha eagraíocht nó ghníomhaíocht an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí;

ii) deacrachtaí chun na sonraí ábhartha agus na hualaí oibre ábhartha a aistriú go páirteach nó go hiomlán ón soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha go soláthraí eile, mar gheall ar chostais airgeadais shuntasacha, méid ama suntasach nó cineál acmhainní eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bpróiseas aistrithe, nó mar gheall ar rioscaí méadaithe TFC nó rioscaí oibriúcháin eile dá bhféadfadh an t- eintiteas airgeadais a bheith nochta trí aistriú den sórt sin.

(e) an líon Ballstát ina soláthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha seirbhísí;

(f) an líon Ballstát ina bhfeidhmíonn eintitis airgeadais a bhaineann úsáid as an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ábhartha;

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun na critéir dá dtagraítear i mír 2 a fhorlíonadh.

4. Ní úsáidfear an sásra ainmniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 ach go dtí go nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 3.

5. Ní bheidh feidhm ag an sásra ainmniúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 i ndáil le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá faoi réir creataí formhaoirseachta arna mbunú chun tacú leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 127(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

6. Bunóidh, foilseoidh agus nuashonróidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, liosta na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla ar leibhéal an Aontais go bliantúil.

7. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, tarchuirfidh údaráis inniúla, ar bhonn bliantúil agus comhiomlánaithe, na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 25(4) a ghabhann leis an bhFóram Formhaoirseachta arna bhunú de bhun Airteagal 29. Measúnóidh an Fóram Formhaoirseachta spleáchais TFC tríú páirtí na n-eintiteas airgeadais bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó na húdaráis inniúla.

8. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí nach bhfuil ar an liosta dá dtagraítear i mír 6 a iarraidh go gcuirfear ar an liosta sin iad.

Chun críche na chéad fhomhíre, cuirfidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí iarratas réasúnaithe faoi bhráid ÚBE, ESMA nó ÚEÁPC, a chinnfidh, tríd an gComhchoiste, cibé acu an gcuirfear nó nach gcuirfear an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí sin ar an liosta sin i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1.

Glacfar an cinneadh dá dtagraítear sa dara fomhír agus tabharfar fógra don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí ina leith faoi cheann 6 mhí ón tráth a fhaightear an t- iarratas.

9. Ní bhainfidh eintitis airgeadais úsáid as soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí atá bunaithe i dtríú tír a d'ainmneofaí mar sholáthraí criticiúil de bhun phointe (a) de mhír 1 dá mbeadh sé bunaithe san Aontas.

Airteagal 29

Struchtúr an Chreata Formhaoirseachta

1. Bunóidh an Comhchoiste, i gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, an Fóram Formhaoirseachta mar fhochoiste chun tacú le hobair an Chomhchoiste agus an Phríomh-Fhormhaoirseora dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 28(1) sa réimse riosca TFC tríú páirtí ar fud earnálacha airgeadais. Ullmhóidh an Fóram Formhaoirseachta dréacht na gcomhsheasamh agus na gcomhghníomhartha atá ag an gComhchoiste sa réimse sin.

   Pléifidh an Fóram Formhaoirseachta forbairtí ábhartha maidir le rioscaí agus leochaileachtaí TFC go rialta, agus cuirfidh sé cur chuige comhsheasmhach chun cinn maidir le faireachán a dhéanamh ar rioscaí TFC tríú páirtí ar scála an Aontais.

2. Tabharfaidh an Fóram Formhaoirseachta faoi mheasúnú comhchoiteann ar bhonn bliantúil ar thorthaí na ngníomhaíochtaí Formhaoirseachta a rinneadh le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, agus cuirfidh sé bearta comhordaithe chun cinn chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil na n-eintiteas airgeadais a mhéadú,dea-chleachtais a chothú maidir le dul i ngleic le riosca TFC maidir le comhchruinniú agus féachaint ar mhaolaitheoirí le haghaidh aistrithe riosca trasearnála.

3. Cuirfidh an Fóram Formhaoirseachta tagarmharcanna cuimsitheacha ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla faoi bhráid an Chomhchoiste le glacadh mar chomhsheasaimh de chuid ÚMEnna i gcomhréir le hAirteagail 56(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Beidh an Fochoiste Formhaoirseachta comhdhéanta de Chathaoirligh ÚMEnna, agus d'ionadaí ardleibhéil amháin ó fhoireann reatha an údaráis inniúil ábhartha as gach Ballstát. Is iad a ghlacfaidh páirt san Fhóram Formhaoirseachta i gcáil breathnadóirí Stiúrthóirí Feidhmiúcháin gach ÚME agus ionadaí amháin ón gCoimisiún Eorpach, ó BERS, ó BCE agus ó ENISA.

5. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, eiseoidh ÚMEnna treoirlínte maidir leis an gcomhar idir ÚMEnna agus na húdaráis inniúla chun críocha na Roinne seo maidir leis na nósanna imeachta agus coinníollacha mionsonraithe a bhaineann le feidhmiú na gcúraimí idir údaráis inniúla agus ÚMEnna agus mionsonraí maidir le malartú faisnéise a theastaíonn ó údaráis inniúla chun a áirithiú go leanfar le moltaí a dtéann Príomh-Fhormhaoirseoirí i ngleic leo de bhun phointe (d) d'Airteagal 31(1) do sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla.

6. Beidh na ceanglais a leagtar amach sa Roinn seo gan dochar d'fheidhmiú Threoir (AE) 2016/1148 agus d'fheidhmiú rialacha eile an Aontais maidir le formhaoirseacht is infheidhme maidir le soláthraithe néalseirbhísí.

7. Cuirfidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus bunaithe ar obair ullmhúcháin arna déanamh ag an bhFóram Formhaoirseachta, tuarascáil ar fheidhmiú na Roinne seo i láthair Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin uair sa bhliain.

Airteagal 30

Cúraimí an Phríomh- Fhormhaoirseora

1. Is é measúnú a dhéanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an bhfuil rialacha, nósanna imeachta, sásraí agus socruithe fónta éifeachtacha i bhfeidhm ag gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil nó nach bhfuil chun na rioscaí TFC a d'fhéadfadh a bheith i gceist lena sheirbhís d'eintitis airgeadais a bhainistiú.

2. Beidh an méid seo a leanas sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 1:

(a) ceanglais TFC chun a áirithiú, go háirithe, slándáil, infhaighteacht, leanúnachas, inscálaitheacht agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil d'eintitis airgeadais, chomh maith leis an gcumas ardchaighdeáin slándála, rúndachta agus sláine sonraí a choinneáil ar bun i gcónaí;

(b) an tslándáil fhisiciúil a chuidíonn leis an tslándáil TFC a áirithiú, lena n-áirítear slándáil áitreabh, saoráidí, lárionad sonraí;

(c) na próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear beartais bhainistíochta riosca TFC, pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste TFC;

(d) na socruithe rialachais, lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil lena mbaineann línte soiléire, trédhearcacha agus comhsheasmhacha freagrachta agus rialacha soiléire, trédhearcacha agus comhsheasmhacha cuntasachta lena gcumasaítear bainistíocht éifeachtach rioscaí TFC;

(e) teagmhais a bhaineann le TFC a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú do na heintitis airgeadais go pras, na teagmhais sin a bhainistiú agus a réiteach, go háirithe cibirionsaithe;

(f) na sásraí maidir le hiniomparthacht sonraí, iniomparthacht feidhmchláir agus idir-inoibritheacht, lena n-áirithítear feidhmiú éifeachtach na gceart foirceannta a dhéanann eintitis airgeadais;

(g) córais, bonneagar agus rialuithe TFC a thástáil;

(h) na hiniúchóireachtaí TFC;

(i) úsáid caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha is infheidhme maidir le soláthar a sheirbhísí TFC do na heintitis airgeadais.

3. Bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir plean Formhaoirseachta soiléir, mionsonraithe agus réasúnaithe aonair le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil. Cuirfear an plean sin in iúl don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil gach bliain.

4. Nuair a chomhaontófar na pleananna bliantúla Formhaoirseachta dá dtagraítear i mír 3 agus nuair a chuirfear iad in iúl do na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí

criticiúla, ní fhéadfaidh údaráis inniúla bearta a dhéanamh a bhaineann le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla ach amháin i gcomhaontú leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir.

Airteagal 31

Cumhachtaí an Phríomh- Fhormhaoirseora

1. Chun na dualgais a leagtar síos sa Roinn seo a chomhlíonadh, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir:

   (a) gach faisnéis ábhartha agus doiciméadacht ábhartha a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 32;

   (b) imscrúduithe agus cigireachtaí ginearálta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34;

   (c) tuarascálacha a iarraidh tar éis do na gníomhaíochtaí Formhaoirseachta a bheith tugtha chun críche lena sonraítear na gníomhartha a rinneadh nó na bearta ceartaitheacha a chuir na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla chun feidhme i ndáil leis na moltaí dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo;

   (d) dul i ngleic le moltaí maidir leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 30(2), go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

      (i) úsáid a bhaint as ceanglais shonracha slándála agus cháilíochta TFC nó as próisis shonracha slándála agus cháilíochta TFC, go háirithe i ndáil le cur chun feidhme céimneach paistí, nuashonruithe, criptiúcháin agus beart slándála eile a mheasann an Príomh- Fhormhaoirseoir a bheith ábhartha chun slándáil TFC seirbhísí a sholáthraítear d'eintitis airgeadais a áirithiú;

      (ii) úsáid a bhaint as coinníollacha agus as téarmaí, lena n- áirítear cur chun feidhme a ngnéithe teicniúla, faoina soláthraíonn na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla seirbhísí d'eintitis airgeadais, a mheasann an Príomh- Fhormhaoirseoir a bheith ábhartha chun giniúint pointí aonair mainneachtana, nó aimpliúchán na bpointí mainneachtana sin, a chosc, nó chun tionchar sistéamach féideartha, ar fud earnáil airgeadais an Aontais i gcás riosca TFC maidir le comhchruinniú, a íoslaghdú;

      (iii) i bhfianaise an scrúdaithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 32 agus 33 ar shocruithe fochonraitheoireachta, lena n- áirítear socruithe fo- sheachfhoinsithe a bhfuil sé beartaithe ag na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla tabhairt fúthu in éineacht le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla eile nó le fochonraitheoirí TFC atá bunaithe i dtríú tír, aon fhochonraitheacht atá beartaithe, lena n- áirítear fo- sheachfhoinsiú, i gcás go measfaidh an Príomh- Fhormhaoirseoir go bhféadfadh fochonraitheoireacht bhreise a bheith ina cúis le rioscaí do sholáthar seirbhísí an eintitis airgeadais, nó le rioscaí don chobhsaíocht airgeadais;

      (iv) staonadh ó shocrú fochonraitheoireachta breise a dhéanamh, i gcás go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

         – gur soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí é an fochonraitheoir beartaithe nó fochonraitheoir TFC atá bunaithe i dtríú tír;

– go mbaineann an fhochonraitheoireacht le feidhm chriticiúil nó thábhachtach de chuid an eintitis airgeadais.

2. Rachaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir i gcomhairle leis an bhFóram Formhaoirseachta sula bhfeidhmeofar na cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Comhoibreoidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla de mheon macánta leis an bPríomh-Fhormhaoirseoir agus tabharfaidh siad cúnamh don Phríomh-Fhormhaoirseoir chun a chúraimí a chomhlíonadh.

4. Féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur chun tabhairt ar an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil pointí (a), (b) agus (c) de mhír 1 a chomhlíonadh.

5. An íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear i mír 4, is ar bhonn laethúil a dhéanfar a forchur go dtí go mbainfear comhlíontacht amach agus ar feadh tréimhse nach mó ná 6 mhí tar éis don fhógra a bheith tugtha don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil.

6. Méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla, arna ríomh ón dáta arna sonrú sa chinneadh lena bhforchuirfear an íocaíocht phionósach thréimhsiúil, beidh sé comhionann le 1 % de mheánláimhdeachas laethúil domhanda an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil sa bhliain ghnó roimhe.

7. Is de chineál an riaracháin na híocaíochtaí pionósacha agus beidh siad in-fhorfheidhmithe. Déanfar forfheidhmiúchán a rialú leis na rialacha nós imeachta sibhialta atá i bhfeidhm sa Bhallstát ar ina chríoch féin a dhéanfar cigireachtaí agus rochtain. Beidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit lena mbaineann i dtaca le gearáin a bhaineann le forfheidhmiúchán a bheith á chur i gcrích ar dhóigh neamhrialta. Déanfar méideanna na n-íocaíochtaí pionósacha a leithdháileadh chuig buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

8. Déanfaidh ÚMEnna gach íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheidh forfheidhmithe a nochtadh don phobal, mura rud é go ndéanfadh an nochtadh sin don phobal dochar mór do na margaí airgeadais nó go mbeadh sé ina chúis le damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann.

9. Sula bhforchuirfear íocaíocht phionósach thréimhsiúil faoi mhír 4, tabharfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir deis d'ionadaithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil atá faoi réir na n-imeachtaí go n-éistfear leo maidir leis na torthaí agus bunóidh sé a chinntí ar thorthaí a raibh deis ag an soláthraí TFC tríú páirtí criticiúil atá faoi réir na n-imeachtaí a bharúil a thabhairt ina dtaobh agus ar na torthaí sin amháin. Déanfar cearta cosanta na ndaoine atá faoi réir na n-imeachtaí a urramú go hiomlán le linn na n-imeachtaí. Beidh na daoine sin i dteideal rochtain a bheith acu ar chomhad, ach sin faoi réir an leasa dhlisteanaigh atá ag daoine eile maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní chuimseoidh ceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda eile ná doiciméid ullmhúcháin inmheánacha an Phríomh-Fhormhaoirseora.

Airteagal 32
Iarraidh ar fhaisnéis

1. Féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, trí iarraidh shimplí nó trí chinneadh, a cheangal ar na soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Phríomh-Fhormhaoirseoir chun a chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear gach doiciméad ábhartha gnó nó oibríochta, gach conradh ábhartha,

gach doiciméadacht ábhartha bheartas, gach tuarascáil iniúchóireachta slándála TFC ábhartha, gach tuarascáil teagmhais ábhartha a bhaineann le TFC, chomh maith le haon fhaisnéis a bhaineann le páirtithe dá bhfuil feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochta seachfhoinsithe ag an soláthraí TFC tríú páirtí criticiúil dóibh.

2. I gcás iarraidh shimplí ar fhaisnéis á seoladh faoi mhír 1, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí i gcomhair na hiarrata;

(b) luafaidh sé cuspóir na hiarrata;

(c) sonróidh sé an fhaisnéis atá á éileamh;

(d) socróidh sé teorainn ama nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh de;

(e) cuirfidh sé in iúl d'ionadaí an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil a n-iarrtar an fhaisnéis air nach mbeidh sé d' oibleagáid air an fhaisnéis a chur ar fáil, ach i gcás go dtabharfadh sé freagra ar an iarraidh sin dá dheoin féin, nár cheart go mbeadh an fhaisnéis sin a chuirfidh sé ar fáil mícheart ná míthreorach.

3. I gcás go mbeidh sé ag cur de cheangal faisnéis a sholáthar faoi mhír 1, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé tagairt don Airteagal seo mar bhunús dlí i gcomhair na hiarrata;

(b) luafaidh sé cuspóir na hiarrata;

(c) sonróidh sé an fhaisnéis a éilítear;

(d) socróidh sé teorainn ama nach mór an fhaisnéis a chur ar fáil laistigh de;

(e) sonróidh sé na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 31(4) i gcás ina mbeidh an fhaisnéis a éilíodh neamhiomlán;

(f) fios a thabhairt ar cheart achomhairc i gcoinne an chinnidh os comhair Bhord Achomhairc ÚBE agus chun an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (‘an Chúirt Bhreithiúnais’) lena athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagail 60 agus 61 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach, a léiriú.

4. Soláthróidh ionadaithe soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla an fhaisnéis a iarradh. Dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú, féadfaidh siad an fhaisnéis a sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

5. Seolfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, gan mhoill, cóip den chinneadh chun faisnéis a sholáthar chuig údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a bhaineann úsáid as seirbhísí na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla.

Airteagal 33 ***Imscrúduithe ginearálta***

1. Chun a dhualgais a chur i gcrích faoin Rialachán seo, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, agus an fhoireann scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(1) ag cúnamh dó, na himscrúduithe is gá ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí a dhéanamh:

2. Tabharfar de chumhacht don Phríomh-Fhormhaoirseoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) scrúdú a dhéanamh ar thaifid, sonraí, nósanna imeachta agus ar aon ábhar eile atá ábhartha i ndáil le forghníomhú a chúraimí, beag beann ar an meán ar a bhfuil siad stóráilte;

(b) cóipeanna deimhnithe a dhéanamh nó cóipeanna deimhnithe a fháil de na taifid sin, de na sonraí sin, de na nósanna imeachta sin agus den ábhar eile sin, nó sleachta astu a thógáil nó a fháil;

(c) ionadaithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí a thoghairm agus a iarraidh orthu mínithe ó bhéal nó i scríbhinn a thabhairt ar fhíorais nó ar dhoiciméid a bhaineann le hábhar agus le cuspóir an imscrúdaithe, agus na freagraí a thaifeadadh;

(d) agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach eile a thoilíonn go gcuirfí agallamh air chun faisnéis a bhailiú i ndáil le hábhar imscrúdaithe;

(e) taifid a iarraidh de thrácht teileafóin agus sonraí.

3. Déanfaidh na hoifigigh agus na daoine eile a bheidh údaraithe ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir chun críocha an imscrúduithe dá dtagraítear i mír 1 a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a sholáthar ina sonraítear ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe.

Sonróidh an t- údarú sin freisin na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 31(4) i gcás nach soláthrófar na taifid, na sonraí, na nósanna imeachta, ná aon ábhar eile a éilítear, ná freagraí ar cheisteanna a cuireadh ar ionadaithe an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí nó i gcás ina mbeidh na nithe sin neamhiomlán.

4. Ceanglaítear ar ionadaithe na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí iad féin a chur faoi réir na n-imscrúduithe ar bhonn cinnidh ón bPríomh-Fhormhaoirseoir. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir an imscrúdaithe, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 31(4), na réitigh dhlí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

5. In am trátha roimh an imscrúdú, cuirfidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais a bhaineann úsáid as an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí sin ar an eolas faoin imscrúdú agus faoi chéannacht na ndaoine údaraithe.

Airteagal 34
Cigireachtaí ar an láthair

1. Chun a dhualgais a chur i gcrích faoin Rialachán seo, féadfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, agus na foirne scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 35(1) ag cúnamh dó, dul isteach sa láithreán agus gach cigireacht is gá ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh, ar aon talamh agus ar aon mhaoin de chuid na soláthraithe TFC tríú páirtí, amhail príomhoifigí, lárionaid oibríochta, áitreabh tánaisteach, agus chun cigireachtaí seachlíne a dhéanamh freisin.

2. Féadfaidh na hoifigigh agus na daoine eile arna n-údarú ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir chun cigireacht ar an láthair a dhéanamh, dul isteach in

aon áitreabh gnó, ar aon talamh agus in aon mhaoin den sórt sin agus beidh gach cumhacht acu aon áitreabh gnó agus aon leabhair agus aon taifid a shéalú ar feadh thréimhse na cigireachta agus a mhéid is gá don chigireacht.

Déanfaidh siad a gcumhachtaí a fheidhmiú ar údarú i scríbhinn a chur ar fáil ina sonraítear ábhar agus cuspóir na cigireachta agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 31(4) i gcás nach dtéann ionadaithe na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí lena mbaineann faoin gcigireacht.

3. In am trátha roimh an gcigireacht, cuirfidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí na húdaráis inniúla ar an eolas faoi na heintitis airgeadais a bhaineann úsáid as an soláthraí TFC tríú páirtí sin.

4. Cumhdófar le cigireachtaí raon iomlán na gcóras, na ngréasán, na ngaireas, na faisnéise agus na sonraí ábhartha TFC a úsáidtear chun seirbhísí a sholáthar d'eintitis airgeadais, nó a chuidíonn leis sin.

5. Roimh aon chuairt ar an láthair a bheidh beartaithe, tabharfaidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí fógra réasúnach do na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla, ach amháin sa chás nach mbeidh fógra den sórt sin indéanta mar gheall ar éigeandáil nó ar ghéarchéim, nó i gcás nach mbeadh an chigireacht nó an t-iniúchadh éifeachtach a thuilleadh dá thoradh.

6. Rachaidh an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil faoi chigireachtaí ar an láthair arna n-ordú le cinneadh an Phríomh-Fhormhaoirseora. Sonrófar ábhar agus cuspóir na cigireachta sa chinneadh an dáta atá sé le tosú mar aon leis na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 31(4), na réitigh dhlí atá ar fáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, chomh maith leis an gceart an cinneadh a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena athbhreithniú.

7. I gcás go gcinnfidh na hoifigigh agus daoine eile a údaraíonn an Príomh-Fhormhaoirseoir go gcuireann soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil i gcoinne cigireachta a ordaítear de bhun an Airteagail seo, cuirfidh an Príomh-Fhormhaoirseoir an soláthraí TFC criticiúil ar an eolas faoi iarmhairtí birt den sórt sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht go bhfoirceannfaidh údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais ábhartha na socruithe conarthacha a rinneadh leis an soláthraí TFC tríú páirtí criticiúil sin.

Airteagal 35 ***Formhaoirseacht Leanúnach***

1. I gcás imscrúduithe ginearálta nó cigireachtaí ar an láthair á ndéanamh ag na Príomh-Fhormhaoirseoirí, tabharfaidh foireann scrúdúcháin cúnamh dóibh, foireann arna bunú le haghaidh gach soláthraí TFC tríú páirtí chriticiúil.

2. An chomhfhoireann scrúdúcháin dá dtagraítear i mír 1, is foireann í a bheidh comhdhéanta de bhaill foirne ón bPríomh-Fhormhaoirseoir agus ó na húdaráis inniúla ábhartha a dhéanann maoirseacht ar na heintitis airgeadais dá soláthraíonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil seirbhísí, agus rachaidh an fhoireann sin isteach san obair leis na gníomhaíochtaí Formhaoirseachta a ullmhú agus a fheidhmiú, agus is deichniúr ball ar a mhéad a bheidh i gceist. Beidh saineolas ag gach ball den chomhscrúdú ar rioscaí TFC agus ar rioscaí oibríochta. Oibreoidh an chomhfhoireann scrúdúcháin faoi chomhordú baill foirne arna ainmniú ag ÚME (‘comhordaitheoir an Phríomh-Fhormhaoirseora’).

3. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála comhchoiteanna a fhorbairt chun sonrú breise a dhéanamh ar ainmniú bhaill na comhfhoirne scrúdúcháin a thiocfaidh ó na húdaráis inniúla ábhartha, chomh maith le cúraimí agus socruithe oibre na foirne scrúdúcháin. Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiún faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

   Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach.

4. Laistigh de 3 mhí tar éis imscrúdú nó cigireacht a dhéanamh ar an láthair, déanfaidh an Príomh-Fhormhaoirseoir, tar éis dul i gcomhairle leis an bhFóram Formhaoirseachta, moltaí a ghlacadh agus beidh ar an bPríomh-Fhormhaoirseoir iad a dhíriú chuig an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil de bhun na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 31.

5. Na moltaí dá dtagraítear i mír 4, cuirfear in iúl láithreach don soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil iad agus d'údaráis inniúla na n-eintiteas airgeadais dá soláthraíonn sé seirbhísí.

   Chun críocha na gníomhaíochtaí Formhaoirseachta a chomhlíonadh, féadfaidh Príomh- Fhormhaoirseoirí breithniú a dhéanamh ar aon deimhnithe tríú páirtí ábhartha agus aon tuarascálacha iniúchóireachta TFC tríú páirtí cibé acu seachtrach nó inmheánach a chuireann an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil ar fáil.

Airteagal 36

Na coinníollacha lena gcumasaítear stiúradh na Formhaoirseachta a chomhchuibhiú

1. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú:

   (a) an fhaisnéis atá le soláthar ag soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil agus iarratas á dhéanamh ar rogha dheonach a bheith páirteach a leagtar amach in Airteagal 28(8);

   (b) inneachar agus formáid na dtuarascálacha a fhéadfar a iarraidh chun críocha phointe (c) d'Airteagal 31(1);

   (c) cur i láthair na faisnéise, lena n-áirítear struchtúr, formáidí agus modhanna a cheanglófar ar sholáthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil a thíolacadh, a nochtadh nó a thuairisciú de bhun Airteagal 31(1);

   (d) mionsonraí mheasúnú na n-údarás inniúil ar na bearta a dhéanann soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla bunaithe ar mholtaí Príomh-Fhormhaoirseoirí de bhun Airteagal 37(2).

2. Cuirfidh ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 20xx [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

   Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i

gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach.

Airteagal 37

Bearta leantacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla

1. Laistigh de 30 lá féilire tar éis na moltaí a eiseoidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí de bhun phointe (d) d'Airteagal 31(1) a fháil, tabharfaidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla fógra don Phríomh-Fhormhaoirseoir á rá an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu na moltaí sin a leanúint. Tarchuirfidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí an fhaisnéis sin do na húdaráis inniúla láithreach.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán cibé acu a chuireann nó nach gcuireann eintitis airgeadais na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí arna ndíriú ag an bPríomh-Fhormhaoirseoir chuig na soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla san áireamh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 31(1).

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcomhréir le hAirteagal 44, a cheangal ar eintitis airgeadais úsáid nó soláthar seirbhíse a sholáthraíonn an soláthraí TFC tríú páirtí criticiúil a chur ar fionraí go sealadach, go páirteach nó go hiomlán, chun dul i ngleic leis na rioscaí a shainaithnítear sna moltaí a dhírítear chuig na soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla. I gcás inar gá, féadfaidh siad a cheangal ar eintitis airgeadais na socruithe conarthacha ábhartha a chuirtear i gcrích leis na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a fhoirceannadh ina bpáirt nó ina n-iomláine.

4. Agus na cinntí dá dtagraítear i mír 3 á ndéanamh, déanfaidh na húdaráis inniúla cineál agus méid an riosca nach ndíríonn an soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúil air a chur san áireamh mar aon le tromchúis an neamhchomhlíonta, ag féachaint do na critéir seo a leanas:

   (a) tromchúis agus fad an neamhchomhlíonta;

   (b) cé acu a nochtadh nó nár nochtadh laigí tromchúiseacha i nósanna imeachta, córais bhainistithe, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha an tsoláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí leis an neamhchomhlíonadh;

   (c) cé acu ar éascaíodh nó nár éascaíodh coireacht airgeadais leis an neamhchomhlíonadh nó a bhí nó nach raibh an neamhchomhlíonadh ina chúis le coireacht airgeadais nó a bhí nó nach raibh an choireacht sin inchurtha i leith an neamhchomhlíonta ar shlí eile;

   (d) cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an neamhchomhlíonadh d'aon ghnó nó le faillí.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla na Príomh-Fhormhaoirseoirí ar an eolas go rialta faoi na cuir chuige agus na bearta arna ndéanamh ina gcúraimí maoirseachta i ndáil le heintitis airgeadais agus faoi na bearta conarthacha arna ndéanamh ag na heintitis sin i gcás nach mbeidh moltaí a ndíreoidh na Príomh-Fhormhaoirseoirí orthu formhuinithe go páirteach ná go hiomlán ag seirbhís TFC tríú páirtí chriticiúil.

Airteagal 38 ***Táillí formhaoirseachta***

1. Déanfaidh ÚMEnna táillí a ghearradh ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chumhdaíonn caiteachas riachtanach ÚMEnna go hiomlán i ndáil le

cúraimí Formhaoirseachta a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear aisíocaíocht aon chostas a d'fhéadfaí a thabhú de thoradh ar obair a dhéanann údaráis inniúla a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí Formhaoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 35.

An táille a ghearrtar ar sholáthraí seirbhíse TFC tríú páirtí, cumhdóidh sé na costais riaracháin go léir, agus is rud é a bheidh comhréireach lena gcuid láimhdeachais.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh ach méid na dtáillí a chinneadh mar aon leis an gcaoi a gcaithfear a n-íoc.

Airteagal 39
An comhar idirnáisiúnta

1. Féadfaidh ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach, socruithe riaracháin a chur i gcrích le húdaráis mhaoirseachta agus rialála tríú tír chun comhar idirnáisiúnta a chothú maidir le riosca TFC tríú páirtí ar fud earnálacha airgeadais éagsúla, go háirithe trí dhea-chleachtais a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe agus cleachtais bainistithe riosca, bearta maolaithe agus freagairtí teagmhais i dtaca le TFC.

2. Déanfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste, tuarascáil rúnda chomhpháirteach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin gach cúig bliana ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na bpléití ábhartha a rinneadh le húdaráis na dtríú tíortha dá dtagraítear i mír 1, ag díriú ar theacht chun cinn an riosca TFC tríú páirtí agus ar na himpleachtaí le haghaidh na cobhsaíochta airgeadais, shláine an mhargaidh, cosaint infheisteoirí nó fheidhmiú an mhargaidh aonair.

CAIBIDIL VI

SOCRUITHE COMHROINNTE FAISNÉISE

Airteagal 40 ***Socruithe comhroinnte faisnéise maidir le faisnéis chibearbhagartha agus le hintleacht chibearbhagartha***

1. Féadfaidh eintitis airgeadais faisnéis chibearbhagartha agus intleacht chibearbhagartha a mhalartú eatarthu féin, lena n-áirítear táscairí comhréitigh, oirbheartaíocht, teicnicí, agus nósanna imeachta, foláirimh chibearshlándála agus uirlisí cumraíochta, a mhéid gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an gcomhroinnt faisnéise agus intleachta sin:

   (a) is é is aidhm di athléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintiteas airgeadais a fheabhsú, go háirithe trí fheasacht a ardú i ndáil le cibearbhagairtí, cumas scaipthe na gcibearbhagairtí a theorannú nó a bhacadh, tacú le raon cumas cosantach eintiteas airgeadais, teicnící braite bagairtí, straitéisí maolaithe nó céimeanna athshlánaithe agus freagartha;

   (b) déantar laistigh de phobail iontaofa d’eintitis airgeadais í;

   (c) déantar í a chur chun feidhme trí shocruithe comhroinnte faisnéise, lena gcosnaítear cineál íogair féideartha na faisnéise arna comhroinnt, agus a rialáiltear le rialacha iompraíochta agus lánurraim á tabhairt do rúndacht gnó,

do chosaint sonraí pearsanta[48] agus do threoirlínte maidir leis an mbeartas iomaíochta[49].

2. Chun críche phointe (c) de mhír 1, leis na socruithe comhroinnte faisnéise, sainmhíneofar na coinníollacha rannpháirtíochta agus, i gcás inarb iomchuí, leagfar amach na mionsonraí maidir le rannpháirtíocht údarás poiblí agus an cháil ina bhféadfaidh na húdaráis sin a bheith comhlachaithe leis na socruithe comhroinnte faisnéise, agus maidir le gnéithe oibríochtúla, lena n-áirítear úsáid ardán TF tiomnaithe.

3. Tabharfaidh eintitis airgeadais fógra d'údaráis inniúla maidir lena rannpháirtíocht sna socruithe comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 1, tar éis bhailíochtú a mballraíochta, nó, mar is infheidhme, maidir le scor a mballraíochta, a thúisce a bheidh éifeacht leis an scor sin.

CAIBIDIL VII

ÚDARÁIS INNIÚLA

Airteagal 41

Údaráis inniúla

Gan dochar do na forálacha maidir leis an gCreat Formhaoirseachta le haghaidh soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla dá dtagraítear i Roinn II de Chaibidil V den Rialachán seo, maidir le comhlíonadh na n- oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, is iad na húdaráis inniúla seo a leanas a áiritheoidh é sin i gcomhréir leis na cumhachtaí a dheonaítear leis na gníomhartha ábhartha dlí:

(a) maidir le hinstitiúidí creidmheasa, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2013/36/AE, gan dochar do na cúraimí sonracha a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;

(b) maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2015/2366;

(c) maidir le hinstitiúidí íocaíochta leictreonaí, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 37 de Threoir 2009/110/CE;

(d) maidir le gnólachtaí infheistíochta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir (AE) 2019/2034;

(e) maidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, eisitheoirí criptea-shócmhainní, eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha agus eisitheoirí licíní sócmhainn-tagartha suntasacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir leis an gcéad fhleasc de phointe (ee) d'Airteagal 3 (1) de [*Rialachán (AE) 20xx, Rialachán MICA*];

---

48 I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

49 Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe comhair cothrománacha, 2011/C 11/01.

(f) maidir le taisclanna lárnacha urrús, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(g) maidir le contrapháirtithe lárnacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(h) maidir le hionaid trádála agus soláthraithe seirbhíse tuairiscithe sonraí, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 67 de Threoir 2014/65/AE;

(i) maidir le stórtha trádála, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(j) maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 44 de Threoir 2011/61/AE;

(k) maidir le cuideachtaí bainistíochta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 97 de Threoir 2009/65/CE;

(l) maidir le gnóthais árachais agus athárachais, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir 2009/138/CE;

(m) maidir le hidirghabhálaithe árachais, maidir le hidirghabhálaithe athárachais agus maidir le hidirghabhálaithe árachais coimhdeacha, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir (AE) 2016/97;

(n) maidir le hinstitiúidí le haghaidh pinsin scoir ceirde, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 47 de Threoir 2016/2341;

(o) maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009;

(p) maidir le hiniúchóirí reachtúla agus gnólachtaí iniúchóireachta, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 3(2) agus le hAirteagal 32 de Threoir 2006/43/CE;

(q) maidir le riarthóirí tagarmharcanna criticiúla, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 41 de *Rialachán xx/202x*;

(r) maidir le soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le *hAirteagal x de Rialachán xx/202x*;

(s) maidir le stórtha urrúsúcháin, an t-údarás inniúil a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2017/2402.

Airteagal 42

Comhar le struchtúir agus údaráis a bhunaítear le Treoir (AE) 2016/1148

1. Chun comhar a chothú agus malartuithe maoirseachta a chumasú idir na húdaráis inniúla a ainmnítear faoin Rialachán seo agus an Grúpa Comhair a bhunaítear le hAirteagal 11 de Threoir (AE) 2016/1148, féadfaidh ÚMEnna agus na húdaráis inniúla a iarraidh go dtabharfaí cuireadh dóibh a bheith páirteach i bhfeidhmiú an Ghrúpa Comhair.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla dul i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis an bpointe teagmhála aonair agus leis na Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9 faoi seach de Threoir (AE) 2016/1148.

Airteagal 43

Cleachtaí, cumarsáid agus comhar trasearnála airgeadais

1. Féadfaidh ÚMEnna, tríd an gComhchoiste agus i gcomhar leis na húdaráis inniúla, le BCE, agus le BERS, sásraí a bhunú ionas gur féidir cleachtais éifeachtacha a chomhroinnt ar fud na n-earnálacha airgeadais chun an fheasacht staide a fheabhsú agus cibirleochaileachtaí comhchoiteanna agus rioscaí ar fud na n-earnálacha a shainaithint.

   Féadfaidh siad le cleachtaí bainistithe géarchéime agus teagmhasacha a fhorbairt lena mbaineann cásanna cibirionsaí d'fhonn cainéil chumarsáide a fhorbairt agus freagairt chomhordaithe éifeachtach a chumasú ar an leibhéal Eorpach i gcás mórtheagmhas trasteorann a bhaineann le TFC nó i ndáil le bagairt eile ag a bhfuil tionchar sistéamach ar earnáil airgeadais an Aontais ina hiomláine.

   Leis na cleachtaí sin, féadfar mar is iomchuí, spleáchais na hearnála airgeadais ar earnálacha eacnamaíocha eile a thástáil.

2. Comhoibreoidh údaráis inniúla, ÚBE, ESMA nó ÚEÁPC agus BCE go dlúth le chéile agus malartóidh siad faisnéis eatarthu féin chun a ndualgais de bhun Airteagal 42 go hAirteagal 48 a dhéanamh. Déanfaidh siad a gcuid maoirseachta a chomhordú go dlúth chun sáruithe ar an Rialachán seo a shainaithint agus a réiteach, chun dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun comhoibriú a éascú, chun comhsheasmhacht maidir le léirmhíniú a chothú agus chun measúnuithe trasdlínse a sholáthar i gcás aon easaontuithe.

Airteagal 44

Pionóis riaracháin agus bearta feabhais

1. Na cumhachtaí maoirseachta, imscrúdaitheacha agus smachtbhannaí uile is gá do na údaráis inniúla chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, is cumhachtaí iad a bheidh faoin Rialachán seo.

2. Beidh ar a laghad na cumhachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh san áireamh sna cumhachtaí dá dtagraítear i mír 1:

   (a) rochtain a fháil ar aon doiciméad nó sonraí a shealbhaítear in aon fhoirm agus a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha chun a dhualgais a fheidhmiú agus cóip den mhéid sin a fháil nó a dhéanamh;

   (b) cigireachtaí nó imscrúduithe a dhéanamh ar an láthair;

   (c) bearta ceartaitheacha agus feabhais a éileamh le haghaidh sáruithe ar cheanglais an Rialacháin seo.

3. Gan dochar do cheart na mBallstát pionóis choiriúla a fhorchur de réir Airteagal 46, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha lena mbunófar pionóis riaracháin iomchuí agus bearta feabhais i gcás sáruithe ar an Rialachán seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad.

   Beidh na pionóis agus na bearta sin éifeachtach comhréireach athchomhairleach.

4. Tabharfaidh na Ballstáit an chumhacht d'údaráis inniúla na pionóis riaracháin nó na bearta feabhais seo a leanas ar a laghad a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar an Rialachán seo:

(a) ordú a eisiúint ina n-éilítear ar an duine nádúrtha nó dlítheanach scor den iompraíocht agus staonadh ón iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;

(b) a éileamh go scoirfear go sealadach nó go buan d'aon chleachtas nó iompraíocht a mheasann an t-údarás inniúil a bheith contrártha le forálacha an Rialacháin seo, agus cosc a chur ar an gcleachtas nó ar an iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;

(c) aon chineál birt a ghlacadh, lena n-áirítear de chineál airgid, chun a áirithiú go leanfaidh eintitis airgeadais de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dlí;

(d) a mhéid a cheadaítear leis an dlí náisiúnta, taifid de thrácht sonraí atá ann cheana agus a shealbhaíonn oibreoir teileachumarsáide a éileamh, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann go bhfuil sárú á dhéanamh ar an Rialachán seo agus i gcás ina bhféadfaidh na taifid sin a bheith ábhartha d'imscrúdú ar sháruithe ar an Rialachán seo; agus

(e) fógraí poiblí a eisiúint, lena n-áirítear ráitis phoiblí lena léirítear céannacht an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh agus cineál an tsáraithe.

5. I gcás ina bhfuil feidhm ag na forálacha dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 agus i mír 4 maidir le daoine dlítheanacha, tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis inniúla na pionóis riaracháin agus na bearta feabhais a chur i bhfeidhm, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, maidir le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta, agus maidir le daoine aonair eile atá freagrach as an sárú faoin dlí náisiúnta.

6. Aon chinneadh lena bhforchuirtear pionóis riaracháin nó bearta feabhais a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 2, áiritheoidh na Ballstáit gur cinneadh é a bheidh réasúnaithe mar is ceart, sin agus go mbeidh sé faoi réir cheart an achomhairc.

Airteagal 45

Feidhmiú na cumhachta chun pionóis riaracháin agus bearta feabhais a fhorchur

1. De réir mar is iomchuí, feidhmeoidh údaráis inniúla na cumhachtaí chun pionóis riaracháin agus bearta feabhais a fhorchur dá dtagraítear in Airteagal 44 i gcomhréir lena gcreataí dlí náisiúnta:

(a) go díreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile;

(c) faoin bhfreagracht atá orthu trí tharmligean chuig údaráis eile;

(d) trí iarratas a dhéanamh chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

2. Nuair atá an cineál agus leibhéal pionóis riaracháin nó birt feabhais atá le forchur faoi Airteagal 44 á gcinneadh acu, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh an d'aon ghnó nó an de thoradh ar fhaillí a rinneadh an sárú maille leis na himthosca ábhartha uile eile, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí:

(a) ábharthacht, troime na cúise, agus fad an tsáraithe;

(b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú;

(c) acmhainn airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach;

(d) méid na mbrabús a ghnóthaigh an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach nó méid na gcaillteanas a sheachain an duine sin, a mhéid is féidir a gcinneadh;

(e) caillteanais tríú páirtithe de dheasca an tsáraithe, a mhéid is féidir a gcinneadh;

(f) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá le haisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin, nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain an duine sin, a áirithiú;

(g) sáruithe eile roimhe seo a rinne an duine nádúrtha nó ag an duine dlítheanach atá freagrach.

Airteagal 46

Pionóis choiriúla

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan rialacha a leagan síos maidir le smachtbhannaí riaracháin nó bearta feabhais i gcás sáruithe atá faoi réir pionóis choiriúla faoina ndlí náisiúnta féin.

2. I gcás inar chinn Ballstáit pionóis choiriúla a leagan síos as sárú ar an Rialachán seo, áiritheoidh siad go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm ionas go mbeidh na cumhachtaí uile is gá ag na húdaráis inniúla chun idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha, le húdaráis ionchúisimh, nó le húdaráis um cheartas coiriúil laistigh dá ndlínse chun faisnéis shonrach a fháil i ndáil le himscrúduithe nó imeachtaí coiriúla a thionscnaítear de dheasca sáruithe ar an Rialachán seo agus chun an fhaisnéis chéanna a sholáthar d'údaráis inniúla eile agus do ÚBE, do ESMA nó do ÚEÁPC chun a n-oibleagáidí i gcomhoibriú le chéile chun críocha an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

Airteagal 47

Dualgais fógartha

Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme, lena n- áirítear aon fhorálacha ábhartha den dlí coiriúil, don Choimisiún, ESMA, ÚBE agus ÚEÁPC faoin [*IO: cuir isteach an dáta 1 bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*]. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, ESMA, ÚBE agus ÚEÁPC gan moill mhíchuí faoi aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin orthu.

Airteagal 48

Pionóis riaracháin a fhoilsiú

1. Déanfaidh údaráis inniúla aon chinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin nach bhfuil aon achomharc ina choinne a fhoilsiú gan moill mhíchuí ar a suíomhanna gréasáin oifigiúla tar éis fógra a bheith tugtha do sheolaí an smachtbhanna faoin gcinneadh sin.

2. San fhoilseachán dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoi chineál agus nádúr an tsáraithe agus faoi chéannacht na ndaoine atá freagrach as agus faoi na smachtbhannaí a forchuireadh.

3. Más rud é go measann an t-údarás inniúil, tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh, go mbeadh sé neamhréireach céannacht an duine a fhoilsiú, i gcás daoine dlíthiúla, nó céannacht agus sonraí pearsanta, i gcás daoine nádúrtha, nó go gcuirfí cobhsaíocht

na margaí airgeadais nó saothrú imscrúdaithe choiriúil leanúnaigh i mbaol leis an bhfoilsiú nó go ndéanfaí, a mhéid a fhéadfar sin a chinneadh, díobháil neamhréireach don duine lena mbaineann mar thoradh ar an bhfoilsiú, glacfaidh sé ceann de na réitigh seo a leanas i leith an chinnidh lena bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin:

(a) foilsiú a chinnidh a chur siar go dtí nach ann d'aon chúis gan é a fhoilsiú;

(b) é a fhoilsiú ar bhonn anaithnid, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; nó

(c) gan é a fhoilsiú, i gcás ina meastar nach bhfuil na roghanna a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) leordhóthanach chun a ráthú nach mbeadh aon bhaol ann do chobhsaíocht na margaí airgeadais, nó i gcás nach mbeadh foilsiú den sórt sin i gcomhréir le trócaire an smachtbhanna a fhorchuirtear.

4. I gcás ina ndéantar cinneadh smachtbhanna riaracháin a fhoilsiú ar bhonn anaithnid i gcomhréir le pointe (b) de mhír 3, féadfar foilsiú na sonraí ábhartha a chur siar.

5. I gcás ina ndéanann údarás inniúil cinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin a bhfuil achomharc ina choinne a fhoilsiú os comhair na n-údarás breithiúnach ábhartha, déanfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis sin agus aon fhaisnéis ghaolmhar ina dhiaidh sin maidir le toradh an achomhairc sin a chur ar a suíomh gréasáin oifigiúil láithreach. Aon chinneadh breithiúnach lena gcuirtear cinneadh lena bhforchuirtear pionós riaracháin ar neamhní, foilseofar é freisin.

6. Áiritheoidh údaráis inniúla go bhfanfaidh aon fhoilseachán, dá dtagraítear i míreanna 1 go 4, ar a suíomh gréasáin oifigiúil ar feadh cúig bliana ar a laghad i ndiaidh a fhoilsithe. Ní dhéanfar sonraí pearsanta atá san fhoilseachán a choimeád ar shuíomh gréasáin oifigiúil an údaráis inniúil ach amháin ar feadh na tréimhse is gá i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.

Airteagal 49

Rúndacht ghairmiúil

1. Cuirfear aon fhaisnéis rúnda a gheofar, a mhalartófar nó a tharchuirfear de bhun an Rialacháin seo faoi réir choinníollacha na rúndachta gairmiúla a leagtar síos i mír 2.

2. Tá feidhm ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis na daoine ar fad a oibríonn nó a d'oibrigh do na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo, nó d'aon údarás nó gnóthas margaidh nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ndearna na húdaráis inniúla sin a gcumhachtaí a tharmligean chucu, lena n-áirítear iniúchóirí agus saineolaithe faoi chonradh acu.

3. Ní fhéadfar faisnéis atá cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil a nochtadh d'aon duine nó údarás eile seachas de bhua forálacha a leagtar síos le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

4. Maidir leis an bhfaisnéis uile a dhéantar a mhalartú idir na húdaráis inniúla faoin Rialachán seo agus a bhaineann le dálaí gnó nó oibríochtúla agus le gnóthaí pearsanta nó eacnamaíocha eile, measfar gur faisnéis rúnda í agus cuirfear í faoi réir cheanglais na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina sonraíonn an t-údarás inniúil tráth na cumarsáide go bhféadfar an fhaisnéis sin a nochtadh nó i gcás ina bhfuil an nochtadh sin riachtanach le haghaidh imeachtaí dlíthiúla.

CAIBIDIL VIII

GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

Airteagal 50

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 38(2) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 28(3) agus in Airteagal 38(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A thúisce a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28(3) agus Airteagal 38(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

ROINN I

Airteagal 51

Clásal i dtaca le hathbhreithniú

Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le ÚBE, ESMA,

ÚEÁPC, agus BERS, mar is iomchuí, athbhreithniú agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus, más iomchuí, togra reachtach ag gabháil léi, maidir leis na critéir a bhaineann le soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a ainmniú in Airteagal 28(2).

ROINN II

LEASUITHE

Airteagal 52

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de phointe 4 de Roinn A:

> ‘Beidh nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta slán, sásraí rialaithe inmheánaigh slána, nósanna imeachta éifeachtacha maidir le measúnú riosca, agus socruithe éifeachtacha rialaithe agus cosanta ag gníomhaireacht rátála creidmheasa chun córais TFC a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [DORA].
>
> (*) Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle […] (IO L XX, LL.MM.BBBB, lch. X).’.

Airteagal 53

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

> ‘3. Coinneoidh agus oibreoidh contrapháirtí lárnach struchtúr eagraíochtúil a áirithíonn leanúnachas agus feidhmiú ordúil i gcomhlíonadh a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí. Bainfidh sé leas as córais, acmhainní agus nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach, lena n- áirítear córais TFC a bhainistítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [DORA].
>
> (*) Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle […] (IO L XX, LL.MM.BBBB, lch. X).’;

(b) scriostar mír 6;

(2) Leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> ‘1. Déanfaidh contrapháirtí lárnach beartas leormhaith um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, ina mbeidh pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste TFC a chuirtear ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx [DORA] san áireamh, arb é is aidhm dóibh a

chuid feidhmeanna a choinneáil slán, oibríochtaí a athshlánú go tráthúil agus oibleagáidí an chontrapháirtí lárnaigh a chomhlíonadh';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'D'fhonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, déanfaidh ESMA, tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonraítear inneachar agus ceangaltais íosta an bheartais um leanúnachas gnó agus an phlean athshlánaithe ó thubaiste, seachas pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste TFC';

(3) in Airteagal 56, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:

'3. D'fhonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar, seachas i gcás na gceanglas i ndáil le bainistíocht rioscaí TFC, mionsonraí an iarratais ar chlárú dá dtagraítear i mír 1';

(4) in Airteagal 79, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Aithneoidh stór trádála na foinsí riosca oibríochtúil go léir agus déanfaidh sé iad a íoslaghdú trí chórais, rialuithe agus nósanna imeachta atá iomchuí a fhorbairt, lena n- áirítear córais TFC a bhainistítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx *[DORA*].

2. Déanfaidh stór trádála beartas leormhaith um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe ó thubaiste lena n- áirítear pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste TFC a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx*[DORA]*, a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil, arb é is aidhm dóibh a fheidhmeanna a choinneáil, a oibríochtaí a athshlánú go tráthúil, agus oibleagáidí an stóir trádála a chomhlíonadh';

(5) in Airteagal 80, scriostar mír 1.

Airteagal 54

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

Leasaítear Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Sainaithneoidh TLU na foinsí a bhaineann le riosca oibríochtúil, idir inmheánach agus seachtrach, agus íoslaghdóidh sé a dtionchar freisin trí úsáid a bhaint as uirlisí, próisis agus beartais TFC iomchuí a chuirtear ar bun agus a bhainistítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[*DORA*], agus trí aon uirlisí, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí ábhartha eile maidir le cineálacha rioscaí oibríochtúla eile, lena n- áirítear le haghaidh na gcóras socraíochta urrús go léir a oibreoidh sé.

(*) Rialachán (AE) 2021/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle […] (IO L XX, LL.MM.BBBB, lch. X).';

(2) scriostar mír 2;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. Le haghaidh na seirbhísí a sholáthraíonn sé agus le haghaidh gach córais socraíochta urrús a oibreoidh sé, déanfaidh TLU plean leormhaith um leanúnachas gnó agus plean leormhaith athshlánaithe ó thubaiste, lena n- áirítear pleananna um leanúnachas gnó TFC agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste TFC a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/xx[DORA] a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ionas go n- áiritheofar caomhnú a sheirbhísí, athshlánú tráthúil na n- oibríochtaí agus comhlíonadh oibleagáidí TLU i gcás imeachtaí lena mbainfeadh riosca suntasach go gcuirfí isteach ar oibríochtaí.

4. Leis an bplean dá dtagraítear i mír 3, déanfar foráil maidir le hathshlánú gach idirbhirt agus gach seasaimh rannpháirtí tráth an chur isteach ionas go bhféadfaidh rannpháirtithe TLU leanúint orthu ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta, lena n- áirítear trína áirithiú go mbeifear in ann córais TF chriticiúla a chur ag obair ó thráth an chur isteach dá bhforáiltear i míreanna (5) agus (7) d’Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/xx [DORA].’;

(4) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre*:*

‘Sainaithneoidh agus bainisteoidh TLU na rioscaí ó thaobh a oibríochtaí a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil le príomh- rannpháirtithe sna córais socraíochta urrús a oibreoidh sé, agus le soláthraithe seirbhísí agus fóntais, le TLUnna eile nó le bonneagair eile mhargaidh agus déanfaidh sé faireachán orthu. Cuirfidh sé faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla agus ábhartha maidir le haon riosca den chineál sin a shainaithneofar, ach a n-iarrfar sin. Cuirfidh sé an t- údarás inniúil agus na húdaráis ábhartha ar an eolas freisin gan mhoill faoi aon imeacht oibríochtúil a eascróidh as rioscaí den chineál sin, seachas i ndáil le riosca TLU.’;

(5) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre*:*

‘Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le comhaltaí CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun go saineofar na rioscaí oibríochtúla dá dtagraítear i míreanna 1 agus 6, seachas rioscaí TLU, na modhanna chun na rioscaí sin a thástáil, chun dul i ngleic leo nó chun iad a íoslaghdú, lena n- áirítear na beartais um leanúnachas gnó agus na pleananna athshlánaithe ó thubaiste dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus na modhanna chun measúnú a dhéanamh orthu.’.

Airteagal 55

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 27g mar a leanas:

(a) scriostar mír 4;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

(c) ‘(c) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i míreanna 3 agus 5.’;

(2) Leasaítear Airteagal 27h mar a leanas:

(a) scriostar mír 5;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i mír 4.’;

(3) Leasaítear Airteagal 27i mar a leanas:

(a) scriostar mír 3;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na ceanglais eagraíochtúla nithiúla a leagtar síos i míreanna 2 agus 4.’.

Airteagal 56

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta – 12 mhí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm*].

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 23 agus 24 ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta – 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Cineál an togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

Iarscríbhinn

Toimhdí Ginearálta

Cumhachtaí formhaoirseachta

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'GNÍOMHAIREACHTAÍ'

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hAthléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil na hearnála airgeadais.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimse beartais: Cobhsaíocht airgeadais, seirbhísí airgeadais agus aontas na margaí caipitil Gníomhaíocht: An Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil

1.3. Baineann an togra le

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[50]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir ginearálta don tionscnamh athléimneacht dhigiteach oibríochtúil eintitis earnáil airgeadais an Aontais a neartú trí na rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú agus a thabhairt cothrom le dáta agus trí cheanglais nua a thabhairt isteach mar a bhfuil bearnaí. Leis sin, chuirfí feabhas freisin ar an Leabhar Rialacha Aonair ó thaobh a ghné digití de. Is féidir an cuspóir foriomlán a struchtúrú i dtrí chuspóir ghinearálta: (1) an riosca a bhaineann le cur isteach airgeadais agus le héagobhsaíocht airgeadais a laghdú, (2) an t- ualach riaracháin a laghdú agus éifeachtacht maoirseachta a mhéadú, agus (3) cosaint na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí a mhéadú.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an togra: Dul i ngleic le rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ("TFC") ar bhealach níos cuimsithí agus leibhéal foriomlán athléimneacht dhigiteach na hearnála airgeadais a neartú; Tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC a chuíchóiriú agus aghaidh a thabhairt ar cheanglais tuairiscithe fhorluiteacha; Rochtain a thabhairt do mhaoirseoirí airgeadais ar fhaisnéis faoi theagmhais a bhaineann le TFC;

[50] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

A áirithiú go ndéanfaidh eintitis airgeadais a chumhdaítear leis an togra seo measúnú ar éifeachtacht a mbeart coisctheach agus athléimneachta agus leochaileachtaí a bhaineann le TFC a shainaithint;

Ilroinnt an mhargaidh aonair a laghdú agus inghlacthacht torthaí tástála ar leibhéal trasteorann a chumasú.

Na coimircí conarthacha a neartú d'eintitis airgeadais agus seirbhísí TFC á n- úsáid, lena n- áirítear le haghaidh rialacha seachfhoinsithe (rialú a dhéanamh ar an bhfaireachán a dhéantar ar sholáthraithe TFC tríú páirtí);

A chumasú go bhféadfar formhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla;

Malartú faisnéise bagartha san earnáil airgeadais a dhreasú.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Le gníomh maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais, d'áiritheofaí creat cuimsitheach lena gcumhdaítear na gnéithe uile den athléimneacht dhigiteach oibríochtúil agus bheadh sé éifeachtach ó thaobh athléimneacht oibríochtúil fhoriomlán na hearnála airgeadais a fheabhsú. Leis sin, chosnófaí an tsoiléire agus an comhtháthú laistigh den Leabhar Rialacha Aonair.

Ina theannta sin, bheadh an t- idirghníomhú leis an Treoir maidir le Cibearshlándáil agus an t- athbhreithniú lena mbaineann níos soiléire agus níos comhtháite mar gheall air sin. Leis sin, thabharfaí soiléire d'eintitis airgeadais i leith na rialacha éagsúla maidir leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil nach mór dóibh a chomhlíonadh, go háirithe do na heintitis airgeadais sin a bhfuil údaruithe leithleacha ina seilbh acu agus a oibríonn i margaí difriúla laistigh den Aontas.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Táscairí féideartha:

Líon na dteagmhas a bhaineann le TFC san earnáil airgeadais agus an tionchar atá orthu

Líon na mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thuairiscítear do mhaoirseoirí stuamachta

Líon na n- eintiteas airgeadais a gcuirfí de cheangal orthu tástálacha treáite bunaithe ar bhagairtí ("TLPTanna") a dhéanamh

Líon na n- eintiteas airgeadais a úsáideann Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha chun dul i mbun socruithe conarthacha le soláthraithe TFC tríú páirtí

Líon na soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla a ndéanann ÚMEnna/na maoirseoirí stuamachta formhaoirseacht orthu

Líon na n- eintiteas airgeadais atá páirteach i réitigh um chomhroinnt faisnéise faoi bhagairtí

Líon na n- údarás a fhaigheann tuarascálacha ar an teagmhas TFC céanna

Líon na TLPTanna trasteorann

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

Bíonn an earnáil airgeadais ag brath go mór ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC). D'ainneoin an dul chun cinn suntasach a rinneadh trí thionscnaimh spriocdhírithe bheartais agus reachtaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, rioscaí TFC sin dúshlán leanúnach roimh athléimneacht oibríochtúil, feidhmíocht agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais. Leis an athchóiriú a lean géarchéim airgeadais 2008, neartaíodh athléimneacht airgeadais earnáil airgeadais an Aontais go príomha, agus ba é ab aidhm dó iomaíochas agus cobhsaíocht an Aontais a chosaint ó thaobh gnéithe eacnamaíocha, stuamachta agus iompraíochta sa mhargadh de. Cé gur cuid den riosca oibríochtúil iad an tslándáil TFC agus an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil fhoriomlán, ba lú a díríodh orthu sa chlár oibre rialála iar- ghéarchéime, agus níor forbraíodh iad ach amháin i réimsí áirithe beartas agus rialachán

maidir le margaí airgeadais an Aontais, nó i mbeagán Ballstát. Fágann sin gurb ann do na dúshláin seo a leanas nach mór dul i ngleic leo sa togra:

Tá creat dlíthiúil an Aontais lena gcumhdaítear riosca TFC agus an athléimneacht oibríochtúil ar fud na hearnála airgeadais roinnte ina bhloghanna agus níl sé iomlán comhsheasmhach.

Nuair nach ann do cheanglais tuairiscithe chomhsheasmhacha maidir le teagmhais a bhaineann le TFC, is amhlaidh gur forléargas neamhiomlán atá ag maoirseoirí ar chineál, minicíocht, tábhacht agus tionchar na dteagmhas.

Bíonn ar eintitis airgeadais áirithe dul i ngleic le forluí casta agus ceanglais tuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith neamhréireach le haghaidh an teagmhais chéanna a bhaineann le TFC.

De dheasca comhroinnt faisnéise neamh- leordhóthanach agus comhar neamh- leordhóthanach maidir le hintleacht chibearbhagartha ar leibhéal straitéiseach, oirbheartaíoch agus oibríochtúil, cuirtear cosc ar eintitis airgeadais aonair measúnú agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar chibearbhagairtí, cosaint leordhóthanach a dhéanamh ina n- aghaidh agus freagairt leordhóthanach a thabhairt orthu.

I bhfo- earnálacha airgeadais áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh creataí tástála treáite agus athléimneachta iomadúla agus neamh- chomhordaithe ann, gan aon aitheantas trasteorann a bheith á thabhairt do thorthaí ach oiread, fad atá ganntanas creata tástála i bhfo- earnálacha eile.

De dheasca ghanntanas na léargas maoirseachta i dtaobh gníomhaíochtaí eintiteas airgeadais a sholáthraíonn soláthraithe TFC tríú páirtí, tá eintitis airgeadais ina n- aonar, agus an córas airgeadais ina iomláine, i mbaol rioscaí oibríochtúla.

Níl sainordú leordhóthanach ag maoirseoirí airgeadais, ná níl na huirlisí acu chun faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí maidir le comhchruinniú agus ar rioscaí sistéamacha a eascraíonn as spleáchas eintiteas airgeadais ar thríú páirtí TFC.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mba ag feidhmiú as a stuaim féin a bheadh na Ballstáit.

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante):

Is ceist leasa choitinn í an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil do mhargaí airgeadais an Aontais. Thiocfadh buntáistí níos mó agus breisluach as beart a dhéantar ar leibhéal an Aontais ná mar a thiocfadh as beart ar leithligh a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta. Gan na forálacha oibríochtúla sin maidir le riosca TFC a chur isteach, leis an Leabhar Rialacha Aonair sholáthrófaí na huirlisí chun dul i ngleic le gach cineál eile riosca ar an leibhéal Eorpach, ach d'fhágfaí na gnéithe den athléimneacht dhigiteach oibríochtúil ar lár nó chuirfí faoi réir tionscnaimh neamh- chomhordaithe agus ilroinnte ar leibhéal náisiúnta iad. Leis an togra, sholáthrófaí soiléireacht dhlíthiúil faoi cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag forálacha oibríochtúla digiteacha agus faoin dóigh a bhfuil feidhm acu, go háirithe maidir le heintitis airgeadais trasteorann, agus chuirfí deireadh leis an ngá atá ann go bhfeabhsódh Ballstáit aonair rialacha, caighdeáin agus ionchais maidir leis an athléimneacht oibríochtúil agus leis an gcibearshlándáil mar fhreagairt ar an gcumhdach teoranta reatha ar rialacha an Aontais agus ar chineál ginearálta na Treorach maidir le Cibearshlándáil.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (ex post): Le hidirghabháil an Aontais, mhéadófaí éifeachtacht an bheartais go suntasach agus laghdófaí an chastacht agus d'éascófaí an t- ualach airgeadais agus riaracháin ar gach eintiteas airgeadais. Leis sin, dhéanfaí réimse den gheilleagar atá thar a bheith idirnasctha agus comhtháite agus a bhaineann tairbhe cheana as sraith aonair rialacha agus maoirseachta a chomhchuibhiú freisin. Ó thaobh tuairisciú teagmhas a bhaineann le TFC de, leis an togra laghdófaí an t- ualach tuairiscithe – agus na costais intuigthe – a bhaineann leis an teagmhas céanna a bhaineann le TFC a bheith á thuairisciú chuig údaráis éagsúla de chuid an Aontais agus/nó náisiúnta. Ina theannta sin, éascófar leis an togra aitheantas/inghlacthacht fhrithpháirteach torthaí tástála eintiteas a oibríonn ar leibhéal trasteorann agus atá faoi réir creataí tástála iomadúla i mBallstáit éagsúla.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tionscnamh nua

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá cuspóir an togra seo i gcomhréir le roinnt beartais eile de chuid an Aontais agus le roinnt tionscnaimh leanúnacha eile, go háirithe an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (an Treoir maidir le Cibearshlándáil) agus an Treoir maidir le Bonneagar Criticiúil Eorpach. Leis an togra, choinneofaí na tairbhí a bhaineann leis an gcreat cothrománach maidir le cibearshlándáil ach na trí fho- earnáil airgeadais a choimeád laistigh den Treoir maidir le Cibearshlándáil. Trí bheith bainteach le héiceachóras um shlándáil gréasáin agus faisnéise i gcónaí, bheadh maoirseoirí airgeadais in ann faisnéis ábhartha a mhalartú le húdaráis um shlándáil gréasáin agus faisnéise agus a bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise. Ní bheadh tionchar ag an togra ar an Treoir maidir le Cibearshlándáil ach is amhlaidh a chuirfeadh sí leis an togra agus a thabharfaí aghaidh ar fhorluí féideartha trí dhíolúine lex specialis. Leanfaí den idirghníomhaíocht idir an rialachán maidir le seirbhísí airgeadais agus Treoir NIS a rialú trí chlásal lex specialis, rud a d'fhágfadh go mbeadh eintitis airgeadais díolmhaithe ó cheanglais shubstainteacha sa Treoir maidir le Cibearshlándáil agus go seachnófaí forluí idir an dá ghníomh. Ina theannta sin, tá an togra comhsheasmhach leis an Treoir maidir le Bonneagar Criticiúil Eorpach ar a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair chun feabhas a chur ar chosaint agus athléimneacht bonneagair chriticiúil in aghaidh bagairtí nach mbaineann leis an gcibearshlándáil.

Ní bheadh tionchar ag an togra seo ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). Ar an gcéad dul síos, déanfar an Creat Formhaoirseachta de chuid soláthraithe TFC tríú páirtí criticiúla a mhaoiniú ina iomláine le táillí a thoibheofar ó na soláthraithe sin; ar an dara dul síos, déanfar na cúraimí rialála breise i ndáil leis an athléimneacht dhigiteach oibríochtúil atá faoi chúram ÚMEnna a áirithiú trí athshannadh a dhéanamh ar chúraimí na foirne atá ann cheana.

Beidh togra ann chun foireann údaraithe na gníomhaireachta a mhéadú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil amach anseo mar thoradh air sin. Leanfaidh an ghníomhaireacht air ag oibriú chun sineirgí agus gnóthachain éifeachtúlachta a uasmhéadú (inter alia via córais TF), agus d'fhaireachán géar a dhéanamh ar an ualach oibre breise a bhaineann leis an togra seo, rud a léireofaí i leibhéal na foirne údaraithe a d'iarr an ghníomhaireacht sa nós imeachta buiséadach bliantúil.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Breithníodh roghanna airgeadais leithleacha:

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí na costais bhreise a chistiú trí ghnáthshásra airgeadais ÚMEnna. Mar sin féin, bheadh méadú substaintiúil ar ranníocaíocht an Aontais le hacmhainní airgeadais ÚMEnna i gceist leis sin.

Tá an rogha sin á déanamh le haghaidh na gcostas a bhaineann leis na cúraimí rialála a ghabhann leis an togra seo. Go deimhin, iarrfar ar ÚMEnna athshannadh a dhéanamh ar chúraimí na foirne atá ann cheana chun roinnt caighdeáin theicniúla a fhorbairt. Mar sin féin, na costais bhreise a bhaineann le formhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe tríú páirtí criticiúla, is costais iad nach bhféadfaí a sheasamh trí acmhainní a athshannadh laistigh de ÚMEnna a bhfuil cúraimí eile orthu anuas ar na cúraimí atá beartaithe faoin togra seo agus faoi phíosaí eile de reachtaíocht an Aontais. De bhreis air sin, tá gá le heolas agus saineolas teicniúil sonrach chun cúraimí formhaoirseachta i ndáil le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil leibhéal reatha na n- acmhainní sin in ÚMEnna neamh- leordhóthanach, teastaíonn acmhainní breise.

Ar deireadh, de réir an togra, gearrfar táillí ó sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla atá faoi réir na formhaoirseachta. Is é is aidhm dóibh cumhdach a dhéanamh ar na hacmhainní breise uile atá ag teastáil ó ÚMEnna chun a gcúraimí nua agus a gcumhachtaí nua a fheidhmiú.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [DD/MM]YYYY go dtí an [DD/MM]YYYY

☐ An tionchar airgeadais ó BBBB go dtí BBBB

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2021

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[51]

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún trí

☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí atá á rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Neamhbhainteach

[51] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart maille leis na coinníollacha atá leo

I gcomhréir leis na socruithe atá ann cheana, ullmhaíonn ÚMEnna tuarascálacha rialta ar a ngníomhaíocht (lena n- áirítear tuairisciú inmheánach don Ardbhainistíocht, tuairisciú do Bhoird agus an tuarascáil bhliantúil a thabhairt ar aird), agus tá siad faoi réir iniúchtaí a dhéanann an Chúirt Iniúchóirí agus an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin maidir leis an úsáid a bhaineann siad as acmhainní agus maidir lena bhfeidhmíocht. An faireachán agus an tuairisciú a dhéantar ar na bearta a áirítear sa togra, beidh siad i gcomhréir leis na ceanglais atá ann cheana agus le haon cheanglais nua a leanann as an togra seo.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Is go hindíreach trí ÚMEnna a dhéanfar an bhainistíocht. Chuirfí an sásra maoiniúcháin chun feidhme trí tháillí a thoibheofar ó na soláthraithe TFC tríú páirtí lena mbaineann.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

I ndáil leis an úsáid dhlíthiúil, eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach a bhaintear as leithreasuithe a leanann as an togra, meastar nach dtabharfaí rioscaí suntasacha nua isteach leis an togra nach gcumhdófaí le creat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúshlán nua ag baint lena áirithiú go ndéanfar táillí a bhailiú go tráthúil ó na soláthraithe TFC tríú páirtí.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth déanta na híocaíochtaagus tráth dúnta an chláir)

Na córais bhainistithe agus rialaithe dá bhforáiltear i Rialacháin ÚMEnna, is córais iad atá curtha chun feidhme cheana. Oibríonn ÚMEnna go dlúth leis an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin lena áirithiú go gcloítear leis na caighdeáin iomchuí i ngach réimse den chreat rialaithe inmheánaigh. Beidh feidhm ag na socruithe sin freisin maidir le ról ÚMEnna de réir an togra reatha. Ina theannta sin, gach bliain airgeadais, deonaíonn Parlaimint na hEorpa, tar éis moladh ón gComhairle, urscaoileadh ar gach ÚME chun a bhuiséad a chur chun feidhme.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Chun calaois, éillitheacht agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac, tá feidhm ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) maidir le ÚMEnna gan aon srian.

Tá straitéis thiomnaithe frith- chalaoise ag ÚMEnna agus plean gníomhaíochta dá thoradh sin. Beidh gníomhaíochtaí neartaithe ÚMEnna sa réimse frithchalaoise i gcomhréir leis na rialacha agus leis an treoir dá bhforáiltear leis an Rialachán Airgeadais (bearta frithchalaoise mar chuid de bhainistíocht fhónta airgeadais), le beartais OLAF um chosc calaoise, leis na forálacha dá bhforáiltear le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (COM(2011)376) agus mar a leagtar amach leis an gCur Chuige Coiteann i ndáil le gníomhaireachtaí díláraithe AE (Iúil 2012) agus sa treochlár gaolmhar.

Ina theannta leagtar amach sna Rialacháin lena mbunaítear ÚMEnna agus i Rialacháin Airgeadais ÚMEnna na forálacha maidir le buiséid agus rialacha airgeadais infheidhme ÚMEnna a chur chun feidhme agus a rialú, lena n- áirítear iad sin atá dírithe ar chalaois agus neamhrialtachtaí a chosc.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[52].	ó thíortha de chuid CSTE[53]	ó thíortha is iarrthóirí[54]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais

[52] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[53] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[54] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal

Ard- Stiúrthóireacht: <..>			2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
	Gealltanais	(1)									
	Íocaíochtaí	(2)									
IOMLÁN leithreasuithe d'Ard- Stiúrthóireacht <>	Gealltanais										
	Íocaíochtaí										

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil		

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Ard- Stiúrthóireachtaí:								
• Acmhainní daonna								
• Caiteachas riaracháin eile <>								
IOMLÁN Ard- Stiúrthóireachtaí	Leithreasuithe							

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)							

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) i bpraghsanna tairiseacha

		2022	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais							
	Íocaíochtaí							

3.3.1. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe

☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) i bpraghsanna tairiseacha

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			2022		2023		2024		2025		2026		2027		**IOMLÁN**	
	ASCHUIR															
	Saghas[55]	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[56] …																
- Aschur																
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																
- Aschur																
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																
COSTAS IOMLÁN																

[55] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[56] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

3.3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna

3.3.2.1. Achoimre

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin faoi mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) i bpraghsanna tairiseacha

ÚBE, ÚEÁPC, ESMA	2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD)	1 188	2 381	2 381	2 381	2 381	2 381	13 093
Gníomhairí sealadacha (gráid AST)	0,238	0,476	0,476	0,476	0,476	0,476	2,618
Baill foirne ar conradh							
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht							
IOMLÁN	1 426	2 857	2 857	2 857	2 857	2 857	15 711

Riachtanais foirne (FTE):

ÚBE, ÚEÁPC, ESMA agus EEA	2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Gníomhairí sealadacha (Gráid AD) ÚBE=5, ÚEÁPC=5, ESMA=5	15	15	15	15	15	15	15
Gníomhairí sealadacha (gráid AST) ÚBE=1, ÚEÁPC=1, EEA=1	3	3	3	3	3	3	3
Baill foirne ar conradh							
Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht							
IOMLÁN	**18**	**18**	**18**	**18**	**18**	**18**	**18**

3.3.2.2. Riachtanais mheasta na n-acmhainní daonna don (mháthair)-Ard-Stiúrthóireacht(aí)

☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí ionad deachúlach amháin ar a mhéad)

		2022	2023	2024	2025	2026	2027
• **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**							
• **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[57]							
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón "imchlúdach iomlánaíoch")							
XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 04 ***bb***[58]	- sa Cheanncheathrú[59]						
	- i dtoscaireachtaí						
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN							

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

[57] AC= Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[58] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

[59] Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go príomha.

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

3.3.3. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil atá ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[60].

Mínigh céard leis a bhfuil gá, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. […]

3.3.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

☐ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

☑ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

ÚBE

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Cumhdófar na costais 100 % le táillí a thoibheofar ó na heintitis faoi mhaoirseacht[61]	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313

ÚEÁPC

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Cumhdófar na costais 100 % le táillí a thoibheofar ó na heintitis faoi mhaoirseacht[62]	1 305	1 811	1 611	1 611	1 611	1 611	9 560
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	1 305	1 811	1 611	1 611	1 611	1 611	9 560

ESMA

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán

[60] Féach Airteagail 11 agus 17 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

[61] 100 % den chostas iomlán measta <u>móide</u> ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

[62] 100 % den chostas iomlán measta <u>móide</u> ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

Cumhdófar na costais 100 % le táillí a thoibheofar ó na heintitis faoi mhaoirseacht[63]	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313

3.4. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[64]						
		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na mblianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

63 100 % den chostas iomlán measta <u>móide</u> ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

64 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

IARSCRÍBHINN

Toimhdí Ginearálta

Teideal I – Caiteachas ar phearsanra

Cuireadh na toimhdí sonracha seo a leanas i bhfeidhm agus caiteachas ar phearsanra á ríomh bunaithe ar na riachtanais foirne sainaitheanta a mhínítear thíos:

- Costáiltear an fhoireann bhreise a fhostófar in 2022 ar feadh 6 mhí, i bhfianaise an t- am toimhdithe a bheidh ag teastáil chun an fhoireann bhreise a earcú
- Is é an meánchostas bliantúil do Ghníomhaire Sealadach EUR 150 000, agus EUR 25 000 de chostas 'habillage' (Foirgnimh, TF, etc.) san áireamh
- 117.7 agus 99.4 faoi seach na comhéifeachtaí ceartúcháin atá infheidhme maidir le tuarastal na foirne i bPáras (ÚBE agus ESMA) agus Frankfurt (ÚEÁPC)
- Bunaíodh ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra do Ghníomhairí Sealadacha ar na buntuarastail chaighdeánacha a áirítear sna meánchostais chaighdeánacha bhliantúla, i.e. EUR 95 660
- Is gníomhairí AD5 agus AST iad na Gníomhairí Sealadacha breise.

Teideal II – Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil

Bunaítear costais tríd an líon baill foirne a iolrú faoi chomhréir na bliana a fhostaítear iad faoin gcostas caighdeánach le haghaidh 'habillage', i.e. EUR 25 000.

Teideal III – Caiteachas oibríochtúil

Meastar costais faoi réir na dtoimhdí seo a leanas:

- Is ar EUR 350 000 atá an costas aistriúcháin socraithe in aghaidh na bliana do gach ÚME
- Glactar leis go bhfuil na costais TF aon uaire amháin de EUR 500 000 in aghaidh ÚME curtha chun feidhme thar an dá bhliain 2022 agus 2023 roinnte 50 % - 50 %. Meastar go bhfuil costais chothabhála bhliantúla ó 2024 in aghaidh ÚBE cothrom le EUR 50 000
- Meastar go bhfuil costais mhaoirseachta bhliantúla in aghaidh ÚBE cothrom le EUR 200 000.

De thoradh na meastachán a léirítear anseo thuas, is iad seo a leanas na costais in aghaidh na bliana:

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	

Praghsanna Tairiseacha

ÚBE:			2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Teideal 1:	Gealltanais	(1)	0,498	0,998	0,998	0,998	0,998	0,998	5,488
	Íocaíochtaí	(2)	0,498	0,998	0,998	0,998	0,998	0,998	5,488
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
	Íocaíochtaí	(2 a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000
	Íocaíochtaí	(3b)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000
IOMLÁN na leithreasuithe do ÚBE	Gealltanais	=1+1a +3a	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313

ÚEÁPC:			2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Teideal 1:	Gealltanais	(1)	0,430	0,861	0,861	0,861	0,861	0,861	4,735
	Íocaíochtaí	(2)	0,430	0,861	0,861	0,861	0,861	0,861	4,735
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
	Íocaíochtaí	(2 a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000
	Íocaíochtaí	(3b)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000

IOMLÁN na leithreasuithe do ÚEÁPC	Gealltanais	=1+1a +3a	1,305	1,811	1,611	1,611	1,611	1,611	9,560
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	1,305	1,811	1,611	1,611	1,611	1,611	9,560

ESMA:			2022	2023	2024	2025	2026	2027	**IOMLÁN**
Teideal 1:	Gealltanais	(1)	0,498	0,998	0,998	0,998	0,998	0,998	5,488
	Íocaíochtaí	(2)	0,498	0,998	0,998	0,998	0,998	0,998	5,488
Teideal 2:	Gealltanais	(1a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
	Íocaíochtaí	(2 a)	0,075	0,150	0,150	0,150	0,150	0,150	0,825
Teideal 3:	Gealltanais	(3 a)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000
	Íocaíochtaí	(3b)	0,800	0,800	0,600	0,600	0,600	0,600	4,000
IOMLÁN na leithreasuithe do ESMA	Gealltanais	=1+1a +3a	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313

Éilíonn an togra go n- úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil) i bpraghsanna tairiseacha

ÚBE

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			2022		2023		2024		2025		2026		2027			
	ASCHUIR															
	Saghas[65]	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[66] Formhaoirseacht dhíreach ar sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla																
- Aschur				0,800		0,800		0,600		0,600		0,600		0,600		4,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 ...																
- Aschur																
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																
COSTAS IOMLÁN				**0,800**		**0,800**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**4,000**

ÚEÁPC

Sonraigh na cuspóirí agus na haschuir ⇩			2022		2023		2024		2025		2026		2027			
	ASCHUIR															
	Saghas[67]	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[68] Formhaoirseacht dhíreach ar sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla																
- Aschur				0,800		0,800		0,600		0,600		0,600		0,600		4,000

[65] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[66] Faoi mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

[67] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[68] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1															
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...															
- Aschur															
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2															
COSTAS IOMLÁN		**0,800**		**0,800**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**4,000**	

ESMA

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			2022		2023		2024		2025		2026		2027			
	ASCHUIR															
	Saghas[69]	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[70] Formhaoirseacht dhíreach ar sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla																
- Aschur				0,800		0,800		0,600		0,600		0,600		0,600		4,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																
- Aschur																
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																
COSTAS IOMLÁN				**0,800**		**0,800**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**0,600**		**4,000**

[69] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[70] Faoi mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóir(í) sonracha...'

Déanfar gníomhaíochtaí formhaoirseachta a chistiú go hiomlán le táillí a thoibheofar ó eintitis faoi mhaoirseacht mar a leanas:

ÚBE

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Is le táillí a thoibheofar ó na heintitis atá faoi mhaoirseacht a chumhdófar 100 % de na costais[71]	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	1,373	1,948	1,748	1,748	1,748	1,748	10,313

ÚEÁPC

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Is le táillí a thoibheofar ó na heintitis atá faoi mhaoirseacht a chumhdófar 100 % de na costais[72]	1,305	1,811	1,611	1,611	1,611	1,611	9,560
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe	1,305	1,811	1,611	1,611	1,611	1,611	9,560

ESMA

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Cumhdófar na costais 100 % le táillí a thoibheofar ó na heintitis faoi mhaoirseacht[73]	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	1 373	1 948	1 748	1 748	1 748	1 748	10 313

FAISNÉIS SHONRACH

Cumhachtaí formhaoirseachta díreacha

[71] 100 % den chostas iomlán measta <u>móide</u> ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

[72] 100 % den chostas iomlán measta <u>móide</u> ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

[73] 100 % den chostas iomlán measta móide ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra

I gcruth réamhrá, ba cheart a mheabhrú gur cheart d'eintitis atá faoi réir maoirseacht dhíreach ó ESMA táillí a íoc le ESMA (costais aonuaire chun clárú agus costais athfhillteacha le haghaidh maoirseacht leanúnach). Is amhlaidh atá i gcás gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (féach Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 272/2012 ón gCoimisiún) agus stórtha trádála (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1003/2013 ón gCoimisiún).

Faoin togra reachtach seo, cuirfear cúraimí nua ar ÚMEnna arb é is aidhm dóibh cóineasú a chur chun cinn maidir le cuir chuige sa mhaoirseachta i leith an riosca TFC tríú páirtí san earnáil airgeadais ach soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a chur faoi réir Creat Formhaoirseachta de chuid an Aontais.

Leis an gCreat Formhaoirseachta a bheartaítear leis an togra seo, cuirtear leis an ailtireacht institiúideach atá ann cheana i réimse na seirbhísí airgeadais, rud faoina n- áirithíonn Comhchoiste ÚMEnna comhordú trasearnála i ndáil le gach ábhar a bhaineann le riosca TFC, i gcomhréir lena thascanna i ndáil le cibearshlándáil, le tacaíocht ón bhfochoiste ábhartha (Fóram Formhaoirseachta) a dhéanann obair ullmhúcháin do chinntí aonair agus moltaí comhchoiteanna dírithe ar sholáthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla.

Tríd an gcreat seo, tugtar cumhachtaí do ÚME a ainmnítear ina Príomh- Fhormhaoirseoir le haghaidh gach soláthraí seirbhíse TFC tríú páirtí chriticiúil, cumhachtaí lena áirithiú go ndéantar faireachán leordhóthanach ar scála uile- Eorpach ar sholáthraithe seirbhíse teicneolaíochta a chomhlíonann ról criticiúil maidir le feidhmiú na hearnála airgeadais. Leagtar amach na dualgais formhaoirseachta sa togra, agus déantar iad a shoiléiriú tuilleadh sa mheabhrán míniúcháin. Áirítear orthu sin cearta chun an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha uile a iarraidh chun imscrúduithe agus cigireacht ghinearálta a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí agus tuarascálacha a thíolacadh ina dhiaidh sin maidir leis na bearta a rinneadh, nó leis na réitigh a cuireadh chun feidhme, chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin.

Dá bhrí sin, ionas gur féidir na cúraimí nua a bheartaítear leis an togra seo a dhéanamh, déanfaidh ÚMEnna foireann bhreise a fhostú, foireann atá speisialaithe i riosca TFC agus foireann a dhíríonn ar mheasúnú ar spleáchais tríú páirtithe.

Meastar gurb ionann na riachtanais acmhainní daonna agus 6 FTE i gcás gach údarás (5 ghníomhaire AD agus 1 ghníomhaire AST chun tacú leis na gníomhairí AD). Tabhóidh ÚMEnna costais TF bhreise freisin agus meastar gurb ionann iad agus EUR 500 000 (costais aonuaire) mar aon le EUR 50 000 in aghaidh na bliana le haghaidh gach ceann de na trí ÚME le haghaidh na gcostas cothabhála. Eilimint thábhachtach amháin i ndéanamh na cúram nua is ea na misin chun cigireacht agus iniúchóireacht a dhéanamh ar an láthair, agus meastar gur EUR 200 000 in aghaidh na bliana a bheidh i gceist i gcás gach ÚME. Na costais aistriúcháin le haghaidh na ndoiciméad éagsúil a gheobhadh ÚMEnna ó na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla, déanfar a n-áireamh freisin laistigh den tsraith faoi chostais oibríochtúla, agus is EUR 350,000 in aghaidh na bliana atá i gceist leo.

Na costais riaracháin thuasluaite uile, is ó na táillí bliantúla a thoibheoidh ÚMEnna ó na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí criticiúla a dhéanfar iomlán a gcistithe, soláthraithe a mbíonn formhaoirseacht á déanamh orthu (gan tionchar a imirt ar Bhuiséad an Aontais).